Is áis doiciméadúcháin amháin an téacs seo agus níl aon éifeacht dhlíthiúil aige. Ní ghabhann institiúidí an Aontais aon dliteanas orthu féin i leith inneachar an téacs. Is iad na leaganacha de na gníomhartha a foilsíodh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus atá ar fáil ar an suíomh gréasáin EUR-Lex na leaganacha barántúla de na gníomhartha ábhartha, brollach an téacs san áireamh. Is féidir teacht ar na téacsanna oifigiúla sin ach na naisc atá leabaithe sa doiciméad seo a bhrú

►B

►M28 CINNEADH 2012/642/CBES

ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2012

a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin ◄

(IO L 285, 17.10.2012, lch. 1)

Arna leasú le:

		Iris Oifigiúil		
		Uimh	Leathanach	Dáta
►M1	Council Implementing Decision 2013/248/CFSP of 29 May 2013 (*)	L 143	24	30.5.2013
►M2	Council Decision 2013/308/CFSP of 24 June 2013 (*)	L 172	31	25.6.2013
►M3	Council Decision 2013/534/CFSP of 29 October 2013 (*)	L 288	69	30.10.2013
►M4	Council Implementing Decision 2014/24/CFSP of 20 January 2014 (*)	L 16	32	21.1.2014
►M5	Council Implementing Decision 2014/439/CFSP of 8 July 2014 (*)	L 200	13	9.7.2014
►M6	Council Decision 2014/750/CFSP of 30 October 2014 (*)	L 311	39	31.10.2014
►M7	Council Implementing Decision (CFSP) 2015/1142 of 13 July 2015 (*)	L 185	20	14.7.2015
►M8	Council Implementing Decision (CFSP) 2015/1335 of 31 July 2015 (*)	L 206	64	1.8.2015
►M9	Council Decision (CFSP) 2015/1957 of 29 October 2015 (*)	L 284	149	30.10.2015
►M10	Council Decision (CFSP) 2016/280 of 25 February 2016 (*)	L 52	30	27.2.2016
►M11	Council Decision (CFSP) 2017/350 of 27 February 2017 (*)	L 50	81	28.2.2017
►M12	Council Decision (CFSP) 2018/280 of 23 February 2018 (*)	L 54	16	24.2.2018
►M13	Council Decision (CFSP) 2019/325 of 25 February 2019 (*)	L 57	4	26.2.2019
►M14	Cinneadh (CBES) 2020/214 ón Gcomhairle an 17 Feabhra 2020	L 45	3	18.2.2020
►M15	Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2020/1388 ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2020	L 319 I	13	2.10.2020
►M16	Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2020/1650 ón gComhairle an 6 Samhain 2020	L 370 I	9	6.11.2020
►M17	Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2020/2130 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020	L 426 I	14	17.12.2020
►M18	Cinneadh (CBES) 2021/353 ón gComhairle an 25 Feabhra 2021	L 68	189	26.2.2021
►M19	Cinneadh (CBES) 2021/908 ón gComhairle an 4 Meitheamh 2021	L 197 I	3	4.6.2021
►M20	Cinneadh (AE) 2021/1001 ón gComhairle an 21 Meitheamh 2021	L 219 I	67	21.6.2021
►M21	Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2021/1002 ón gComhairle an 21 Meitheamh 2021	L 219 I	70	21.6.2021
►M22	Cinneadh (CBES) 2021/1031 ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021	L 224 I	15	24.6.2021
►M23	Cinneadh (CBES) 2021/1989 ón gComhairle an 15 Samhain 2021	L 405	8	16.11.2021
►M24	Cinneadh (CBES) 2021/1990 ón gComhairle an 15 Samhain 2021	L 405	10	16.11.2021
►M25	Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2021/2125 ón gComhairle an 2 Nollaig 2021	L 430 I	16	2.12.2021

(*) Níor foilsíodh an gníomh seo i nGaeilge.

►**M26**	Cinneadh (CBES) 2022/218 ón gComhairle an 17 Feabhra 2022	L 37	41	18.2.2022
►**M27**	Cinneadh (CBES) 2022/307 ón gComhairle an 24 Feabhra 2022	L 46	97	25.2.2022
►**M28**	Cinneadh (CBES) 2022/356 ón gComhairle an 2 Márta 2022	L 67	103	2.3.2022
►**M29**	Cinneadh (CBES) 2022/399 ón gComhairle an 9 Márta 2022	L 82	9	9.3.2022
►**M30**	Cinneadh (CBES) 2022/579 ón gComhairle an 8 Aibreán 2022	L 111	81	8.4.2022
►**M31**	Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2022/881 ón gComhairle an 3 Meitheamh 2022	L 153	77	3.6.2022
►**M32**	Cinneadh (CBES) 2022/882 ón gComhairle an 3 Meitheamh 2022	L 153	88	3.6.2022
►**M33**	Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2022/1243 ón gComhairle an 18 Iúil 2022	L 190	139	19.7.2022
►**M34**	Cinneadh (CBES) 2023/421 ón gComhairle an 24 Feabhra 2023	L 61	41	27.2.2023
►**M35**	Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2023/1592 ón gComhairle an 3 Lúnasa 2023	L 195 I	31	3.8.2023
►**M36**	Cinneadh (CBES) 2023/1601 ón gComhairle an 3 Lúnasa 2023	L 196	37	4.8.2023
►**M37**	Cinneadh (CBES) 2023/2686 ón gComhairle an 27 Samhain 2023	L 2686	1	28.11.2023
►**M38**	Cinneadh (CBES) 2024/769 ón gComhairle an 26 Feabhra 2024	L 769	1	27.2.2024
►**M39**	Cinneadh (CBES) 2024/1864 ón gComhairle an 29 Meitheamh 2024	L 1864	1	30.6.2024
►**M40**	Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2024/2116 ón gComhairle an 26 Iúil 2024	L 2116	1	5.8.2024
►**M41**	Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2024/3175 ón gComhairle an 16 Nollaig 2024	L 3175	1	16.12.2024
►**M42**	Cinneadh (CBES) 2025/391 ón gComhairle an 24 Feabhra 2025	L 391	1	24.2.2025
►**M43**	Cinneadh (CBES) 2025/385 ón gComhairle an 24 Feabhra 2025	L 385	1	25.2.2025
►**M44**	Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2025/632 ón gComhairle an 27 Márta 2025	L 632	1	27.3.2025
►**M45**	Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2025/1461 ón gComhairle an 18 Iúil 2025	L 1461	1	19.7.2025
►**M46**	Cinneadh (CBES) 2025/1471 ón gComhairle an 18 Iúil 2025	L 1471	1	19.7.2025
►**M47**	Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2025/2038 ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2025	L 2038	1	23.10.2025
►**M48**	Cinneadh (CBES) 2025/2040 ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2025	L 2040	1	23.10.2025
►**M49**	Cinneadh (CBES) 2025/2585 ón gComhairle an 15 Nollaig 2025	L 2585	1	16.12.2025
►**M50**	Cinneadh (CBES) 2026/427 ón gComhairle an 26 Feabhra 2026	L 427	1	26.2.2026
►**M51**	Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2026/503 ón gComhairle an 23 Aibreán 2026	L 503	1	23.4.2026
►**M52**	Cinneadh (CBES) 2026/512 ón gComhairle an 23 Aibreán 2026	L 512	1	23.4.2026

Arna cheartú le:

►**C1** Ceartúchán, IO L 57, 18.2.2021, lch. 93 (2020/1650)
►**C2** Ceartúchán, IO L 450, 16.12.2021, lch. 169 (2021/2125)
►**C3** Ceartúchán, IO L 323, 19.12.2022, lch. 106 (2021/1002)
►**C4** Ceartúchán, IO L 70, 8.3.2023, lch. 56 (2023/421)
►**C5** Ceartúchán, IO L 90, 28.3.2023, lch. 66 (2023/421)
►**C6** Ceartúchán, IO L 90174, 20.2.2025, lch. 1 (2024/3175)
►**C7** Ceartúchán, IO L 90464, 26.5.2025, lch. 1 (2025/391)
►**C8** Ceartúchán, IO L 90726, 18.9.2025, lch. 1 (2025/385)

▼B

▼M28

CINNEADH 2012/642/CBES

ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2012

a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin

▼B

Article 1

1. The sale, supply, transfer or export of arms and related material of all types, including weapons and ammunition, military vehicles and equipment, paramilitary equipment and spare parts for the aforementioned, as well as equipment which might be used for internal repression, to Belarus by nationals of Member States or from the territories of Member States or using their flag vessels or aircraft, shall be prohibited whether originating or not in their territories.

2. It shall be prohibited to:

(a) provide, directly or indirectly, technical assistance, brokering services or other services related to the items referred to in paragraph 1 or related to the provision, manufacture, maintenance and use of such items, to any natural or legal person, entity or body in, or for use in, Belarus;

(b) provide, directly or indirectly, financing or financial assistance related to the items referred to in paragraph 1, including in particular grants, loans and export credit insurance, for any sale, supply, transfer or export of such items, or for the provision of related technical assistance, brokering services or other services to any natural or legal person, entity or body in, or for use in, Belarus;

(c) participate, knowingly and intentionally, in activities, the object or effect of which is to circumvent the prohibitions referred to in points (a) or (b).

▼M36

Airteagal 1a

1. Gan dochar d'Airteagal 1 den Chinneadh seo, maidir le hairm thine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna riachtanacha agus a n-armlón, mar a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 258/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus airm thine agus airm eile mar a liostaítear in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an gCinneadh seo, bíodh siad de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh, beidh toirmeasc ar na hairm sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, le haon duine nádúrtha nó dlítheanach, le haon eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis nó lena n-úsáid sa Bhealarúis.

▼M39

1a. Maidir le hairm agus a gcodanna, a gcomhpháirteanna riachtanacha agus a n-armlón, dá dtagraítear i mír 1 agus a onnmhairítear ón Aontas, beidh toirmeasc ar iad a chur d'idirthuras trí chríoch na Bealarúise.

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 258/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2012 lena gcuirtear Airteagal 10 de Phrótacal na Náisiún Aontaithe i gcoinne monarú agus gáinneáil aindleathach arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus armlóin, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh coireachta eagraithe trasnáisiúnta (Prótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe) chun feidhme, agus lena mbunaítear bearta i ndáil le húdarú onnmhairithe, le hallmhairithe agus le hidirthurais le haghaidh arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus armlóin (IO L 94, 30.3.2012, lch. 1).

▼M39

2. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i mír 1 agus a bhaineann le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'aon eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i mír 1 a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó le haghaidh cúnamh gaolmhar teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí gaolmhara eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'aon eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis; nó

(c) cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar bhealach ar bith eile agus cearta rochtana nó athúsáide a thabhairt d'aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear trí bhíthin cearta maoine intleachtúla nó ar rúin trádála iad a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis.

▼M46

Airteagal 1aa

1. Beidh toirmeasc ar airm agus ábhar gaolmhar de gach cineál, lena n-áirítear airm agus armlón, feithiclí agus trealamh míleata, trealamh paraimíleata agus páirteanna spártha le haghaidh na nithe thuasluaite, a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú isteach san Aontas, go díreach nó go hindíreach , más de thionscnamh na Bealarúise iad nó má onnmhairítear ón mBealarúis iad.

2. Beidh na toirmisc i mír 1 gan dochar don allmhairiú, ceannach nó aistriú a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

(a) soláthar páirteanna spártha agus seirbhísí atá riachtanach do chothabháil agus do shábháilteacht na gcumas atá ann cheana laistigh den Aontas; nó

(b) forghníomhú na gconarthaí a tugadh i gcrích roimh an 20 Iúil 2025, nó forghníomhú na gconarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

▼M39

Airteagal 1b

1. Earraí lena bhféadfaí rannchuidiú go sonrach le feabhas a chur ar acmhainneachtaí tionsclaíocha na Bealarúise, bíodh earraí de thionscnamh an Aontais i gceist nó ná bíodh, cuirfear toirmeasc ar iad a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, le haon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis.

2. Earraí agus teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 agus a onnmhairítear ón Aontas, beidh toirmeasc ar iad a chur d'idirthuras trí chríoch na Bealarúise.

3. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 nó a bhaineann le soláthar, monarú agus cothabháil na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'aon eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis;

▼M39

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 chun na hearraí agus an teicneolaíocht sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó i ndáil le cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, a sholáthar go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'eintiteas nó do chomhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis; nó

(c) cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar bhealach ar bith eile agus cearta rochtana nó athúsáide a thabhairt d'aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear trí bhíthin cearta maoine intleachtúla nó ar rúin trádála iad a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis.

▼M52

_____

3d. I dtaca leis na hearraí a thagann faoi na cóid AC 6902 agus 6909 19, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir leis an bhforghníomhú go dtí an 25 Aibreán 2026 i gcás conarthaí a tugadh i gcrích roimh an 24 Deireadh Fómhair 2025, nó i gcás conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

▼M52

3e. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 3 maidir le díol, soláthar, aistriú ná onnmhairiú earraí a thagann faoi chóid AC 2931, 2932, 4001, 4015, 4016, 6805, 7318, 7325, 8209 agus 8311, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XVIII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006, a bhfuil gá leo chun na conarthaí a thugtar i gcrích roimh an 24 Aibreán 2026 a fhorghníomhú go dtí an 25 Iúil 2026, nó i gcás conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

▼M42

_____

▼M39

7. Na toirmisc dá dtagraítear i míreanna 1 agus 3, ní bheidh feidhm acu maidir le hearraí is gá chun críocha oifigiúla mhisin taidhleoireachta nó chonsalacha namBallstát nó na dtíortha comhpháirtíochta sa Bhealarúis nó chun críocha eagraíochtaí idirnáisiúnta a thairbhíonn de dhíolúintí i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, nó maidir le héifeachtaí pearsanta a bhfoirne.

8. Féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát údarú a thabhairt na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú faoi na coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, nó féadfaidh siad údarú a thabhairt cúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann a sholáthar, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis na hearraí nó leis an teicneolaíocht sin nó le soláthar cúnaimh theicniúil nó cúnaimh airgeadais a bhaineann leo:

▼M39

(a) chun críocha leighis nó cógaisíochta, nó chun críoch daonnúil, mar shampla seachadadh cúnaimh a sholáthar nó a éascú, lena n-áirítear soláthairtí leighis, bia, nó aistriú oibrithe daonnúla agus cúnaimh ghaolmhair nó le haghaidh aslonnaithe;

(b) le haghaidh úsáid eisiach agus faoi rialú iomlán an Bhallstáit a thugann údarú agus chun a oibleagáidí cothabhála a chomhlíonadh i limistéir atá faoi chonradh léasa fhadtéarmaigh idir an Ballstát sin agus an Bhealarúis; nó

(c) bunú, oibriú, cothabháil, soláthar breosla agus athchóireáil agus sábháilteacht cumas núicléach sibhialta, agus leanúint den dearadh, den tógáil agus den choimisiúnú is gá chun saoráidí sibhialta núicléacha a chríochnú, chomh maith le soláthar ábhar réamhtheachtach chun raidiseatóip leighis agus feidhmeanna leighis comhchosúla a tháirgeadh, nó teicneolaíocht atá rítháb-hachtach chun faireachán a dhéanamh ar radaíocht chomhshaoil, agus le haghaidh an chomhair núicléach shibhialta, go háirithe i réimse an taighde agus na forbartha.

▼M48

_____

▼M39

10. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh na húdaráis inniúla a údarú go gcuirfí d'idirthuras trí chríoch na Bealarúise earraí agus teicneolaíocht a d'fhéadfadh rannchuidiú go sonrach le feabhas a chur ar acmhainneachtaí tionsclaíocha na Bealarúise, tar éis dóibh a chinneadh gur beartaithe chun na gcríoch a leagtar amach i mír 8 den Airteagal seo atá na hearraí nó an teicneolaíocht sin.

11. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1, 2 agus 3 maidir leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a dhíol, a sholáthar, a aistriú ná a onnmhairiú, ná leis an gcúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann a sholáthar, le haghaidh úsáid neamh-mhíleata agus úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, atá beartaithe le haghaidh éigeandálaí sláinte, chun teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach, teagmhas ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach suntasach aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol nó mar fhreagairt ar thubaistí nádúrtha.

12. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 3, féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát údarú a thabhairt, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, maidir le díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí agus na teicneolaíochta a thagann faoi chóid AC 3917, 8523 agus 8536, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XVIII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006, nó maidir leis an gcúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann a sholáthar, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis na hearraí sin nó le soláthar an chúnaimh ghaolmhair theicniúil nó airgeadais chun feistí leighis a cothabháil nó a dheisiú.

▼M46

13. Féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, na hearraí seo a leanas a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó an cúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann a sholáthar, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis na hearraí sin nó leis an gcúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann a sholáthar le haghaidh úsáid phearsanta teaghlaigh daoine nádúrtha sa Bhealarúis:

(a) earraí a thagann faoi chód AC 8417 20;

(b) feadáin chopair, píobáin chopair agus feistis do phíopaí chopair a thagann faoi chóid AC 7411 nó 7412 a bhfuil trastomhas inmheánach suas le 50 mm acu;

(c) earraí a thagann faoi chód AC 8414 60;

(d) earraí a thagann faoi AC 3916 20 nuair atá géarghá leo chun urláir PVC a dhíol.

▼M39

14. Féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát, faoi na coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí a thagann faoi chód AC 3917 10 a údarú, nó soláthar cúnaimh theicniúil nó airgeadais gaolmhar a údarú, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil na hearraí sin á ndíol, á soláthar, á n-aistriú nó á n-onnmhairiú le haghaidh táirgeadh earraí bia atá ceaptha lena n-ithe ag an duine sa Bhealarúis.

▼M42

14a. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 3, féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a thabhairt earraí a thagann faoi chóid AC 8517 62 agus 8523 52 a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó an cúnamh gaolmhar teicniúil nó airgeadais a sholáthar, le haghaidh úsáid neamh-mhíleata agus úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, tar éis do na húdaráis sin a chinneadh go bhfuil na hearraí sin nó an cúnamh teicniúil nó airgeadais lena mbaineann beartaithe le haghaidh líonraí cumarsáide leictreonaí sibhialtach nach bhfuil ar fáil go poiblí.

▼M52

14b. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh na húdaráis inniúla idirthuras earraí agus teicneolaíochta a thagann faoi chód AC 3403 19 80 mar a liostaítear in Iarscríbhinn XIX a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a onnmhairítear ón Ungáir trí chríoch na Bealarúise a údarú, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin ceaptha don Asarbaiseáin.

15. Agus cinneadh á dhéanamh maidir le hiarrataí ar údaruithe chun na gcríoch a áirítear i míreanna 8, 10, 12, 13, 14 agus 14a, ní dhéanfaidh na húdaráis inniúla údarú a dheonú le haghaidh onnmhairí d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis nó lena n-úsáid sa Bhealarúis, má tá forais réasúnacha acu chun a chreidiúint go bhféadfadh úsáid deiridh mhíleata a bheith ag na hearraí.

16. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú a dheonaítear faoi mhír 8, 10, 12, 13, 14, 14a nó 14b laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

▼M39

17. Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na nithe ábhartha a chumhdaítear leis an Airteagal seo a chinneadh.

▼B

Article 2

1. Article 1 shall not apply to the:

(a) sale, supply, transfer or export of non-lethal military equipment or of equipment which might be used for internal repression, intended solely for humanitarian or protective use, or for institution building programmes of the United Nations (UN) and the Union, or for EU and UN crisis management operations;

(b) sale, supply, transfer or export of non-combat vehicles which have been manufactured or fitted with materials to provide ballistic protection, intended solely for protective use of personnel of the Union and its Member States in Belarus;

(c) provision of technical assistance, brokering services and other services related to such equipment or to such programmes and operations;

(d) provision of financing and financial assistance related to such equipment or to such programmes and operations,

on condition that such exports and assistance have been approved in advance by the relevant competent authority.

▼B

2. Article 1 shall not apply to protective clothing, including flak jackets and military helmets, temporarily exported to Belarus by UN personnel, personnel of the Union or its Member States, representatives of the media and humanitarian and development workers and associated personnel, for their personal use only.

▼M22

_____

▼M19

Airteagal 2a

1. Diúltóidh na Ballstáit cead d'aon aerárthach arna oibriú ag aeriompróirí de chuid na Bealarúise, lena n-áirítear mar iompróir margaíochta, tuirlingt ar a gcríocha, éirí de thalamh óna gcríocha nó traseitilt thar a gcríocha, i gcomhréir lena rialacha agus lena ndlíthe náisiúnta agus ar comhchuí leis an dlí idirnáisiúnta, go háirithe na comhaontuithe eitlíochta sibhialta idirnáisiúnta ábhartha.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 i gcás tuirlingt éigeandála nó traseitilt éigeandála.

3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 i gcás ina gcinnfidh an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann gur gá tuirlingt, éirí de thalamh nó traseitilt chun críoch daonnúil nó chun críoch ar bith eile is comhchuí le cuspóirí an Chinnidh seo. Sa chás sin, cuirfidh an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas.

▼M29

Airteagal 2ab

1. An Bainisteoir Líonra le haghaidh feidhmeanna líonra bainistíochta aerthráchta an aerspáis Eorpaigh aonair, tacóidh sé leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit maidir le cur chun feidhme agus comhlíonadh Airteagail 2a agus 4(2) den Chinneadh seo a áirithiú. Diúltóidh an Bainisteoir Líonra, go háirithe, do na pleananna eitilte uile arna gcomhdú ag oibreoirí aerárthaí, ar pleananna iad ina bhfuil sé léirithe go bhfuil sé beartaithe gníomhaíochtaí a dhéanamh ar chríoch an Aontais nó ar chríoch na Bealarúise, arb ionann iad agus sárú ar fhorálacha an Chinnidh seo, sa chaoi nach gceadaítear don phíolóta eitilt.

2. Cuirfidh an Bainisteoir Líonra tuarascálacha ar chur chun feidhme Airteagal 2a ar fáil go rialta don Choimisiún agus do na Ballstáit, bunaithe ar anailís ar phleananna eitilte.

▼M22

Airteagal 2b

1. Toirmeascfar trealamh, teicneolaíocht nó bogearraí a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú díreach nó indíreach chuig aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó lena n-úsáid sa Bhealarúis, a bheartaítear go príomha lena n-úsáid ag údaráis na Bealarúise nó thar a gceann, chun faireachán a dhéanamh ar chumarsáid idirlín agus teileafóin ar líonraí soghluaiste nó seasta nó chun í a idircheapadh, lena n-áirítear soláthar aon seirbhísí faireacháin nó idircheaptha teileachumarsáide nó idirlín de chineál ar bith, chomh maith le soláthar cúnaimh airgeadais agus theicniúil chun trealamh, teicneolaíocht nó bogearraí den sórt sin a shuiteáil, a oibriú nó a nuashonrú, ag náisiúnaigh de Bhallstáit nó ó chríocha na mBallstát.

▼M22

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na Ballstáit díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú an trealaimh, na teicneolaíochta nó na mbogearraí a údarú, lena n-áirítear soláthar aon seirbhísí faireacháin nó idircheaptha teileachumarsáide nó idirlín de chineál ar bith, chomh maith le soláthar gaolmhar cúnaimh airgeadais agus theicniúil, dá dtagraítear i mír 1, má tá forais réasúnacha acu lena chinneadh nach n-úsáidfeadh Rialtas na Bealarúise, comhlachtaí poiblí, corparáidí nó gníomhaireachtaí, nó aon duine nádúrtha nó dlítheanach nó aon eintiteas nádúrtha nó dlítheanach a bheadh ag gníomhú thar a gceann nó faoina dtreoir, an trealamh, an teicneolaíocht nó na bogearraí sin le haghaidh diansmachta.

Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoin mír seo laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

3. Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na gnéithe ábhartha atá le cumhdach leis an Airteagal seo a chinneadh.

▼M28

Airteagal 2c

▼M36

1. Gach earra agus teicneolaíocht dé-úsáide a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), beidh toirmeasc ar na hearraí agus an teicneolaíocht sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, le haon duine nádúrtha nó duine dlítheanach, le haon eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis nó lena n-úsáid sa Bhealarúis ag náisiúnaigh de chuid Ballstát nó ó chríocha na mBallstát nó a bhfuil a soithí brataí nó a n-aerárthaí in úsáid acu, bíodh na hearraí agus an teicneolaíocht sin de thionscnamh a gcríoch nó ná bíodh.

▼M39

1a. Earraí agus teicneolaíocht dé-úsáide dá dtagraítear i mír 1 agus a onnmhairítear ón Aontas, beidh toirmeasc ar iad a chur d'idirthuras trí chríoch na Bealarúise.

2. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 nó a bhaineann le soláthar, monarú agus cothabháil na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'aon eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 chun na hearraí agus an teicneolaíocht sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó i ndáil le cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, a sholáthar go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'eintiteas nó do chomhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis; nó

(c) cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar bhealach ar bith eile agus cearta rochtana nó athúsáide a thabhairt d'aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear trí bhíthin cearta maoine intleachtúla nó ar rúin trádála iad a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis.

([1]) Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear córas Aontais chun onnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú (IO L 206, 11.6.2021, lch. 1).

▼M42

3. Gan dochar do na ceanglais údarúcháin de bhun Rialachán (AE) 2021/821, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo maidir le hearraí ná teicneolaíocht dé-úsáide a dhíol, a sholáthar, a aistriú ná a onnmhairiú, ná leis an gcúnamh teicniúil nó airgeadais lena mbaineann a sholáthar, i gcomhair úsáid neamh-mhíleata agus úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, atá beartaithe chun na gcríoch seo a leanas:

(a) chun críoch daonnúil, éigeandálaí sláinte, chun teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach, teagmhais ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach suntasach aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol, nó mar fhreagairt ar thubaistí nádúrtha; nó

(b) chun críocha leighis nó cógaisíochta, ar choinníoll nach liostaítear iad in Iarscríbhinn XXX a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006.

Dearbhóidh an t-onnmhaireoir sa dearbhú custaim go bhfuil na hearraí sin á n-onnmhairiú faoin díolúine ábhartha a leagtar amach sa mhír seo agus tabharfaidh sé fógra d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil cónaí ar an onnmhaireoir nó ina bhfuil sé bunaithe faoin gcéad úsáid in aghaidh an fhaighteora sa Bhealarúis a bhaintear as an díolúine ábhartha

▼M39

3a. Gan dochar do cheanglais údarúcháin Rialachán (AE) 2021/821, ní bheidh feidhm ag an toirmeasc a shonraítear i mír 1a den Airteagal seo maidir le hearraí agus teicneolaíocht dé-úsáide atá beartaithe chun na gcríoch a leagtar amach i mír 3 ►M42 ——————— ◄ seo a chur d'idirthuras trí chríoch na Bealarúise.

▼M42

3b. Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le ceanglais tuairiscithe a ghabhann le húsáid na ndíolúintí faoi mhír 3 agus aon fhaisnéis bhreise maidir le hearraí a onnmhairítear faoi na díolúintí sin a cheanglóidh an Ballstát ina bhfuil cónaí ar an onnmhaireoir nó ina bhfuil sé bunaithe.

4. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, agus gan dochar do na ceanglais údarúcháin de bhun Rialachán (AE) 2021/821, féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a thabhairt earraí agus teicneolaíocht dé-úsáide a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó an cúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann a sholáthar, i gcomhair úsáid neamh-mhíleata agus úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, tar éis don údarás sin a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin nó an cúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann beartaithe don mhéid seo a leanas:

(b) comhar idir-rialtasach i gcláir spáis;

(c) oibriú, cothabháil, athphróiseáil breosla agus sábháilteacht cumas núicléach sibhialta, chomh maith le comhar núicléach sibhialta, go háirithe i réimse an taighde agus na forbartha;

(e) líonraí cumarsáide leictreonaí sibhialtacha atá ar fáil go neamhphoiblí agus nach maoin í ata faoi úinéireacht eintiteas atá faoi rialú poiblí nó eintiteas ina bhfuil sciar d'úinéireacht phoiblí os cionn 50 %;

(f) úsáid eisiach eintiteas atá faoi úinéireacht nó faoi rialú duine dlítheanaigh, eintitis nó comhlachta, go haonarach nó i gcomhpháirt, atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit nó tíre comhpháirtíochta;

(g) ionadaíochtaí taidhleoireachta an Aontais, na mBallstát agus na dtíortha comhpháirtíochta, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin;

▼M52

(h) an chibearshlándáil agus slándáil faisnéise a áirithiú do dhaoine dlítheanacha, d'eintitis agus do chomhlachtaí sa Bhealarúis atá faoi úinéireacht nó faoi rialú go haonarach nó i gcomhpháirt ag duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit;

▼M42

(i) nuashonruithe bogearraí;

(j) úsáid mar ghairis chumarsáide tomhaltóirí.; nó

(k) chun críoch leighis nó cógaisíochta, ar choinníoll go liostaítear iad in Iarscríbhinn XXX a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh 765/2014.

4a. De mhaolú ar mhír 1a, agus gan dochar do na ceanglais údarúcháin de bhun Rialachán (AE) 2021/821, féadfaidh na húdaráis inniúla idirthuras earraí agus teicneolaíochta dé-úsáide trí chríoch na Bealarúise a údarú tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin beartaithe chun na gcríoch a leagtar amach i bpointí (b), (c), (d), (h) agus (k) de mhír 4 den Airteagal seo.

▼M36

5. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, agus gan dochar do na ceanglais údaraithe de bhun Rialachán (AE) 2021/821, féadfaidh na húdaráis inniúla a údarú earraí nó teicneolaíocht dé-úsáide a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó an cúnamh gaolmhar teicniúil nó airgeadais a sholáthar, i gcomhair úsáid neamh-mhíleata agus d'úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, tar éis don údarás sin a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin nó an cúnamh gaolmhar teicniúil nó airgeadais sin dlite faoi chonarthaí a tugadh i gcrích roimh an 3 Márta 2022, nó faoi chonarthaí coimhdeacha is gá chun conarthaí mar sin a fhorghníomhú, ar choinníoll go bhfuarthas an t-údarú roimh an 1 Bealtaine 2022.

6. Na húdaruithe uile a éilítear faoin Airteagal seo, deonóidh na húdaráis inniúla iad i gcomhréir leis na rialacha agus leis na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/821, a mbeidh feidhm *mutatis mutandis* aige. Beidh an t-údarú bailí ar fud an Aontais.

▼M42

7. Agus cinneadh á dhéanamh maidir le hiarrataí ar údaruithe dá dtagraítear i míreanna 4 agus 5, ní dhéanfaidh na húdaráis inniúla údarú a dheonú má tá forais réasúnacha acu an méid seo a leanas a chreidiúint:

(i) go bhféadfadh sé gur úsáideoir deiridh míleata, duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht in Iarscríbhinn II a bheadh san úsáideoir deiridh nó go bhféadfadh úsáid deiridh mhíleata a bheith ag na hearraí, mura gceadaítear díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí agus na teicneolaíochta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo nó mura gceadaítear cúnamh gaolmhar teicniúil nó airgeadais a sholáthar faoi Airteagal 2da(1b), pointe (a); nó

(ii) go bhfuil díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú earraí agus teicneolaíochta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo nó soláthar an chúnaimh ghaolmhair theicniúil nó airgeadais beartaithe don tionscal eitlíochta nó spáis.

▼M28

8. Féadfaidh an t-údarás inniúil údarú atá deonaithe aige de bhun mhíreanna 4 agus 5 a neamhniú, a chur ar fionraí, a mhodhnú nó a chúlghairm má mheasann sé gur gá an neamhniú, an cur ar fionraí, an modhnú nó an chúlghairm sin chun go gcuirfí an Cinneadh seo chun feidhme go héifeachtach.

▼M28

9. Liostaítear in Iarscríbhinn IV na tíortha comhpháirtíochta dá dtagraítear i bpointí 4(f) agus (g) den Airteagal seo agus i bpointí (f) agus (g) d'Airteagal 2d(4), agus a chuireann i bhfeidhm bearta atá coibhéiseach go substaintiúil maidir le rialú onnmhairí.

Airteagal 2d

1. Beidh toirmeasc ar earraí agus teicneolaíocht a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, earraí agus teicneolaíocht lena bhféadfaí rannchuidiú le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Bealarúise, nó le hearnáil cosanta agus slándála na Bealarúise a fhorbairt, bíodh na hearraí agus an teicneolaíocht sin de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh, le haon duine nádúrtha nó duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis nó lena n-úsáid sa Bhealarúis.

▼M39

1a. Earraí agus teicneolaíocht arna n-onnmhairiú ón Aontas, lena bhféadfaí rannchuidiú le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Bealarúise, nó le forbairt a hearnála cosanta agus slándála, beidh toirmeasc ar iad a chur d'idirthuras trí chríoch na Bealarúise.

▼M46

1aa. Gan dochar don toirmeasc ar onnmhairí indíreacha i mír 1 den Airteagal seo agus in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2021/821, beidh údarú de dhíth le haghaidh onnmhairiú earraí agus teicneolaíochta a d'fhéadfadh rannchuidiú le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Bealarúise, nó le forbairt earnáil na cosanta agus na slándála, chuig aon tríú tír seachas an Bhealarúis, más rud é gur chuir údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an t-onnmhaireoir ina chónaí nó bunaithe an t-onnmhaireoir ar an eolas go bhfuil na hítimí i dtrácht ceaptha, nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó lena n-úsáid sa Bhealarúis.

▼M39

2. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 nó a bhaineann le soláthar, monarú agus cothabháil na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'aon eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 chun na hearraí agus an teicneolaíocht sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó i ndáil le cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, a sholáthar go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'eintiteas nó do chomhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis; nó

(c) cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar bhealach ar bith eile agus cearta rochtana nó athúsáide a thabhairt d'aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear trí bhíthin cearta maoine intleachtúla nó ar rúin trádála iad a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis.

▼M42

3. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear in mír 1 a dhíol, a sholáthar, a aistriú ná a onnmhairiú, ná leis an gcúnamh teicniúil nó airgeadais lena mbaineann a sholáthar, i gcomhair úsáid neamh-mhíleata agus úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, is é sin atá beartaithe chun na gcríoch seo a leanas:

(a) chun críoch daonnúil, éigeandálaí sláinte, chun teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach, teagmhais ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach suntasach aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol, nó atá beartaithe mar fhreagairt ar thubaistí nádúrtha; nó

(b) chun críocha leighis nó cógaisíochta, ar choinníoll nach liostaítear iad in Iarscríbhinn XXX a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh 765/2006.

Dearbhóidh an t-onnmhaireoir sa dearbhú custaim go bhfuil na hearraí sin á n-onnmhairiú faoin díolúine ábhartha a leagtar amach sa mhír seo agus tabharfaidh sé fógra d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil cónaí ar an onnmhaireoir nó ina bhfuil sé bunaithe faoin gcéad úsáid in aghaidh an fhaighteora sa Bhealarúis a bhaintear as an díolúine ábhartha

▼M39

3a. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1a maidir le hearraí agus teicneolaíocht a chur d'idirthuras trí chríoch na Bealarúise lena bhféadfaí rannchuidiú le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Bealarúise, nó le forbairt a hearnála cosanta nó slándála, atá beartaithe chun na gcríoch a leagtar amach i mír 3 ►M42 ——————— ◄.

▼M42

3b. Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le ceanglais tuairiscithe a ghabhann le húsáid na ndíolúintí faoi mhír 3 agus aon fhaisnéis bhreise maidir le hearraí a onnmhairítear faoi na díolúintí sin a cheanglóidh an Ballstát ina bhfuil cónaí ar an onnmhaireoir nó ina bhfuil sé bunaithe.

4. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a thabhairt na hearraí nó teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó an cúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann a sholáthar, i gcomhair úsáid neamh-mhíleata agus úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, tar éis don údarás sin a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin nó an cúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann beartaithe don mhéid seo a leanas:

(b) comhar idir-rialtasach i gcláir spáis;

(c) oibriú, cothabháil, athphróiseáil breosla agus sábháilteacht cumas núicléach sibhialta, chomh maith le comhar núicléach sibhialta, go háirithe i réimse an taighde agus na forbartha;

(d) sábháilteachta muirí;

(e) líonraí cumarsáide leictreonaí sibhialtacha atá ar fáil go neamhphoiblí agus nach maoin í ata faoi úinéireacht eintiteas atá faoi rialú poiblí nó eintiteas ina bhfuil sciar d'úinéireacht phoiblí os cionn 50 %;

(f) úsáid eisiach eintiteas atá faoi úinéireacht nó faoi rialú duine dlítheanaigh, eintitis nó comhlachta, go haonarach nó i gcomhpháirt, atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit nó tíre comhpháirtíochta;

(g) ionadaíochtaí taidhleoireachta an Aontais, na mBallstát agus na dtíortha comhpháirtíochta, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin;

▼M52

(h) an chibearshlándáil agus slándáil faisnéise a áirithiú do dhaoine dlítheanacha, d'eintitis agus do chomhlachtaí sa Bhealarúis atá faoi úinéireacht nó faoi rialú go haonarach nó i gcomhpháirt ag duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit;

▼M42

(j) nuashonruithe bogearraí;

(k) úsáid mar ghairis chumarsáide tomhaltóirí; nó

(l) chun críoch leighis nó cógaisíochta, ar choinníoll go liostaítear iad in Iarscríbhinn XXX a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh 765/2006.

_____

▼M39

4b. De mhaolú ar mhír 1a, féadfaidh na húdaráis inniúla a údarú go gcuirfí d'idirthuras trí chríoch na Bealarúise earraí agus teicneolaíocht ar earraí agus teicneolaíocht iad lena bhféadfaí rannchuidiú le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Bealarúise, nó le forbairt a hearnála cosanta nó slándála, tar éis dóibh a chinneadh gur beartaithe chun na gcríoch a leagtar amach i b ►M42 pointí (b), (c), (d), (h) agus (h) ◄ de mhír 4 den Airteagal seo atá na hearraí nó an teicneolaíocht sin.

▼M28

5. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, agus gan dochar do na ceanglais údarúcháin de bhun Rialachán (AE) 2021/821, féadfaidh an t-údarás inniúil údarú a thabhairt na hearraí nó teicneolaíocht dé-úsáide a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó an cúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann a sholáthar, i gcomhair úsáid neamh-mhíleata agus úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, tar éis don údarás sin a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin nó an cúnamh teicniúil nó an cúnamh airgeadais lena mbaineann sin dlite faoi chonarthaí a tugadh i gcrích roimh an 3 Márta 2022, nó faoi chonarthaí coimhdeacha is gá chun conradh den sórt sin a chur i gcrích, ar choinníoll go bhfuarthas an t-údarú sin roimh an 1 Bealtaine 2022.

▼M42

_____

▼M36

6. Na húdaruithe uile a éilítear faoin Airteagal seo, deonóidh na húdaráis inniúla iad i gcomhréir leis na rialacha agus leis na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/821, a mbeidh feidhm *mutatis mutandis* aige. Beidh an t-údarú bailí ar fud an Aontais.

▼M46

6a. I gcás ina bhfuil gá le húdarú i gcomhréir le mír 1aa, leanfaidh na húdaráis inniúla ar aghaidh i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2021/821, ag a mbeidh feidhm *mutatis mutandis*.

▼M42

7. Agus cinneadh á dhéanamh maidir le hiarrataí ar údaruithe dá dtagraítear i míreanna 4 agus 5, ní dhéanfaidh na húdaráis inniúla údarú a dheonú má tá forais réasúnacha acu an méid seo a leanas a chreidiúint:

(i) go bhféadfadh sé gur úsáideoir deiridh míleata, duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht in Iarscríbhinn II a bheadh san úsáideoir deiridh nó go bhféadfadh úsáid deiridh mhíleata a bheith ag na hearraí, mura gceadaítear díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí agus na teicneolaíochta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo nó má cheadaítear cúnamh gaolmhar teicniúil nó airgeadais a sholáthar faoi Airteagal 1da(1b), pointe (a); nó

▼M42

(ii) go bhfuil díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí agus teicneolaíochta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo nó soláthar an chúnaimh ghaolmhair theicniúil nó airgeadais, beartaithe don tionscal eitlíochta nó spáis.

▼M28

8. Féadfaidh an t-údarás inniúil údarú atá deonaithe aige de bhun mhíreanna 4 agus 5 a neamhniú, a chur ar fionraí, a mhodhnú nó a chúlghairm má mheasann sé gur gá an neamhniú, an cur ar fionraí, an modhnú nó an chúlghairm sin chun go gcuirfear an Cinneadh seo chun feidhme go héifeachtach.

9. Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na míreanna ábhartha atá le cumhdach leis an Airteagal seo a chinneadh.

Airteagal 2da

▼M42

1. Beidh toirmeasc ar earraí agus teicneolaíocht dé-úsáide, chomh maith le hearraí agus teicneolaíocht a liostaítear in Iarscríbhinn Va a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh 765/2006, a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, bídís de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh, d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a liostaítear in Iarscríbhinn II.

1a. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1, agus a bhaineann le soláthar, monarú agus cothabháil na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a liostaítear in Iarscríbhinn II;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 chun na hearraí agus an teicneolaíocht sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a liostaítear in Iarscríbhinn II; nó

(c) cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar bhealach ar bith eile agus cearta rochtana nó athúsáide a thabhairt ar aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear trí bhíthin cearta maoine intleachtúla nó ar rúin trádála iad a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a liostaítear in Iarscríbhinn II.

1b. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 1a, agus gan dochar do na ceanglais údarúcháin de bhun Rialachán (AE) 2021/821, ní fhéadfaidh na húdaráis inniúla a cheadú earraí agus teicneolaíocht dé-úsáide, chomh maith le hearraí agus teicneolaíocht a liostaítear in Iarscríbhinn Va a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006, a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú ná cúnamh gaolmhar teicniúil nó airgeadais a sholáthar ach amháin tar éis dóibh an méid seo a leanas a chinneadh:

(a) go bhfuil gá leis na hearraí nó an teicneolaíocht sin nó leis an gcúnamh gaolmhar teicniúil nó airgeadais chun teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach, ar teagmhas é ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach suntasach aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol; nó

▼C7

(b) go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin nó an cúnamh gaolmhar teicniúil nó airgeadais sin dlite faoi chonarthaí a tugadh i gcrích roimh an 3 Márta 2022, nó faoi chonarthaí coimhdeacha is gá chun conarthaí den sórt sin a fhorghníomhú, ar choinníoll go n-iarrtar an t-údarú roimh an 1 Bealtaine 2022.

▼M28

2. Na húdaruithe a éilítear faoin Airteagal seo, deonóidh údaráis inniúla an Bhallstáit iad i gcomhréir leis na rialacha agus leis na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/821, a mbeidh feidhm *mutatis mutandis* aige. Beidh údaruithe den sórt sin bailí ar fud an Aontais.

3. Féadfaidh an t-údarás inniúil údarú atá deonaithe aige de bhun mhír 1 a neamhniú, a chur ar fionraí, a mhodhnú nó a chúlghairm má mheasann sé gur gá an neamhniú, an cur ar fionraí, an modhnú nó an chúlghairm sin chun go gcuirfear an Cinneadh seo chun feidhme go héifeachtach.

▼M39

Airteagal 2db

1. Beidh toirmeasc ar earraí agus teicneolaíocht loingseoireachta muirí a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, bíodh na hearraí agus an teicneolaíocht sin de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh, le haon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide.

2. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 nó a bhaineann le soláthar, monarú agus cothabháil na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'aon eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 chun na hearraí agus an teicneolaíocht sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó i ndáil le cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, a sholáthar go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'eintiteas nó do chomhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis; nó

(c) cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar bhealach ar bith eile agus cearta rochtana nó athúsáide a thabhairt d'aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear trí bhíthin cearta maoine intleachtúla nó ar rúin trádála iad a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis.

3. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a dhíol, a sholáthar, a aistriú ná a onnmhairiú, ná leis an gcúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann a sholáthar, le haghaidh úsáid neamh-mhíleata agus úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, atá beartaithe chun críoch daonnúil, éigeandálaí sláinte, chun teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach, teagmhas ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach suntasach aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol nó mar fhreagairt ar thubaistí nádúrtha.

▼M39

4. Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na nithe ábhartha a chumhdaítear leis an Airteagal seo a chinneadh.

▼M22

Airteagal 2e

1. Toirmeascfar earraí a úsáidtear i dtáirgeadh nó monarú táirgí tobac a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, chuig aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht i mBealarúis nó le húsáid i mBealarúis, ag náisiúnaigh na mBallstát nó ó chríoch na mBallstát nó toirmeascfar a soithí brataí nó aerárthaí a úsáid, cibé an dtionscnaítear nó nach dtionscnaítear na hearraí sin ar a gcríoch.

▼M28

1a. Toirmeascfar cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta, cúnamh airgeadais nó maoiniú a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear díorthaigh airgeadais, mar aon le hárachas agus athárachas, a bhaineann leis na toirmisc i mír 1.

▼M22

2. Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na nithe ábhartha atá le cumhdach leis an Airteagal seo a chinneadh.

▼M28

_____

▼M39

Airteagal 2ea

1. Beidh toirmeasc ar shó-earraí a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, bíodh na só-earraí sin de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh, le haon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis.

2. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i mír 1 agus a bhaineann le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'aon eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i mír 1 a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó le haghaidh cúnamh gaolmhar teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí gaolmhara eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'aon eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis; nó

(c) cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar bhealach ar bith eile agus cearta rochtana nó athúsáide a thabhairt d'aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear trí bhíthin cearta maoine intleachtúla nó ar rúin trádála iad a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i mír 1 agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis.

3. An toirmeasc dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, beidh feidhm aige maidir le só-earraí a mhéid gur mó a luach ná EUR 300 in aghaidh an earra mura sonraítear a mhalairt.

▼M39

4. An toirmeasc dá dtagraítear i mír 1, ní bheidh feidhm aige maidir le hearraí is gá le haghaidh chríocha oifigiúla mhisin taidhleoireachta nó chonsalacha na mBallstát nó na dtíortha comhpháirtíochta sa Bhealarúis nó chun críocha eagraíochtaí idirnáisiúnta a thairbhíonn de dhíolúintí i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, nó maidir le héifeachtaí pearsanta a bhfoirne.

▼M48

_____

▼M39

6. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla aistriú nó onnmhairiú earraí cultúrtha atá ar iasacht chuig an mBealarúis a údarú i gcomhthéacs comhar cultúrtha foirmiúil leis an mBealarúis.

7. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhír 5 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

8. Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na nithe ábhartha a chumhdaítear leis an Airteagal seo a chinneadh.

Airteagal 2eb

1. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) aon rannpháirtíocht nua a fháil nó síneadh a chur le haon rannpháirtíocht atá ann cheana maidir le haon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí na Bealarúise nó aon tríú tír eile, agus atá ag feidhmiú san earnáil fuinnimh sa Bhealarúis;

(b) aon socrú a dheonú nó a bheith mar chuid d'aon socrú chun aon iasacht nó creidmheas nua a dheonú nó chun maoiniú a sholáthar ar bhealach eile, lena n-áirítear caipiteal cothromais, d'aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí na Bealarúise nó aon tríú tír, agus atá ag feidhmiú san earnáil fuinnimh sa Bhealarúis, nó i gcomhair an chuspóra, a bhfuil fianaise dhoiciméadaithe leis, duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht mar sin a mhaoiniú;

(c) aon chomhfhiontar nua a chruthú le haon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí na Bealarúise nó aon tríú tír eile, agus atá ag feidhmiú san earnáil fuinnimh sa Bhealarúis; nó

(d) seirbhísí infheistíochta a sholáthar, a bhaineann go díreach leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c).

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, aon ghníomhaíocht dá dtagraítear i mír 1 a údarú tar éis dóibh an méid seo a leanas a chinneadh:

(a) go bhfuil gá léi chun soláthar criticiúil fuinnimh a áirithiú laistigh den Aontas, mar aon le hiompar gás nádúrtha agus ola, lena n-áirítear táirgí peitriliam scagtha, mura bhfuil toirmeasc air sin faoi Airteagal 2f, ón mBealarúis nó tríd an mBealarúis isteach san Aontas; nó

▼M39

(b) go mbaineann sí go heisiach le duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag feidhmiú san earnáil fuinnimh sa Bhealarúis agus atá faoi úinéireacht duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit.

3. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhír 2 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

Airteagal 2ec

1. Earraí agus teicneolaíocht atá oiriúnach lena n-úsáid chun ola a scagadh agus gás nádúrtha a leachtú, beidh toirmeasc ar a ndíol, a soláthar, a n-aistriú nó a n-onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, cibé acu de thionscnamh an Aontais iad nó nach ea, le haon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis.

2. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 nó a bhaineann le soláthar, monarú agus cothabháil na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'aon eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 chun na hearraí agus an teicneolaíocht sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, d'aon duine, d'eintiteas nó do chomhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis; nó

(c) cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar bhealach ar bith eile agus cearta rochtana nó athúsáide a thabhairt d'aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear trí bhíthin cearta maoine intleachtúla nó ar rúin trádála iad a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis.

▼M42

_____

▼M39

4. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a dheonú, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú nó cúnamh teicniúil gaolmhar nó cúnamh airgeadais gaolmhar a sholáthar, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin nó an cúnamh ábhartha teicniúil nó an cúnamh ábhartha airgeadais sin riachtanach chun teagmhas ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach suntasach aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol a chosc nó a mhaolú go práinneach.

I gcásanna éigeandála a mbeidh údar cuí leo, féadfar an díol, an soláthar, an t-aistriú nó an t-onnmhairiú a dhéanamh gan réamhúdarú, ar choinníoll go dtabharfaidh an t-onnmhaireoir fógra don údarás inniúil laistigh de 5 lá oibre ó lá an díola, an tsoláthair, an aistrithe nó an onnmhairithe, agus tabharfar mionsonraí ann faoin údar ábhartha a bhí leis an díol, an soláthar, an aistriú nó an onnmhairiú gan réamhúdarú.

▼M39

5. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhír 4 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

6. Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na nithe ábhartha a chumhdaítear leis an Airteagal seo a chinneadh.

▼M42

Airteagal 2ed

1. Cuirfear toirmeasc ar bhogearraí, a dhíol, a sholáthar, a aistriú, a onnmhairiú nó a chur ar fáil, go díreach nó go hindíreach, d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis nó lena n-úsáid sa Bhealarúis.

2. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a bhaineann leis na bogearraí dá dtagraítear i mír 1 a dhíol, a sholáthar, a aistriú, a onnmhairiú nó a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó lena n-úsáid sa Bhealarúis;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na bogearraí dá dtagraítear i mír 1 a dhíol, a sholáthar, a aistriú, a onnmhairiú nó a sholáthar, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis nó lena n-úsáid sa Bhealarúis; nó

(c) cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar bhealach ar bith eile agus cearta rochtana nó athúsáide a thabhairt ar aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear trí bhíthin cearta maoine intleachtúla nó ar rúin trádála iad a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar, a mhonarú, a chothabháil agus a úsáid, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis nó lena n-úsáid sa Bhealarúis.

3. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i mír 1 maidir le bogearraí a dhíol, a sholáthar, a aistriú, a onnmhairiú ná a sholáthar, ar bogearraí iad is gá go dtí an 26 Bealtaine 2025 maidir le forghníomhú na gconarthaí a tugadh i gcrích roimh an 25 Feabhra 2025, nó na gconarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

4. De mhaolú ar mhír 1 agus mír 2, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, a údarú aon chúnamh teicniúil nó airgeadais a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú agus a sholáthar, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis sin chun an soláthar criticiúil fuinnimh a áirithiú laistigh den Aontas.

5. Cuirfidh an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú a dheonaítear faoi mhír 4 laistigh de choicís ón údarú.

6. Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na nithe ábhartha a chumhdaítear leis an Airteagal seo a chinneadh.

▼M39

Airteagal 2f

1. Beidh toirmeasc ar tháirgí mianracha agus amhola, a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú, go díreach nó go hindíreach, más de thionscnamh na Bealarúise iad nó más ón mBealarúis a onnmhairítear iad.

▼M39

2. Cuirfear toirmeasc ar chúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais, nó aon seirbhís eile a bhaineann leis an toirmeasc i mír 1, a sholáthar go díreach nó go hindíreach.

3. Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na nithe ábhartha a chumhdaítear leis an Airteagal seo a chinneadh.

4. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i mír 1 maidir le ceannach táirgí mianracha sa Bhealarúis, ar táirgí iad is gá chun freastal ar riachtanais fhíor-riachtanacha an cheannaitheora sa Bhealarúis nó ar riachtanais fhíor-riachtanacha tionscadal daonchairdiúil sa Bhealarúis.

▼M42

_____

▼M39

6. Tá na toirmisc i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo gan dochar d'amhola a thagann faoi chód AC 2709 00 a chur d'idirthuras tríd an mBealarúis agus a sheachadtar trí phíblíne ón Rúis isteach sna Ballstáit, go dtí go gcinnfidh an Chomhairle go mbeidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 d'Airteagal 4o de Chinneadh 2014/512/CBES ([1]) ón gComhairle maidir le hamhola arna seachadadh trí phíblíne ón Rúis.

▼M22

Airteagal 2g

1. Toirmeascfar ceannach, allmhairiú nó aistriú táirgí clóiríde potaisiam ("potais") ó Bhealarúis.

▼M28

1a. Toirmeascfar cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta, cúnamh airgeadais nó maoiniú a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear díorthaigh airgeadais, mar aon le hárachas agus athárachas, a bhaineann leis na toirmisc i mír 1.

▼M22

2. Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na nithe ábhartha atá le cumhdach leis an Airteagal seo a chinneadh.

▼M28

_____

▼M22

Article 2h

Maidir le hurrúis inaistrithe agus ionstraimí don mhargadh airgid a bhfuil aibíocht nach mó ná 90 lá acu, toirmeascfar iad a cheannach, a dhíol, seirbhísí infheistíochta nó cúnamh a sholáthar i gcás a n-eisiúint, go díreach nó go hindíreach, nó déileáil leo ar bhealach ar bith eile, ar urrúis nó ionstraimí iad arna n-eisiúint tar éis an 29 Meitheamh 2021 ag:

▼M26

(a) Poblacht na Bealarúise, a rialtas, a comhlachtaí, corparáidí nó gníomhaireachtaí poiblí;

(b) mórinstitiúid creidmheasa atá bunaithe sa Bhealarúis a bhfuil níos mó ná 50 % di faoi úinéireacht phoiblí nó faoi rialú poiblí ón 1 Meitheamh 2021, mar a liostaítear in Iarscríbhinn III;

(c) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe lasmuigh den Aontas a bhfuil breis is 50 % dá chearta dílsithe faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach ag eintiteas dá dtagraítear i bpointe (a) agus pointe (b) den Airteagal seo;

([1]) Cinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 13).

▼M26

(d) duine nádúrtha nó duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú thar ceann nó faoi threoir eintitis dá dtagraítear i bpointe (a), pointe (b) nó pointe (c) den Airteagal seo.

▼M29

Airteagal 2ha

1. Toirmeasctar idirbhearta a bhaineann le cúlchistí a bhainistiú chomh maith le sócmhainní Bhanc Ceannais na Bealarúise, lena n-áirítear idirbhearta le haon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú thar ceann Bhanc Ceannais na Bealarúise nó ar threoir uaidh.

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla idirbheart a údarú ar choinníoll go bhfuil géarghá leis sin chun cobhsaíocht airgeadais an Aontais ina iomláine nó an Bhallstáit lena mbaineann a áirithiú.

3. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas láithreach maidir leis an rún atá aige údarú a dheonú faoi mhír 2.

Airteagal 2hb

I gcás urrúis inaistrithe aon duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta atá bunaithe sa Bhealarúis agus a bhfuil níos mó ná 50% di faoi úinéireacht phoiblí, ón 12 Aibreán 2022, toirmeascfar seirbhísí a liostú agus a sholáthar ar ionaid trádála a bheidh cláraithe nó aitheanta san Aontas.

▼M39

Airteagal 2hc

▼M48

1. Cuirfear toirmeasc ar sheirbhísí cuntasaíochta, seirbhísí iniúchóireachta, lena n-áirítear iniúchóireacht reachtúil, leabharchoimeád, comhairliúchán cánach agus comhairliúchán gnó agus bainistíochta, nó seirbhísí caidrimh phoiblí a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, dóibh seo a leanas:

▼M39

(a) Poblacht na Bealarúise, a Rialtas, a comhlachtaí poiblí, a corparáidí nó a gníomhaireachtaí; nó

(b) aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht ag gníomhú dó thar ceann nó faoi threoir Phoblacht na Bealarúise, a Rialtas, a comhlachtaí poiblí, a corparáidí nó a gníomhaireachtaí.

▼M48

2. Cuirfear toirmeasc ar sheirbhísí tógála, ailtireachta, innealtóireachta, innealtóireachta comhtháite, pleanála uirbí, comhairliúcháin eolaíoch agus theicniúil a bhaineann le hinnealtóireacht agus seirbhísí tástála agus anailíse teicniúla, seirbhísí comhairleacha dlí nó seirbhísí comhairliúcháin TF a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, dóibh seo a leanas:

▼M39

(a) Poblacht na Bealarúise, a Rialtas, a comhlachtaí poiblí, a corparáidí nó a gníomhaireachtaí; nó

(b) aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht ag gníomhú dó thar ceann nó faoi threoir Phoblacht na Bealarúise, a Rialtas, a comhlachtaí poiblí, a corparáidí nó a gníomhaireachtaí.

▼M48

3. Cuirfear toirmeasc ar sheirbhísí fógraíochta, taighde margaidh nó pobalbhreitheanna a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, dóibh seo a leanas:

▼M39

(a) Poblacht na Bealarúise, a Rialtas, a comhlachtaí poiblí, a corparáidí nó a gníomhaireachtaí; nó

(b) aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht ag gníomhú dó thar ceann nó faoi threoir Phoblacht na Bealarúise, a Rialtas, a comhlachtaí poiblí, a corparáidí nó a gníomhaireachtaí.

▼M48

4. Cuirfear toirmeasc ar bhogearraí le haghaidh bainistiú fiontar, bogearraí le haghaidh dearadh tionsclaíoch agus monarú tionsclaíoch nó bogearraí a mbaintear úsáid áirithe astu san earnáil baincéireachta agus airgeadais a dhíol, a sholáthar, a aistriú, a onnmhairiú, nó a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, dóibh seo a leanas:

▼M39

(a) Poblacht na Bealarúise, a Rialtas, a comhlachtaí poiblí, a corparáidí nó a gníomhaireachtaí; nó

(b) aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht ag gníomhú dó thar ceann nó faoi threoir Phoblacht na Bealarúise, a Rialtas, a comhlachtaí poiblí, a corparáidí nó a gníomhaireachtaí.

Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na nithe ábhartha a chumhdaítear leis an mír seo a chinneadh.

▼M48

4a. Cuirfear toirmeasc, ón 25 Samhain 2025, ar an méid a leanas a sholáthar, go díreach nó go hindíreach: seirbhísí tráchtála spásbhunaithe arb é atá iontu faire na Cruinne nó loingseoireacht satailíte, seirbhísí intleachta saorga (IS) arb é atá iontu rochtain ar shamhlacha nó ar ardáin dá seirbhísí oiliúna, mionchoigeartaithe agus infeiris, nó dá ríomhaireacht ardfheidhmíochta, lena n-áirítear rochtain ar ríomhaireacht luathaithe ag an aonad próiseála grafaice, nó ar sheirbhísí ríomhaireachta candamaí do:

(a) Poblacht na Bealarúise, a Rialtas, a comhlachtaí poiblí, a corparáidí nó a gníomhaireachtaí; nó

(b) aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht ag gníomhú dó thar ceann nó faoi threoir Phoblacht na Bealarúise, a Rialtas, a comhlachtaí poiblí, a corparáidí nó a gníomhaireachtaí.

▼M52

4b. Ón 25 Bealtaine 2026, beidh toirmeasc ar sheirbhísí slándála bainistithe a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, do na páirtithe seo a leanas:

(a) Poblacht na Bealarúise, a Rialtas, a comhlachtaí poiblí, a corparáidí nó a gníomhaireachtaí poiblí; nó

(b) aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht ag gníomhú dó thar ceann nó faoi threoir Phoblacht na Bealarúise, a Rialtas, a comhlachtaí poiblí, a corparáidí nó a gníomhaireachtaí.

4c. Beidh toirmeasc ar sheirbhísí a sholáthar a bhaineann go díreach le gníomhaíochtaí turasóireachta sa Bhealarúis.

▼M48

5. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:

▼M52

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a bhaineann leis na seirbhísí agus na bogearraí dá dtagraítear i míreanna 1 go 4b a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, do Phoblacht na Bealarúise, dá Rialtas, dá comhlachtaí poiblí, dá corparáidí nó dá gníomhaireachtaí, nó d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú thar ceann nó faoi threoir an duine dhlítheanaigh, an eintitis nó an chomhlachta sin;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na seirbhísí agus bogearraí dá dtagraítear i míreanna 1 go 4b a sholáthar, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, do Phoblacht na Bealarúise, dá Rialtas, dá comhlachtaí poiblí, dá corparáidí nó dá gníomhaireachtaí, nó d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú thar ceann nó faoi threoir an duine dhlítheanaigh, an eintitis nó an chomhlachta sin; nó

▼M48

(c) cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar bhealach ar bith eile agus cearta rochtana nó athúsáide a thabhairt ar aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear trí bhíthin cearta maoine intleachtúla nó ar rúin trádála iad a bhaineann leis na bogearraí dá dtagraítear i mír 4 agus maidir le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na mbogearraí sin, go díreach nó go hindíreach, do Phoblacht na Bealarúise, dá Rialtas, dá comhlachtaí poiblí, dá corparáidí nó dá gníomhaireachtaí nó d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú thar ceann nó faoi threoir an duine dhlítheanaigh, an eintitis nó an chomhlachta sin.

▼M52

5a. Beidh gá le réamhúdarú chun aon seirbhís nach gcumhdaítear le míreanna 1, 2, 3, 4a, 4b ná 4c a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, do Phoblacht na Bealarúise, dá Rialtas, dá comhlachtaí poiblí, dá corparáidí nó dá gníomhaireachtaí. Féadfaidh na húdaráis inniúla soláthar na seirbhísí sin a údarú, bunaithe ar mheasúnú sonrach cás ar chás, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil sé sin comhsheasmhach le cuspóirí an Chinnidh seo.

5b. Ní bheidh feidhm ag mír 5a maidir le soláthar seirbhísí , go díreach nó go hindíreach, ar seirbhísí iad nach gcumhdaítear le míreanna 1, 2, 3, 4a, 4b ná 4c d'ionadaíocht chonsalach nó taidhleoireachta de chuid na Bealarúise atá lonnaithe i mBallstát, i gcás ina bhfuil géarghá leis na seirbhísí sin le haghaidh fheidhmiú na hionadaíochta sin.

▼M42

_____

▼M39

7. Ní bheidh feidhm ag mír 1 ná ag mír 2 maidir le soláthar seirbhísí a bhfuil géarghá leo chun an ceart chun cosanta in imeachtaí breithiúnacha a fheidhmiú ná an ceart chun leigheas éifeachtach dlí a fháil.

8. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 maidir le soláthar seirbhísí a bhfuil géarghá leo chun rochtain ar imeachtaí breithiúnacha, riaracháin nó eadrána i mBallstát a áirithiú, nó chun aitheantas nó forfheidhmiú a dhéanamh maidir le breithiúnas nó dámhachtain eadrána arna soláthar i mBallstát, ar choinníoll go bhfuil an soláthar seirbhísí sin comhsheasmhach le cuspóirí an Chinnidh seo.

▼M42

_____

▼M48

10. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 2 agus mír 4 ná ag na toirmisc a bhaineann le seirbhísí tráchtála spásbhunaithe i mír 4a le soláthar seirbhísí nó le bogearraí is gá le haghaidh éigeandálaí sláinte poiblí, chun teagmhas ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach mór aige ar shláinte agus sábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol a chosc nó a mhaolú go práinneach, nó mar fhreagairt ar thubaistí nádúrtha.

10a. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i mír 4 maidir le soláthar bogearraí lena mbaineann úsáidí áirithe san earnáil baincéireachta agus airgeadais mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXVI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006, atá riachtanach don fhorghníomhú go dtí an 25 Eanair 2026 i gcás conarthaí a tugadh i gcrích roimh an 24 Deireadh Fómhair 2025, nó i gcás conarthaí coimhdeacha is gá chun conarthaí den sórt sin a fhorghníomhú.

10b. Ní bheidh feidhm ag mír 5a maidir le forghníomhú go dtí an 1 Eanáir 2026 conarthaí arna dtabhairt i gcrích roimh an 24 Deireadh Fómhair 2025, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun conradh den sórt sin a fhorghníomhú.

▼M52

10c. Ní bheidh feidhm ag mír 4c maidir leis an bhforghníomhú maidir le conarthaí a thugtar i gcrích roimh an 24 Aibreán 2026 go dtí an 25 Meitheamh 2026, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun conarthaí den sórt sin a fhorghníomhú.

▼M39

11. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla soláthar na seirbhísí dá dtagraítear sna míreanna sin a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil géarghá leis na seirbhísí sin chun balla dóiteáin a chur ar bun, a dheimhniú nó a mheas a ndéantar an méid seo a leanas leis:

(a) deireadh a chur le rialú duine nádúrtha nó dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta atá liostaithe in Iarscríbhinn I ar shócmhainní duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta neamhliostaithe atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit agus atá faoi úinéireacht nó faoi rialú an duine, an eintitis nó an chomhlachta liostaithe sin; agus

(b) áirithítear nach bhfabhróidh aon chiste ná acmhainn eacnamaíoch breise chun tairbhe an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh, an eintitis nó an chomhlachta a liostaítear.

▼M48

12. De mhaolú ar na toirmisc a bhaineann le bogearraí i mír 4 agus ar na toirmisc a bhaineann le soláthar seirbhísí intleachta saorga agus ríomhaireacht ardfheidhmíochta nó seirbhísí ríomhaireachta candamaí i mír 4a, féadfaidh na húdaráis inniúla soláthar na mbogearraí agus na seirbhísí dá dtagraítear inti a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil na seirbhísí sin riachtanach le haghaidh rannchuidiú náisiúnaigh de chuid na Bealarúise le tionscadail idirnáisiúnta foinse oscailte.

▼M42

12a. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh na húdaráis inniúla soláthar na seirbhísí dá dtagraítear sa mhír sin a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil géarghá leis na seirbhísí sin d'fheidhmiú ionadaíocht chonsalach nó taidhleoireachta Phoblacht na Bealarúise atá lonnaithe i mBallstát.

▼M48

13. De mhaolú ar mhíreanna 1 go 5, féadfaidh na húdaráis inniúla na seirbhísí agus bogearraí dá dtagraítear sna míreanna sin a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis chun na gcríoch seo a leanas:

▼M39

(a) críocha daonnúla, mar shampla cúnamh a sheachadadh nó an seachadadh sin a éascú, lena n-áirítear soláthairtí leighis, bia, nó oibrithe daonnúla a aistriú nó cúnamh gaolmhar nó le haghaidh aslonnuithe;

(b) gníomhaíochtaí na sochaí sibhialta lena gcuirtear chun cinn go díreach an daonlathas, cearta an duine nó an smacht reachta sa Bhealarúis;

(c) feidhmiú ionadaíochtaí taidhleoireachta agus consalacha an Aontais agus na mBallstát nó tíortha is comhpháirtithe sa Bhealarúis, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin, nó eagraíochtaí idirnáisiúnta sa Bhealarúis a thairbhíonn de dhíolúintí i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta;

(d) soláthar criticiúil fuinnimh laistigh den Aontas a áirithiú mar aon le ceannach, allmhairiú nó iompar tíotáiniam, alúmanam, copair, nicile, pallaidiam agus amhiarainn isteach san Aontas;

(e) oibriú leanúnach bonneagar, crua-earraí agus bogearraí a áirithiú, rud atá criticiúil le haghaidh shláinte agus shábháilteacht an duine, nó sábháilteacht an chomhshaoil;

(f) bunú, oibriú, cothabháil, soláthar breosla agus athchóireáil agus sábháilteacht cumas núicléach sibhialta, agus leanúint den dearadh, den tógáil agus den choimisiúnú is gá chun saoráidí sibhialta núicléacha a chríochnú, chomh maith le soláthar ábhar réamhtheachtach chun radaiseatóp leighis agus feidhmeanna leighis comhchosúla a tháirgeadh, nó teicneolaíocht atá rítháb-hachtach chun faireachán a dhéanamh ar radaíocht chomhshaoil, agus le haghaidh an chomhair núicléach shibhialta, go háirithe i réimse an taighde agus na forbartha;

▼M42

(g) soláthar seirbhísí cumarsáide leictreonaí ag oibreoirí teileachumarsáide an Aontais is gá le haghaidh oibriú, cothabháil agus slándáil, lena n-áirítear cibearshlándáil, seirbhísí cumarsáide leictreonaí sa Bhealarúis, san Úcráin, san Aontas, idir an Bhealarúis agus an tAontas, agus idir an Úcráin agus an tAontas, agus le haghaidh seirbhísí lárionaid sonraí san Aontas;

▼M42

(h) úsáid eisiach daoine dlítheanacha, eintiteas nó comhlachtaí atá bunaithe sa Bhealarúis atá faoi úinéireacht nó faoi rialú duine dlítheanaigh, eintitis nó comhlachta, go haonarach nó i gcomhpháirt, atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit, Ballstáit den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, na hEilvéise nó tíre comhpháirtíochta mar a liostaítear in Iarscríbhinn IV; nó

(i) tógáil leanúnach bonneagar suas le 25 m ar airde is gá le haghaidh soláthar sibhialta fuinnimh agus dáileadh ar shaoráidí oideachais agus cúraim sláinte.

▼M39

14. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh na húdaráis inniúla soláthar na seirbhísí comhairleacha dlí dá dtagraítear sa mhír sin a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh gur gá sin chun leanúint de thionscnaimh atá ann cheana lena dtugtar tacaíocht d'íospartaigh tubaistí nádúrtha, núicléacha nó ceimiceacha agus faoi chuimsiú nósanna imeachta idirnáisiúnta um ghlacadh.

▼M48

15. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhír 5a agus faoi mhíreanna 11 go 14 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

▼M22

Airteagal 2i

1. Toirmeascfar aon socrú a dhéanamh go díreach nó go hindíreach, nó a bheith ina chuid de, chun iasachtaí nua nó creidmheas a dhéanamh ag a mbeidh aibíocht is faide ná 90 lá, tar éis an 29 Meitheamh 2021 chuig:

▼M26

(a) Poblacht na Bealarúise, a rialtas, a comhlachtaí, corparáidí nó gníomhaireachtaí poiblí;

(b) mórinstitiúid creidmheasa atá bunaithe sa Bhealarúis a bhfuil níos mó ná 50 % di faoi úinéireacht phoiblí nó faoi rialú poiblí amhail ón 1 Meitheamh 2021, mar a liostaítear in Iarscríbhinn III;

(c) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe lasmuigh den Aontas a bhfuil breis is 50 % dá chearta dílsithe faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach ag eintiteas dá dtagraítear i bpointe (a) agus pointe (b) den mhír seo;

(d) duine nádúrtha nó duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú thar ceann nó faoi threoir eintitis dá dtagraítear i bpointe (a), pointe (b) nó pointe (c) den mhír seo.

▼M22

2. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc dá dtagraítear i mír 1 maidir le hiasachtaí ná creidmheasanna a bhfuil cuspóir sonrach agus doiciméadaithe acu chun maoiniú a sholáthar le haghaidh allmhairiú nó onnmhairiú neamhthoirmiscthe earraí agus seirbhísí neamhairgeadais idir an tAontas agus aon tríú stát, lena n-áirítear an caiteachas le haghaidh earraí agus seirbhísí ó thríú stát eile is gá chun conarthaí onnmhairiúcháin nó allmhairiúcháin a fhorghníomhú.

3. Féadfaidh údarás inniúil Ballstáit údarú a dheonú freisin, faoi cibé téarmaí a mheasann sé a bheith iomchuí, chun na hiasachtaí nó na creidmheasanna dá dtagraítear i mír 1 a thabhairt nó chun bheith mar chuid díobh más rud é gur chinn an t-údarás inniúil an méid seo a leanas:

(a) gur chun críche tacaíocht a thabhairt do phobal sibhialta na Bealarúise, amhail cúnamh daonnúil, tionscadail chomhshaoil, agus sábháilteacht núicléach, na gníomhaíochtaí atá i gceist nó go bhfuil gá leis an iasacht nó leis an gcreidmheas chun cúlchiste íosta dlíthiúil nó rialála nó ceanglais chomhchosúla a chomhlíonadh chun na critéir sócmhainneachta agus leachtachta d'eintitis airgeadais sa Bhealarúis atá faoi úinéireacht institiúidí airgeadais an Aontais a chomhlíonadh; agus

(b) nach ionann na gníomhaíochtaí nó an iasacht nó an creidmheas lena mbaineann agus cistí nó acmhainní eacnamaíocha a bheith á gcur ar fáil, go díreach nó go hindíreach, do dhuine, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear in Airteagal 4 nó chun tairbhe an duine, an eintitis nó an chomhlachta sin.

Agus na coinníollacha faoi phointí (a)agus (b) á gcur i bhfeidhm, éileoidh an t-údarás inniúil faisnéis leordhóthanach maidir le húsáid an údaraithe a deonaíodh, lena n-áirítear faisnéis maidir le cuspóir na ngníomhaíochtaí lena mbaineann agus maidir lena gcontrapháirtithe.

Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoin Airteagal seo laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

▼M28

_____

▼M23

Airteagal 2j

▼M26

1. Toirmeascfar árachas nó athárachas a sholáthar do:

(a) Poblacht na Bealarúise, a rialtas, a comhlachtaí, corparáidí nó gníomhaireachtaí poiblí;

(b) aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht ag gníomhú dó thar ceann nó faoi threoir duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta dá dtagraítear i bpointe (a).

▼M23

2. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i mír 1 maidir le hárachas éigeantach nó árachas dliteanais tríú páirtí a sholáthar do dhaoine, d'eintitis nó do chomhlachtaí na Bealarúise i gcás ina bhfuil an riosca arna árachú suite san Aontas, ná maidir le hárachas a sholáthar do mhisin taidhleoireachta nó chonsalacha na Bealarúise san Aontas.

▼**M28**

_____

▼**M39**

Airteagal 2k

Beidh toirmeasc ar pháirt a ghlacadh, go feasach agus d'aon ghnó, i ngníomhaíochtaí arb é is cuspóir dóibh nó is éifeacht leo teacht timpeall ar thoirmisc sa Chinneadh seo, lena n-áirítear teacht timpeall trí pháirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí den sórt sin gan féachaint d'aon ghnó leis an gcuspóir nó an éifeacht sin a bhaint amach, ach a bheith ar an eolas go bhféadfadh an cuspóir nó an éifeacht sin a bheith ann mar thoradh ar pháirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí sin agus glacadh leis an bhféidearthacht sin.

▼**M22**

Airteagal 2l

De bhreis ar na toirmisc atá leagtha amach in Airteagal 2i, toirmeascfar an méid seo a leanas:

(a) aon eisíocaíocht nó íocaíocht a rinne an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) faoi aon chomhaontuithe atá ann cheana a rinneadh idir Poblacht na Bealarúise nó aon údarás poiblí dá cuid agus an BEI, nó i gceangal le haon chomhaontuithe den chineál sin;

(b) leanúint d'aon Chonarthaí Seirbhíse Cúnaimh Theicniúil ag BEI atá ann cheana a bhaineann le tionscadail arna maoiniú faoi na comhaontuithe dá dtagraítear i bpointe (a), agus atá beartaithe chun tairbhe dhíreach nó indíreach Phoblacht na Bealarúise nó aon údaráis phoiblí dá cuid a dhéanamh sa Bhealarúis

Airteagal 2m

Déanfaidh na Ballstáit an beart is gá chun rannpháirtíocht na mbanc forbartha iltaobhacha, ar comhaltaí díobh iad, sa Bhealarúis a theorannú, go háirithe an Banc Idirnáisiúnta Athfhoirgníochta agus Forbartha agus an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha, lena n-áirítear trí vóta a chaitheamh in aghaidh iasachtaí nua nó cineálacha eile maoinithe do na heintitis a luaitear in Airteagal 2i, cé is moite díobh siúd a luaitear i míreanna (2) agus (3) de, agus gan difear a dhéanamh do thionscadail lena maoinítear tacaíocht ón earnáil phríobháideach d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide.

▼**M46**

Airteagal 2n

1. Ní shásófar aon éileamh i ndáil le haon chonradh nó idirbheart a ndearnadh difear dá fheidhmiú, go díreach nó go hindíreach, go hiomlán nó go páirteach, leis na bearta a fhorchuirtear faoin gCinneadh seo, lena n-áirítear éilimh ar shlánaíocht nó aon éileamh eile den sórt sin, amhail éileamh ar chúiteamh nó éileamh faoi réir ráthaíochta, go háirithe éileamh ar shíneadh a chur le banna, ráthaíocht nó slánaíocht nó iad a íoc, go háirithe ráthaíocht airgeadais nó slánaíocht airgeadais, i cibé foirm, más rud é go ndéanfaidh ceann de na páirtithe seo a leanas an t-éileamh:

(a) daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí ainmnithe a liostaítear in Iarscríbhinn I;

(b) aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear in Airteagail 2h, 2i, 2j, 2y, nó a liostaítear in Iarscríbhinní II, III nó V;

▼M46

(c) aon duine, eintiteas nó comhlacht Bealarúiseach eile, lena n-áirítear rialtas na Bealarúise;

(d) aon duine, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú trí bhíthin nó thar ceann duine de na daoine, na heintitis nó na comhlachtaí dá dtagraítear i bpointí (a), (b) nó (c) den mhír seo;

▼M52

(e) duine nádúrtha ó thríú tír nach náisiúnach de chuid na Bealarúise é, agus aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe i dtríú tír seachas an Bhealarúis, cé is moite de thíortha comhpháirtíochta a liostaítear in Iarscríbhinn IVa a ghabhann leis an gCinneadh seo, a dhíolann, a sholáthraíonn, a aistríonn nó a onnmhairíonn earraí, teicneolaíocht agus seirbhísí a bhfuil toirmeasc ar a ndíol, a soláthar, a n-aistriú nó a n onnmhairiú faoin gCinneadh seo, bíodh siad de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh, leis na daoine, na heintitis nó na comhlachtaí dá dtagraítear i bpointí (a), (b), (c) nó (d) den mhír seo nó lena n-úsáid sa Bhealarúis.

▼M46

2. Ní aithneofar, ní thabharfar éifeacht ná ní fhorfheidhmeofar i mBallstát aon urghaire, ordú, faoiseamh, breithiúnas ó chúirt bhreithiúnach seachas cúirt de chuid Ballstáit nó cúirt eile, cinneadh eadrána nó riaracháin arna eisiúint in imeachtaí seachas na himeachtaí sin sna Ballstáit de bhun imeachtaí um réiteach díospóidí idir infheisteoir agus Stát in aghaidh Ballstáit nó a eascraíonn as na himeachtaí sin, ar imeachtaí iad a bhféadfadh sásamh aon éileamh i ndáil le bearta arna bhforchur faoin gCinneadh seo a bheith mar thoradh orthu, má dhéanann aon duine, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i mír 1, pointí (a), (b), (c) nó (d), nó daoine, eintitis nó comhlachtaí ar leo na daoine, na heintitis nó na comhlachtaí sin nó a rialaíonn iad, é a agairt.

3. Ní aithneofar, ní thabharfar éifeacht ná ní fhorfheidhmeofar i mBallstát aon iarraidh ar chúnamh le linn imscrúdaithe nó imeachtaí eile, ná aon phionós ná pionós eile atá bunaithe ar urghaire, ordú, faoiseamh, breithiúnas cúirte seachas cúirt de chuid Ballstáit nó cúirt eile, aon chinneadh eadrána nó riaracháin arna eisiúint in imeachtaí seachas iad siúd sna Ballstáit de bhun imeachtaí um réiteach díospóidí idir infheisteoir agus Stát i gcoinne Ballstáit nó a eascraíonn astu i dtaca le bearta arna bhforchur faoin gCinneadh seo, má dhéanann aon duine, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear mír 1, pointí (a), (b), (c) nó (d), nó daoine, eintitis nó comhlachtaí ar leo na daoine, na heintitis nó na comhlachtaí sin nó a rialaíonn iad, é a agairt.

4. In aon imeachtaí chun éileamh a fhorfheidhmiú, is faoin duine atá ag iarraidh an t-éileamh sin a fhorfheidhmiú a bheidh sé a chruthú nach dtoirmeasctar an t-éileamh a shásamh le mír 1.

5. Tá an tAirteagal seo gan dochar do cheart na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí dá dtagraítear i mír 1 chun athbhreithniú breithiúnach ar dhlíthiúlacht neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí conarthacha i gcomhréir leis an gCinneadh seo.

▼M46

Airteagal 2nd

Déanfaidh aon Bhallstát, i gcás inarb infheidhme, aon bhearta iomchuí chun aon damáistí díreacha nó indíreacha, lena n-áirítear costais dlí, arna dtabhú ag an mBallstát sin mar thoradh ar imeachtaí um réiteach díospóidí idir infheisteoir agus Stát arna dtionscnamh in aghaidh Ballstáit i dtaca le bearta arna bhforchur faoin gCinneadh seo, a ghnóthú nó a bheith i dteideal iad a aisghabháil, in imeachtaí breithiúnacha os comhair cúirteanna inniúla Ballstáit. Beidh an Ballstát i dteideal, i gcás inarb infheidhme, damáistí den sórt sin a aisghabháil ó aon duine, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear in Airteagal 2n(1), pointí (a), (b), (c) nó (d), a thionscain, a rinne idirghabháil nó a ghlac páirt sa réiteach díospóidí idir infheisteoir agus Stát nó a fhéachann le haon dámhachtain, cinneadh nó breithiúnas a bhaineann leis an réiteach díospóidí idir infheisteoir agus Stát agus daoine, eintitis nó comhlachtaí ar leo nó a rialaíonn aon cheann de na daoine, na heintitis nó na comhlachtaí sin a fhorfheidhmiú.

I gcás inarb infheidhme, beidh an tAontas i dteideal aon damáistí arna dtabhú aige a ghnóthú faoi na coinníollacha céanna.

Airteagal 2nb

Déanfaidh na Ballstáit aon agóid atá ar fáil i gcoinne aithint agus forfheidhmiú dámhachtainí eadrána a rinneadh ina gcoinne in imeachtaí um réiteach díospóidí idir infheisteoirí agus an Stát i ndáil le bearta a fhorchuirtear faoin gCinneadh seo.

▼M28

Airteagal 2o

1. Beidh toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) táirgí adhmaid a allmhairiú, go díreach nó go hindíreach, isteach san Aontas más rud é:

(i) gur de thionscnamh na Bealarúise iad; nó

(ii) gur onnmhairíodh ón mBealarúis iad;

(b) táirgí adhmaid dá dtagraítear i bpointe (a) atá suite sa Bhealarúis nó ar de thionscnamh na Bealarúise iad, a cheannach, go díreach nó go hindíreach;

(c) táirgí adhmaid dá dtagraítear i bpointe (a) a iompar más de thionscnamh na Bealarúise iad nó má tá siad á n-onnmhairiú ón mBealarúis go dtí aon tír eile;

(d) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear díorthaigh airgeadais, chomh maith le hárachas agus ath-árachas, a bhaineann leis na toirmisc i bpointí (a), (b) agus (c).

▼M42

_____

▼M28

3. Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na míreanna ábhartha atá le cumhdach leis an Airteagal seo a chinneadh.

▼M28

Airteagal 2p

1. Beidh toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) táirgí stroighne a allmhairiú, go díreach nó go hindíreach, isteach san Aontas más rud é:

(i) gur de thionscnamh na Bealarúise iad; nó

(ii) gur onnmhairíodh ón mBealarúis iad;

(b) táirgí stroighne dá dtagraítear i bpointe (a), atá suite sa Bhealarúis nó ar de thionscnamh na Bealarúise iad, a cheannach, go díreach nó go hindíreach;

(c) táirgí stroighne dá dtagraítear i bpointe (a) a iompar más de thionscnamh na Bealarúise iad nó má tá siad á n-onnmhairiú ón mBealarúis go dtí aon tír eile;

(d) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear díorthaigh airgeadais, chomh maith le hárachas agus ath-árachas, a bhaineann leis na toirmisc i bpointí (a), (b) agus (c).

▼M42

_____

▼M28

3. Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na míreanna ábhartha atá le cumhdach leis an Airteagal seo a chinneadh.

Airteagal 2q

1. Beidh toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) táirgí iarainn agus cruach a allmhairiú, go díreach nó go hindíreach, isteach san Aontas más rud é:

(i) gur de thionscnamh na Bealarúise iad; nó

(ii) gur onnmhairíodh ón mBealarúis iad;

(b) táirgí iarainn agus cruach dá dtagraítear i bpointe (a), atá suite sa Bhealarúis nó ar de thionscnamh na Bealarúise iad, a cheannach, go díreach nó go hindíreach;

(c) táirgí iarainn agus cruach dá dtagraítear i bpointe (a) a iompar más de thionscnamh na Bealarúise iad nó má tá siad á n-onnmhairiú ón mBealarúis go dtí aon tír eile;

(d) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear díorthaigh airgeadais, chomh maith le hárachas agus ath-árachas, a bhaineann leis na toirmisc i bpointí (a), (b) agus (c).

▼M42

_____

▼M28

3. Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na míreanna ábhartha atá le cumhdach leis an Airteagal seo a chinneadh.

▼M28

Airteagal 2r

1. Beidh toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) táirgí rubair a allmhairiú, go díreach nó go hindíreach, isteach san Aontas más rud é:

(i) gur de thionscnamh na Bealarúise iad; nó

(ii) gur onnmhairíodh ón mBealarúis iad;

(b) táirgí rubair dá dtagraítear i bpointe (a), atá suite sa Bhealarúis nó ar de thionscnamh na Bealarúise iad, a cheannach, go díreach nó go hindíreach;

(c) táirgí rubair dá dtagraítear i bpointe (a) a iompar más de thionscnamh na Bealarúise iad nó má tá siad á n-onnmhairiú ón mBealarúis go dtí aon tír eile;

(d) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear díorthaigh airgeadais, chomh maith le hárachas agus ath-árachas, a bhaineann leis na toirmisc i bpointí (a), (b) agus (c).

▼M42

_____

▼M28

3. Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na míreanna ábhartha atá le cumhdach leis an Airteagal seo a chinneadh.

▼M39

Airteagal 2ra

1. Maidir le hearraí lena gceadaítear don Bhealarúis a foinsí ioncaim a éagsúlú, rud a fhágann gur féidir léi a bheith rannpháirteach i bhfogha na Rúise faoin Úcráin, cuirfear toirmeasc ar na hearraí sin a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú isteach san Aontas, go díreach nó go hindíreach, más de thionscnamh na Bealarúise iad nó más ón mBealarúis a onnmhairítear iad.

Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na nithe ábhartha a chumhdaítear leis an mír seo a chinneadh.

2. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1, agus a bhaineann le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach, i ndáil leis an toirmeasc i mír 1;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 chun na hearraí agus an teicneolaíocht sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach i ndáil leis an toirmeasc i mír 1.

▼M39

3. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir le ceannacháin sa Bhealarúis atá riachtanach d'fheidhmiú ionadaíochtaí taidhleoireachta agus consalacha an Aontais agus na mBallstát, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin, nó le haghaidh úsáid phearsanta náisiúnaigh na mBallstát agus baill dá neasteaghlaigh.

4. Féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit allmhairiú earraí a cheadú, ar earraí iad atá beartaithe le haghaidh úsáid phearsanta daoine nádúrtha atá ag taisteal chuig an Aontas nó baill dá neasteaghlaigh amháin, atá teoranta d'earraí pearsanta ar leis na daoine aonair sin iad agus ar léir nach bhfuil siad beartaithe lena ndíol.

5. Féadfaidh na húdaráis inniúla a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, go dtabharfar isteach san Aontas feithicil a thagann faoi chód AC 8703 agus nach bhfuil beartaithe lena díol agus atá faoi úinéireacht duine díobh seo a leanas:

(a) saoránaigh Ballstáit nó ball neasteaghlaigh a bhfuil cónaí air sa Bhealarúis agus atá ag tiomáint na feithicle isteach san Aontas le haghaidh úsáid pearsanta amháin; nó

(b) saoránach den Bhealarúis ag a bhfuil víosa bhailí nó cead cónaithe bailí lena gceadaítear teacht isteach san Aontas, atá ag tiomáint na feithicle isteach san Aontas lena húsáid go pearsanta agus lena haghaidh sin amháin.

6. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir le mótarfheithiclí a thagann faoi chód AC 8703 a theacht isteach san Aontas ar choinníoll go bhfuil pláta clárúcháin feithiclí taidhleoireachta acu agus go bhfuil siad riachtanach le haghaidh feidhmiú ionadaíochtaí taidhleoireachta agus consalacha, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin, nó eagraíochtaí idirnáisiúnta a bhfuil díolúintí acu i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, nó le haghaidh úsáid phearsanta a bhfoirne agus a neasteaghlaigh.

7. Ní chuirfidh an toirmeasc i mír 1 cosc ar fheithiclí atá ar chríoch an Aontais cheana an 1 Iúil 2024 a bheith cláraithe i mBallstát.

8. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir le feithicil a thagann faoi chód AC 8703 a bheith ag teacht isteach san Aontas, ar feithicil í nach bhfuil sé beartaithe í a úsáid ach chun críoch daonnúil amháin, lena n-áirítear chun daoine a aslonnú nó a aisdúichiú, nó paisinéirí a iompar a bhfuil deimhniú ina seilbh acu arna eisiúint ag Ballstát lena bhfianaítear go bhfuil siad ag taisteal chuig an mBallstát sin faoi chuimsiú tionscnaimh lena dtugtar tacaíocht d'íospartaigh tubaistí nádúrtha, núicléacha nó ceimiceacha,.

▼M42

_____

9a. Maidir leis na hearraí a thagann faoi chód AC 7601, go dtí *a*n 26 Bealtaine 2025, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 i ndáil le forghníomhú na gconarthaí a tugadh i gcrích roimh an 25 Feabhra 2025, nó na gconarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

▼**M48**

9b. Maidir leis na hearraí a thagann faoin gcód AC 2901 10 00, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir leis an bhforghníomhú go dtí an 25 Eanair 2026 i gcás conarthaí a thabharfar i gcrích roimh an an 24 Deireadh Fómhair 2025, nó i gcás conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

9c. Amhail ón 26 Eanáir 2026 go dtí an 25 Iúil 2026, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir le hearraí a thagann faoi chód AC 2901 10 00 de thionscnamh na Bealarúise nó a onnmhairítear ón mBealarúis a cheannach nó a allmhairiú chuig an Ungáir, ar choinníoll go bhfuil sé beartaithe na hearraí a úsáid go heisiach san Ungáir.

9d. Earraí a thagann faoi chód AC 2901 10 00 a allmhairítear chuig an Ungáir tar éis na díolúine i mír 9c, ní dhíolfar ar aghaidh iad le ceannaitheoirí atá lonnaithe i mBallstát eile nó i dtríú tír.

▼**M52**

9e. I dtaca leis na hearraí a thagann faoi chóid AC 2501, 2517, 2522, 2530, 2620, 2815, 2833, 2916, 2926, 4016, 7403, 7404, 7406 agus 7610, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir le forghníomhú conarthaí a thugtar i gcrích roimh an 24 Aibreán 2026 go dtí an 25 Iúil 2026, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

▼**M39**

10. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla ceannach, allmhairiú nó aistriú na n-earraí, nó soláthar cúnaimh ghaolmhair theicniúil agus airgeadais a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh gur gá sin le haghaidh bunú, oibriú, cothabháil, soláthar breosla agus athchóireáil agus sábháilteacht cumas núicléach sibhialta, agus chun leanúint den dearadh, den tógáil agus den choimisiúnú is gá chun saoráidí sibhialta núicléacha a chríochnú, soláthar ábhair réamhtheachtaigh chun raidis-eatóip leighis agus feidhmeanna leighis comhchosúla a tháirgeadh, nó teicneolaíocht chriticiúil chun faireachán a dhéanamh ar radaíocht chomhshaoil, chomh maith le comhar núicléach sibhialta, go háirithe i réimse an taighde agus na forbartha.

11. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a thabhairt, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, maidir le hallmhairiú nó aistriú earraí a bhí lonnaithe go fisiciúil sa Bhealarúis sular tháinig an toirmeasc ábhartha i bhfeidhm i leith na n-earraí sin, ar earraí iad a thagann faoi chóid AC 8471, 8523, 8536 agus 9027, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006, nó maidir le cúnamh gaolmhar teicniúil agus airgeadais a sholáthar, tar éis dóibh a chinneadh gur comhpháirteanna de chuid feistí leighis iad na hearraí sin agus gur tugadh isteach san Aontas iad chun earraí comhpháirteanna lochtacha a chothabháil, a dheisiú nó a thabhairt ar ais.

12. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhíreanna 10 agus 11 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

▼**M39**

Airteagal 2rb

1. Beidh toirmeasc ar ór a cheannach, a allmhairiú, nó a aistriú, go díreach nó go hindíreach, más de thionscnamh na Bealarúise é agus má onnmhairítear ón mBealarúis é isteach san Aontas nó chuig aon tríú tír é tar éis an 1 Iúil 2024.

2. Táirgí a phróiseáiltear i dtríú tír agus ina n-ionchorpraítear na táirgí a chuirtear toirmeasc orthu i mír 1, beidh toirmeasc ar iad a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú, go díreach nó go hindíreach.

3. Beidh toirmeasc ar ór a liostaítear in Iarscríbhinn XXII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a cheannach, a allmhairiú, nó a aistriú, go díreach nó go hindíreach, más de thionscnamh na Bealarúise é agus má onnmhairítear ón mBealarúis é isteach san Aontas tar éis an 1 Iúil 2024.

4. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 3 agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí sin, go díreach nó go hindíreach, i ndáil leis na toirmisc sna míreanna sin;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 3 chun na hearraí sin a cheannach, a allmhairiú, nó a aistriú, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, i ndáil leis na toirmisc sna míreanna sin.

5. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i míreanna 1, 2 agus 3 maidir le hór atá riachtanach chun críocha oifigiúla misean taidhleoireachta, post consalach nó eagraíochtaí idirnáisiúnta sa Bhealarúis a bhfuil díolúintí acu i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta.

6. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 3 maidir le seodra óir atá le húsáid go pearsanta ag daoine nádúrtha atá ag taisteal chuig an Aontas nó ag baill dá neasteaghlaigh atá ag taisteal leo, atá faoi úinéireacht na ndaoine aonair sin agus nach bhfuil ceaptha le díol.

7. De mhaolú ar mhíreanna 1, 2 agus 3, féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a thabhairt d'aistriú nó allmhairiú earraí cultúrtha atá ar iasacht i gcomhthéacs comhar cultúrtha foirmiúil leis an mBealarúis.

8. Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na nithe ábhartha a chumhdaítear leis an Airteagal seo a chinneadh.

▼M39

Airteagal 2rc

1. Ón 1 Iúil 2024, cuirfear toirmeasc ar dhiamaint agus táirgí ina n-ionchorpraítear diamaint a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú, go díreach nó go hindíreach, más de thionscnamh na Bealarúise iad nó má onnmhairítear ón mBealarúis isteach san Aontas nó chuig aon tríú tír iad.

2. Ón 1 Iúil 2024, cuirfear toirmeasc ar dhiamaint agus táirgí ina n-ionchorpraítear diamaint a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú, go díreach nó go hindíreach, ar diamaint nó táirgí iad d'aon tionscnamh, má cuireadh d'idirthuras trí chríoch na Bealarúise iad.

3. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí sin, go díreach nó go hindíreach, i ndáil leis na toirmisc sna míreanna sin;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 chun na hearraí sin a cheannach, a allmhairiú, nó a aistriú, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, i ndáil leis na toirmisc sna míreanna sin.

4. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir le diamaint nó le hearraí ina n-ionchorpraítear diamaint atá le húsáid go pearsanta ag daoine nádúrtha atá ag taisteal chuig an Aontas nó ag baill dá neasteaghlaigh atá ag taisteal leo, atá faoi úinéireacht na ndaoine aonair sin agus nach bhfuil ceaptha le díol.

5. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla a údarú go ndéanfaí earraí cultúrtha atá ar iasacht a aistriú nó a allmhairiú i gcomhthéacs comhar cultúrtha foirmiúil leis an mBealarúis.

6. Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na nithe ábhartha a chumhdaítear leis an Airteagal seo a chinneadh.

▼M28

Airteagal 2s

1. Beidh toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) innealra áirithe a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, bíodh an t-innealta sin de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh, le haon duine, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis nó lena n-úsáid sa Bhealarúis;

(b) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear díorthaigh airgeadais, chomh maith le hárachas agus ath-árachas, a bhaineann leis na toirmisc i bpointe (a).

▼M39

1a. Innealra dá dtagraítear i mír 1, agus a onnmhairítear ón Aontas, beidh toirmeasc ar é a chur d'idirthuras trí chríoch na Bealarúise.

▼M28

2. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i mír 1 maidir le hinnealra a dhíol, a sholáthar, a aistriú ná a onnmhairiú, ná leis an gcúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann a sholáthar, i gcomhair úsáid neamh-mhíleata agus úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, atá beartaithe don mhéid seo a leanas:

▼M28

(a) chun críoch daonnúil, éigeandálaí sláinte, chun teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach, teagmhais ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach suntasach aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol, nó mar fhreagairt ar thubaistí nádúrtha;

(b) chun críoch leighis nó cógaisíochta;

(c) úsáid shealadach ag na meáin nuachta;

(d) nuashonruithe bogearraí;

(e) úsáid mar fheistí cumarsáide tomhaltóirí;

(f) an chibearshlándáil agus slándáil faisnéise a áirithiú do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha, d'eintitis nó do chomhlachtaí sa Bhealarúis, cé is moite dá rialtas agus do na gnóthais atá faoi rialú díreach nó indíreach an rialtais sin; nó

(g) úsáid phearsanta na n-earraí nó teicneolaíochta sin ag daoine nádúrtha atá ag taisteal chun na Bealarúise, agus an úsáid sin teoranta d'earraí pearsanta, earraí tí, feithiclí nó uirlisí trádála atá faoi úinéireacht an ndaoine aonair sin agus nach bhfuil beartaithe lena ndíol.

Cé is moite de phointí (f) agus (g), dearbhóidh an t-onnmhaireoir ina dhearbhú custaim go bhfuil na hítimí sin á n-onnmhairiú faoin eisceacht ábhartha a leagtar amach sa mhír seo, agus tabharfaidh sé fógra d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an t-onnmhaireoir ina chónaí nó ina bhfuil sé bunaithe faoi chéad úsáid na heisceachta ábhartha laistigh de 30 lá ón gcéad onnmhairiú sin.

▼M42

_____

▼M39

3a. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí agus na teicneolaíochta dá dtagraítear inti a údarú nó cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar, lena n-áirítear díorthaigh airgeadais, chomh maith le hárachas agus athárachas, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil sé á bheartú le haghaidh ionadaíochtaí taidhleoireachta an Aontais, na mBallstát, agus na dtíortha comhpháirtíochta, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin, agus eagraíochtaí idirnáisiúnta a bhfuil díolúintí acu i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta.

▼M42

3aa. De mhaolú ar mhír 1, agus gan dochar do na ceanglais údarúcháin de bhun Rialachán (AE) 2021/821, féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a thabhairt innealra a thagann faoi chód AC 8471 80 a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó cúnamh gaolmhar teicniúil nó airgeadais a sholáthar, i gcomhair úsáid neamh-mhíleata agus úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, tar éis don údarás sin a chinneadh go bhfuil an t-innealra nó an cúnamh gaolmhar teicniúil nó airgeadais den sórt sin beartaithe do líonraí cumarsáide leictreonaí sibhialta nach bhfuil ar fáil go poiblí.

▼M48

3ab. De mhaolú ar mhír 1a, féadfaidh na húdaráis inniúla idirthuras earraí agus teicneolaíochta a liostaítear in Iarscríbhinn XIVa a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 trí chríoch na Bealarúise a údarú, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis na hearraí nó leis an teicneolaíocht sin chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

▼M48

(a) chun críocha leighis nó cógaisíochta, nó chun críoch daonnúil, amhail seachadadh cúnaimh a sholáthar nó a éascú, lena n-áirítear soláthairtí leighis, bia, nó aistriú oibrithe daonnúla agus cúnaimh ghaolmhair nó le haghaidh aslonnaithe;

(b) le haghaidh úsáid eisiach agus faoi rialú iomlán an Bhallstáit údarúcháin agus chun a oibleagáidí cothabhála a chomhlíonadh i limistéir atá faoi chonradh léasa fhadtéarmaigh idir an Ballstát sin agus an Bhealarúis; nó

(c) bunú, oibriú, cothabháil, soláthar breosla agus athchóireáil agus sábháilteacht cumas núicléach sibhialta, agus leanúint den dearadh, den tógáil agus den choimisiúnú is gá chun saoráidí sibhialta núicléacha a chríochnú, soláthar ábhair réamhtheachtaigh chun radaiseatóip leighis agus feidhmeanna leighis comhchosúla a tháirgeadh, nó teicneolaíocht atá ríthábhachtach chun faireachán a dhéanamh ar radaíocht chomhshaoil, chomh maith le comhar núicléach sibhialta, go háirithe i réimse an taighde agus na forbartha.

▼M42

3b. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú a dheonaítear faoi mhíreanna 3a agus 3aa laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

▼M28

4. Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na míreanna ábhartha atá le cumhdach leis an Airteagal seo a chinneadh.

▼M36

Airteagal 2sa

1. Earraí agus teicneolaíocht atá oiriúnach lena n-úsáid sa tionscal eitlíochta nó sa tionscal spáis, bíodh siad de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh, beidh toirmeasc ar a ndíol, a soláthar, a n-aistriú nó a n-onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, le haon duine nádúrtha nó dlítheanach, le haon eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis nó lena n-úsáid sa Bhealarúis.

▼M39

1a. Earraí agus teicneolaíocht atá oiriúnach lena n-úsáid san eitlíocht nó i dtionscal an spáis, agus a onnmhairítear ón Aontas, beidh toirmeasc ar iad a chur d'idirthuras trí chríoch na Bealarúise.

▼M36

2. Beidh toirmeasc ar árachas agus athárachas a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, i ndáil leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1, d'aon duine, d'aon eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis nó lena n-úsáid sa Bhealarúis.

3. Beidh toirmeasc ar aon cheann nó ar aon chumasc de na gníomhaíochtaí seo a leanas a sholáthar: ollchóiriú, deisiú, iniúchadh, athionadú, modhnú nó ceartú lochta a dhéanamh ar aerárthach nó ar chomhpháirt, cé is moite d'iniúchadh réamheitilte, a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 go díreach nó go hindíreach, d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'eintiteas nó do chomhlacht sa Bhealarúis nó lena n-úsáid sa Bhealarúis.

▼M39

4. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 nó a bhaineann le soláthar, monarú agus cothabháil na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'aon eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis;

▼M39

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 chun na hearraí agus an teicneolaíocht sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, d'aon duine, d'eintiteas nó do chomhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis; nó

(c) cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar bhealach ar bith eile agus cearta rochtana nó athúsáide a thabhairt d'aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear trí bhíthin cearta maoine intleachtúla nó ar rúin trádála iad a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis.

▼M42

_____

▼M36

6. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 4, féadfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, go bhforghníomhófaí léas airgeadais aerárthaigh ar tugadh an léas i gcrích roimh an 5 Lúnasa 2023 tar éis dóibh an méid seo a leanas a chinneadh:

(a) gur gá a áirithiú go ndéanfaí aisíocaíochtaí léasa le duine dlítheanach, le heintiteas nó le comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit nach dtagann faoi aon cheann de na bearta sriantacha dá bhforáiltear sa Chinneadh seo; agus

(b) nach gcuirfear aon acmhainn eacnamaíoch ar fáil don chontrapháirtí Bealarúiseach, cé is moite d'úinéireacht an aerárthaigh a aistriú tar éis an léas airgeadais a aisíoc ina iomláine.

▼M39

6a. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 4, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí agus na teicneolaíochta atá oiriúnach lena n-úsáid san eitlíocht dá dtagraítear i mír 1, nó cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais a údarú, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil sé sin riachtanach chun earraí tíotáiniam atá ag teastáil sa tionscal aerloingseoireachta a tháirgeadh, agus nach bhfuil aon soláthar malartach ar fáil ina leith.

6b. De mhaolú ar mhír 4, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, soláthar cúnaimh theicniúil a bhaineann le húsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta dá dtagraítear i mír 1 a údarú, tar éis dóibh a chinneadh gur gá an cúnamh teicniúil sin a sholáthar chun imbhualadh idir satailítí, nó a n-athiontráil neamhbheartaithe san atmaisféar, a sheachaint.

▼M36

7. De mhaolú ar mhír 1 agus ar mhír 4, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi na coinníollacha sin a mheasann siad a bheith iomchuí, díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí a thagann faoi chóid AC 8517 71 00, 8517 79 00 agus 9026 00 00 a údarú, nó cúnamh gaolmhar teicniúil, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais a údarú, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil sé riachtanach chun críoch leighis nó cógaisíochta, nó chun críoch daonnúil, mar shampla cúnamh a sheachadadh nó seachadadh an chúnaimh a éascú, lena n-áirítear soláthairtí leighis, bia, nó aistriú oibrithe daonnúla agus cúnamh gaolmhar nó chun críoch aslonnuithe.

▼M36

Agus cinneadh á dhéanamh maidir le hiarrataí ar údaruithe chun críoch leighis, cógaisíochta nó daonnúil i gcomhréir leis an mír seo, ní dheonóidh na húdaráis náisiúnta inniúla údarú le haghaidh onnmhairí d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'aon eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó lena úsáid sa Bhealarúis, má tá forais réasúnacha acu chun a chreidiúint go bhféadfadh úsáid deiridh mhíleata a bheith ag na hearraí.

▼M39

7a. De mhaolú ar mhír 1a, féadfaidh na húdaráis inniúla a údarú go gcuirfí d'idirthuras trí chríoch na Bealarúise, earraí agus teicneolaíocht atá oiriúnach lena n-úsáid san eitlíocht nó i dtionscal an spáis dá dtagraítear i mír 1, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin beartaithe chun na gcríoch a leagtar amach i míreanna 6a, 6b agus 7.

7b. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí a liostaítear in Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a údarú, más beartaithe lena n-úsáid go heisiach ag an mBallstát údarúcháin agus faoina rialú iomlán atá na hearraí agus chun a oibleagáidí cothabhála a chomhlíonadh i limistéir atá faoi chomhaontú léasa fhadtéarmaigh idir an Ballstát sin agus an Bhealarúis.

▼M36

8. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údaruithe arna ndeonú faoin Airteagal seo laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

9. Beidh an toirmeasc i mír 1 gan dochar d'Airteagail 2c(4), pointe (b) agus 2d(4), pointe (b)

10. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 4, pointe (a) maidir le malartú faisnéise arb é is aidhm dó caighdeáin theicniúla a bhunú faoi chuimsiú na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta i ndáil le hearraí agus teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1.

11. Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na nithe ábhartha atá le cumhdach leis an Airteagal seo a chinneadh.

▼M29

Airteagal 2t

1. Toirmeascfar maoiniú poiblí nó cúnamh airgeadais a sholáthar le haghaidh trádáil leis an mBealarúis nó le haghaidh infheistíocht sa Bhealarúis.

2. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir leis an méid seo a leanas:

(a) ceangaltais cheangailteacha i dtaca le maoiniú nó ceangaltais maidir le cúnamh airgeadais, ar ceangaltais iad a bunaíodh roimh an 10 Márta 2022;

▼M42

_____

▼M29

(c) maoiniú poiblí nó cúnamh airgeadais a sholáthar le haghaidh trádáil i mbia agus chun críoch talmhaíochta, leighis nó daonnúil.

▼M42

3. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad is iomchuí, soláthar maoinithe phoiblí nó cúnaimh airgeadais a údarú suas le luach iomlán EUR 10 000 000 in aghaidh an tionscadail, ar maoiniú nó cúnamh é a théann chun tairbhe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide atá bunaithe san Aontas.

4. Cuirfidh an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú a dheonaítear faoi mhír 3 laistigh de choicís ón údarú.

▼M29

Airteagal 2u

▼M42

1. Beidh toirmeasc ar aon taisce a ghlacadh ó náisiúnaigh de chuid na Bealarúise nó daoine nádúrtha a bhfuil cónaí orthu sa Bhealarúis, daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Bhealarúis nó duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe lasmuigh den Aontas agus a bhfuil níos mó ná 50 % dá chearta dílseánaigh faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach ag náisiúnaigh de chuid na Bealarúise nó ag daoine nádúrtha a bhfuil cónaí orthu sa Bhealarúis, más mó ná EUR 100 000 luach iomlán thaiscí an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh, an eintitis nó an chomhlachta in aghaidh na hinstitiúide creidmheasa.

▼M48

1a. Cuirfear toirmeasc ar na seirbhísí seo a leanas a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, do náisiúnaigh na Bealarúise nó do dhaoine nádúrtha a bhfuil cónaí orthu sa Bhealarúis, nó do dhaoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Bhealarúis:

(a) seirbhísí cripteashócmhainní, mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]);

(b) ionstraimí íocaíochta a eisiúint, idirbhearta íocaíochta a fháil, nó seirbhísí tionscanta íocaíochta, mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]);

(c) ríomh-airgead a eisiúint, mar a shainmhínítear i dTreoir 2009/110/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

1b. Cuirfear toirmeasc ón 26 Márta 2025 ar chead a thabhairt do náisiúnaigh na Bealarúise nó do dhaoine nádúrtha a bhfuil cónaí orthu sa Bhealarúis, go díreach nó go hindíreach, aon phost i gcomhlachtaí rialachais duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta atá ionchorpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit agus a sholáthraíonn seirbhísí tiachóige, cuntais nó cumhdaigh criptea-shócmhainní a shealbhú, a rialú, nó na poist sin a bheith acu.

([1]) Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí cripteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937 (IO L 150, 9.6.2023, lch. 40, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1114/oj).

([2]) Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoir 2002/65/CE, Treoir 2009/110/CE agus Treoir 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE (IO L 337, 23.12.2015, lch. 35, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2015/2366/oj).

([3]) Treoir 2009/110/CE an 16 Meán Fómhair 2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dul i mbun gnó foras airgid leictreonaigh, gnó den sórt sin a shaothrú nó maoirsiú stuama a dhéanamh air, lena leasaítear Treoracha 2005/60/CE agus 2006/48/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/46/CÉ (IO L 267, 10.10.2009, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/110/oj).

▼M29

2. Ní bheidh feidhm ag ►M42 Míreanna 1, 1a agus 1b ◄ maidir le náisiúnaigh Ballstáit, le náisiúnaigh tíre sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ná le náisiúnaigh na hEilvéise, ná le daoine nádúrtha ag a bhfuil cead cónaithe sealadach nó buan acu i mBallstáit, i dtír is comhalta den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó san Eilvéis.

▼M42

_____

▼M48

4. De mhaolú ar mhíreanna (1) agus (1a), féadfaidh na húdaráis inniúla a údarú go nglacfar leis an taisce sin nó go soláthrófar seirbhís den sórt sin, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh gur fíor an méid seo a leanas maidir le glacadh leis an taisce sin nó leis an soláthar seirbhíse sin:

(a) tá gá leis chun bunriachtanais daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintiteas nó comhlachtaí dá dtagraítear i mír 1 a chomhlíonadh, agus chun bunriachtanais a mball teaghlaigh chleithiúnacha a chomhlíonadh, lena n-áirítear íocaíochtaí as bia, cíos nó morgáiste, cógais agus cóir leighis, cánacha, préimheanna árachais, agus muirir fóntais phoiblí;

(b) tá sé beartaithe chun táillí gairmiúla réasúnta a íoc nó costais arna dtabhú a aisíoc, ar costais iad a bhaineann le soláthar seirbhísí dlí, agus chuige sin amháin;

(c) tá gá leis i gcás costais urghnácha, ar choinníoll go bhfuil fógra tugtha ag an údarás inniúil ábhartha d'údaráis inniúla na mBallstát eile agus don Choimisiún faoi na forais a mheasann sé ar ar cheart údarú sonrach a dheonú, dhá sheachtain ar a laghad roimh an údarú; nó

(d) tá gá leis chun críocha oifigiúla misin taidhleoireachta nó poist chonsalachta nó eagraíochta idirnáisiúnta.

(e) tá sé beartaithe go heisiach chun táillí nó muirir seirbhíse a íoc as cistí reoite nó acmhainní eacnamaíocha reoite a choinneáil nó a chothabháil go rialta; nó

(f) tá gá leis le haghaidh trádáil trasteorann neamhthoirmiscthe in earraí agus seirbhísí idir an tAontas agus an Bhealarúis.

4a. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1a, pointí (b) agus (c), maidir le soláthar na faisnéise aitheantais slándála phearsantaithe is gá chun rochtain a fháil ar chuntas le hinstitiúid creidmheasa nó le hinstitiúid ríomh-airgid atá bunaithe i mBallstát nó i dtír mar a liostaítear in Iarscríbhinn IVa.

4b. De mhaolú ar mhír 1a, pointí (b) agus (c), féadfaidh na húdaráis inniúla soláthar seirbhíse den sórt sin a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh gur gá déanamh amhlaidh chun úsáid eisiach a bhaint as daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Bhealarúis agus atá faoi úinéireacht nó faoi rialú aonair nó comhpháirteach duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit nó tíre mar a liostaítear in Iarscríbhinn IVa.

4c. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhír 4, pointe (a), (b), (d), (e) nó (f), agus faoi mhír 4b laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

▼M48

5. De mhaolú ar Airteagal 2u(1) agus (1a), féadfaidh na húdaráis inniúla a údarú go nglacfar leis an taisce sin nó go soláthrófar seirbhís den sórt sin, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh gur fíor an méid seo a leanas maidir le glacadh leis an taisce sin nó leis an soláthar seirbhíse sin:

▼M29

(a) tá gá leis chun críoch daonnúil, amhail seachadadh cúnaimh nó seachadadh cúnaimh a éascú, lena n-áirítear soláthairtí liachta, bia, nó oibrithe daonnúla agus cúnamh gaolmhar a aistriú nó le haghaidh aslonnaithe; nó

(b) tá gá leis le haghaidh ghníomhaíochtaí na sochaí sibhialta lena ndéantar an daonlathas, cearta an duine nó an smacht reachta a chur chun cinn go díreach sa Bhealarúis.

Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoin mír seo laistigh de dhá sheachtain ón údarú.

Airteagal 2v

1. Toirmeascfar taisclanna lárnacha urrús an Aontais aon seirbhís a sholáthar mar a shainmhínítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) i gcás urrúis inaistrithe a eiseofar tar éis an 12 Aibreán 2022 d'aon náisiúnach de chuid na Bealarúise nó d'aon duine nádúrtha a bhfuil cónaí air sa Bhealarúis nó d'aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe sa Bhealarúis.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le náisiúnaigh Ballstáit ná le daoine nádúrtha a bhfuil cead cónaithe sealadach nó buan acu i mBallstát.

Airteagal 2w

▼M30

1. Cuirfear toirmeasc ar urrúis inaistrithe arna n-ainmniú in aon airgeadra oifigiúil de chuid Ballstáit agus a eisítear tar éis an 12 Aibreán 2022, nó aonaid i ngnóthais chomhinfheistíochta a chuireann neamh-chosaint ar na hurrúis sin ar fáil, a dhíol le haon náisiúnach de chuid na Bealarúise nó le haon duine nádúrtha a chónaíonn sa Bhealarúis nó le haon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dlíthiúil atá bunaithe sa Bhealarúis.

▼M29

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le náisiúnaigh Ballstáit ná le daoine nádúrtha a bhfuil cead cónaithe sealadach nó buan acu i mBallstát.

▼M30

Airteagal 2x

1. Cuirfear toirmeascfar ar nótaí bainc arna n-ainmniú in aon airgeadra oifigiúil de chuid Ballstáit a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú chuig an mBealarúis nó chuig aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, lena n-áirítear an rialtas agus Banc Ceannais na Bealarúise, nó lena n-úsáid sa Bhealarúis.

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús agus lena leasaítear Treoir 98/26/CE agus Treoir 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 (IO L 257, 28.8.2014, lch. 1).

▼M42

2. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir le díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú nótaí bainc arna n-ainmniú in aon airgeadra oifigiúil de chuid Ballstáit ar choinníoll go bhfuil gá iad a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú le haghaidh an méid seo a leanas:

(a) úsáid phearsanta daoine nádúrtha a thaistealaíonn go dtí an Bhealarúis nó baill dá ngartheaghlaigh atá ag taisteal leo;

(b) críocha oifigiúla misin taidhleoireachta, post consalachta nó eagraíochtaí idirnáisiúnta sa Bhealarúis a thairbhíonn de dhíolúintí i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta; nó

(c) gníomhaíochtaí na sochaí sibhialta agus na meán a chuireann an daonlathas, cearta an duine nó an smacht reachta sa Bhealarúis chun cinn go díreach agus a fhaigheann cistiú poiblí ón Aontas, ó na Ballstáit nó ó thíortha a liostaítear in Iarscríbhinn Vba a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006.

▼M32

Airteagal 2y

▼M46

1. Toirmiscfear gabháil, go díreach nó go hindíreach, d'aon idirbheart le daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn V nó le haon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe sa Bhealarúis a bhfuil níos mó ná 50 % dá chearta dílseánaigh faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach ag eintiteas a liostaítear in Iarscríbhinn V.

1a. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir leis na hidirbhearta seo a leanas:

(a) idirbhearta a bhfuil gá leo d'fheidhmiú ionadaíochtaí taidhleoireachta agus consalacha an Aontais agus na mBallstát nó na dtíortha comhpháirtíochta sa Bhealarúis, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin, nó eagraíochtaí idirnáisiúnta sa Bhealarúis a thairbhíonn de dhíolúintí i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta;

(b) idirbhearta arna ndéanamh ag náisiúnaigh Ballstáit ar cónaitheoirí de chuid na Bealarúise iad agus a bhí amhlaidh roimh an 24 Feabhra 2022;

▼M48

(c) a bhfuil gá leo chun táirgí cógaisíochta, leighis nó talmhaíochta agus bia, lena n-áirítear cruithneacht agus leasacháin a gceadaítear a n-onnmhairiú, a ndíol, a soláthar, a n-aistriú nó a n-iompar chuig an mBealarúis faoin gCinneadh seo, a onnmhairiú, a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a iompar;

(d) a bhfuil gá leo chun rochtain ar imeachtaí breithiúnacha, riaracháin nó eadrána i mBallstát a áirithiú, agus chun aitheantas nó forfheidhmiú a dhéanamh maidir le breithiúnas nó dámhachtain eadrána arna soláthar i mBallstát, ar choinníoll go bhfuil idirbhearta den sórt sin comhsheasmhach le cuspóirí an gCinneadh seo;

▼M48

(e) a bhfuil gá leo chun críoch daonnúil, ar nós cúnamh a sheachadadh nó an seachadadh sin a éascú, lena n-áirítear soláthairtí leighis, bia, nó oibrithe daonnúla agus cúnamh gaolmhar a aistriú, nó le haghaidh aslonnuithe;

▼M52

(f) idirbhearta a bhfuil gá leo chun glacadh le híocaíochtaí atá dlite ó na daoine dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí dá dtagraítear in Iarscríbhinn V de bhun conarthaí agus oibleagáidí a comhlíonadh roimh an 24 Aibreán 2026;

(g) idirbhearta a bhfuil géarghá leo chun táillí gairmiúla réasúnta a íoc nó chun speansais arna dtabhú a bhaineann le soláthar seirbhísí dlí a aisíoc; nó

(h) idirbhearta a bhfuil gá leo le haghaidh riachtanais eagraíochtaí idirmheánacha státchistithe le haghaidh bheartas cultúrtha eachtrach na mBallstát sa Bhealarúis.

▼M46

1b. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, idirbhearta a údarú a bhfuil géarghá leo le haghaidh dífheistiú ón mBealarúis nó chun gníomhaíochtaí gnó sa Bhealarúis a fhoirceannadh.

▼M32

2. Maidir le gach duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear in Iarscríbhinn V, beidh feidhm ag an toirmeasc a leagtar amach i mír 1 ón dáta a luaitear dó san Iarscríbhinn sin. Beidh feidhm ag an toirmeasc amhail ón dáta céanna sin maidir le haon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe sa Bhealarúis a bhfuil níos mó ná 50 % dá chearta dílseánaigh faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach ag eintiteas a liostaítear in Iarscríbhinn V.

▼M30

Airteagal 2z

1. Cuirfear toirmeasc ar aon ghnóthas iompair de bhóthar atá bunaithe sa Bhealarúis earraí a iompar de bhóthar laistigh de chríoch an Aontais, lena n-áirítear earraí faoi bhealach.

▼M39

1a. Beidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir le hiompar earraí laistigh de chríoch an Aontais ag gnóthais iompair de bhóthar, a dhéantar trí bhíthin leantóirí nó leathleantóirí atá cláraithe sa Bhealarúis, lena n-áirítear nuair is trucailí atá cláraithe i dtíortha eile a tharraingíonn iad.

▼M42

1b. Aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe san Aontas agus ar le duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht de chuid na Bealarúise 25 % nó níos mó díobh, cuirfear toirmeasc ar a ligean chun bheith ina ghnóthas iompair de bhóthar a iompraíonn earraí de bhóthar laistigh de chríoch an Aontais, lena n-áirítear earraí ar idirthuras.

▼M42

Aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe san Aontas roimh an 8 Aibreán 2022, ar gnóthas iompair de bhóthar é cheana a iompraíonn earraí de bhóthar laistigh de chríoch an Aontais, lena n-áirítear earraí ar idirthuras, cuirfear toirmeasc air aon athrú a dhéanamh ar a struchtúr caipitil lena méadófaí an sciar céatadáin atá faoi úinéireacht duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht Bealarúiseach, ach amháin má fhanann an sciar céatadáin sin faoi bhun 25 % tar éis athrú den sórt sin.

▼M39

1c. Toirmiscfear é, ón 2 Lúnasa 2024 i gcás aon ghnóthas iompair de bhóthar atá bunaithe san Aontas tar éis an 8 Aibreán 2022, agus ar le duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht Bealarúiseach 25 % nó níos mó de é chun earraí a iompar de bhóthar laistigh de chríoch an Aontais, lena n-áirítear ar idirthuras.

1d. Déanfaidh gnóthais iompair de bhóthar atá bunaithe san Aontas, arna iarraidh d'údarás inniúil náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil siad bunaithe, faisnéis faoina struchtúr úinéireachta a sholáthar don údarás inniúil náisiúnta sin.

▼M30

2. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir le gnóthais iompair de bhóthar a iompraíonn post mar sheirbhís uilíoch.

▼M39

2a. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1b agus 1c maidir le gnóthais iompair de bhóthar atá bunaithe san Aontas agus ar le náisiúnaigh Bealarúiseacha ar náisiúnaigh de Bhallstát iad freisin 25 % nó níos mó nó a bhfuil cead cónaithe sealadach nó buan acu i mBallstát.

▼M42

_____

▼M39

4. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 1a, féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit iompar earraí ag gnóthas iompair de bhóthar a bhunaítear sa Bhealarúis nó ag aon ghnóthas iompair de bhóthar a údarú nuair a dhéantar sin trí bhíthin leantóirí nó leathleantóirí a chláraítear sa Bhealarúis, lena n-áirítear más trucailí a chláraítear i dtíortha eile a tharraingíonn na leantóirí nó na leathleantóirí sin, má tá sé cinntithe ag na húdaráis inniúla go bhfuil gá leis an iompar sin chun na gcríoch seo a leanas:

▼M30

(a) gás agus ola nádúrtha, lena n-áirítear táirgí peitriliam scagtha, mar aon le tíotáiniam, alúmanam, copar, nicil, pallaidiam agus amhiarainn, a cheannach, a allmhairiú nó a iompar isteach san Aontas;

(b) táirgí cógaisíochta, míochaine, talmhaíochta agus bia, lena n-áirítear cruithneacht, a cheannach, a allmhairiú nó a iompar agus leasacháin a cheadaítear a allmhairiú, a cheannach agus a iompar faoin gCinneadh seo;

▼M30

(c) chun críoch daonnúil; nó,

▼M39

(d) feidhmiú ionadaíochtaí taidhleoireachta agus consalacha sa Bhealarúis, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin, nó eagraíochtaí idirnáisiúnta sa Bhealarúis a thairbhíonn de dhíolúintí i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta.

▼M30

5. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhír 4 laistigh de dhá sheachtain ón údarú.

▼M52

Airteagal 2za

1. Beidh toirmeasc ar ghabháil, go díreach nó go hindíreach, d'aon idirbheart le duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a fhéachann le breithiúnais a fhorfheidhmiú lasmuigh den Aontais lena sásaítear éilimh dá dtagraítear in Airteagal 8h(1) de Rialachán (CE) Uimh. 765/2006, nó a chomhoibríonn san fhorfheidhmiú sin, nó le daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhfuil na daoine dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí sin faoi úinéireacht nó faoi rialú acu, cé is moite de dhlíodóirí agus de chomhaltaí den bhreithiúnacht, mar a liostaítear in Iarscríbhinn VII.

2. Mura dtoirmisctear ar bhealach eile iad, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i mír 1 maidir leis na hidirbhearta seo a leanas:

(a) idirbhearta a bhfuil gá leo chun táirgí cógaisíochta, leighis nó talmhaíochta agus bia a cheannach, a allmhairiú nó a iompar, lena n-áirítear cruithneacht agus leasacháin a gceadaítear a gceannach, a n-allmhairiú, agus a n-iompar faoin gCinneadh seo;

(b) idirbhearta a bhfuil gá leo chun rochtain ar imeachtaí breithiúnacha, riaracháin nó eadrána i mBallstát a áirithiú, agus chun aitheantas nó forfheidhmiú a dhéanamh maidir le breithiúnas nó dámhachtain eadrána arna soláthar i mBallstát, ar choinníoll go bhfuil na hidirbhearta sin comhsheasmhach le cuspóirí an Chinnidh seo;

(c) idirbhearta atá gan dochar do phointe (b) den mhír seo, idirbhearta a bhfuil géarghá leo chun cúiteamh a fháil i leith damáistí de bhun Airteagal 8h de Rialachán (CE) Uimh. 765/2006.

Airteagal 2zb

Beidh toirmeasc ar ghabháil, go díreach nó go hindíreach, d'aon idirbheart a bhaineann leis na cripteashócmhainní nó le hairgeadraí digiteacha bainc ceannais a liostaítear in Iarscríbhinn VIII, nó aon tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt na gcripteashócmhainní sin nó na n-airgeadraí digiteacha sin de chuid bainc ceannais.

Airteagal 2zc

1. Beidh toirmeasc ar ghabháil, go díreach nó go hindíreach, d'aon idirbheart le duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht ar eintiteas é a sholáthraíonn seirbhísí cripteashócmhainní nó ar ardán é lena gcumasaítear cripteashócmhainní a mhalartú nó a aistriú agus atá bunaithe sa Bhealarúis.

▼M52

2. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir leis na hidirbhearta seo a leanas:

(a) idirbhearta a bhfuil gá leo maidir le feidhmiú ionadaíochtaí taidhleoireachta agus consalacha an Aontais agus na mBallstát nó tíortha comhpháirtíochta sa Bhealarúis, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin, nó eagraíochtaí idirnáisiúnta sa Bhealarúis a thairbhíonn de dhíolúintí i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta;

(b) idirbhearta arna ndéanamh ag náisiúnaigh de Bhallstáit a bhfuil cónaí orthu sa Bhealarúis agus a bhí amhlaidh roimh an 24 Feabhra 2022.

3. Beidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 ón 25 Bealtaine 2026.

▼B

Article 3

▼M43
▼C8

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun teacht isteach ina gcríocha, nó idirthuras trína gcríocha, a chosc i gcás na ndaoine a liostaítear in Iarscríbhinn I, ar daoine iad:

(a) atá freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine nó as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach, nó a mbaineann a gcuid gníomhaíochtaí an bonn go mór ar shlí eile den daonlathas nó den smacht reachta sa Bhealarúis, agus aon duine a bhfuil baint aige leo;

(b) a bhaineann tairbhe as réimeas Lukashenka nó a thacaíonn leis;

(c) a eagraíonn gníomhaíochtaí réimeas Lukashenka nó a rannchuidíonn leo, ar gníomhaíochtaí iad lena n-éascaítear an méid seo a leanas:

(i) trasnú neamhdhleathach theorainneacha seachtracha an Aontais; nó

(ii) aistriú earraí toirmiscthe agus aistriú neamhdhleathach earraí srianta, lena n-áirítear earraí guaiseacha, isteach i gcríoch Ballstáit;

▼M49

(ca) atá freagrach as gníomhaíochtaí nó beartais atá inchurtha i leith Phoblacht na Bealarúise a chur chun feidhme, tacú leo, tairbhe a bhaint astu, a bheith rannpháirteach iontu nó iad a éascú, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn den daonlathas, den smacht reachta, den chobhsaíocht nó den tslándáil san Aontas, i gceann amháin nó i roinnt dá Bhallstáit, in eagraíocht idirnáisiúnta nó i dtríú tír, nó ar bagairt iad ar an méid sin, nó lena mbaintear an bonn de cheannasacht nó de neamhspleáchas ceann amháin nó roinnt dá Bhallstáit, nó de thríú tír, nó ar bagairt iad ar an méid sin, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) ionramháil agus cur isteach ar fhaisnéis a phleanáil, a stiúradh, páirt a ghlacadh ann, go díreach nó go hindíreach, tacú leis nó é a éascú ar bhealach éigin eile;

▼M49

(ii) aon ghníomhaíocht a phleanáil, a stiúradh, páirt a ghlacadh inti, go díreach nó go hindíreach, tacú léi nó í a éascú ar bhealach eile, ar gníomhaíocht í atá dírithe i gcoinne feidhmiú institiúidí daonlathacha, feidhmiú gníomhaíochtaí eacnamaíocha nó feidhmiú seirbhísí leasa phoiblí, lena n-áirítear trí dhul isteach ar bhealach neamhúdaraithe ar chríoch Bhallstáit, lena n-áirítear a aerspás, nó aon ghníomhaíocht dar cuspóir cur isteach ar bhonneagar criticiúil, damáiste a dhéanamh dó nó é a scriosadh, lena n-áirítear trí shabaitéireacht nó cibirghníomhaíochtaí mailíseacha mar chuid de ghníomhaíochtaí hibrideacha;

(iii) gníomhaíochtaí forleathana nó córasacha lena gcuirtear isteach ar fheidhmiú an bhonneagair chriticiúil a phleanáil, a stiúradh, páirt a ghlacadh iontu, go díreach nó go hindíreach, tacú leo, nó iad a éascú nó a chumasú ar bhealach eile;

(cb) ar daoine nádúrtha iad atá ag tacú leis na daoine atá páirteach i ngníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (ca);

▼C8

(d) atá mar chuid de choimpléasc tionsclaíoch míleata na Bealarúise, a thugann tacaíocht dó, go hábhartha nó ó thaobh airgeadais de, nó a bhaineann tairbhe as, lena n-áirítear trí pháirt a ghlacadh i bhforbairt, táirgeadh nó soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata;

(e) a éascaíonn sáruithe ar an toirmeasc ar dhul timpeall ar fhorálacha an Chinnidh seo nó a chuireann bac suntasach ar bhealach eile ar na forálacha sin; nó

▼M49

(f) ar daoine nádúrtha iad a bhfuil baint acu le daoine dá dtagraítear i bpointí (b), (c), (ca), (d) nó (e).

▼B

2. Paragraph 1 shall not oblige a Member State to refuse its own nationals entry into its territory.

3. Paragraph 1 shall be without prejudice to the cases where a Member State is bound by an obligation of international law, namely:

(a) as a host country of an international intergovernmental organisation;

(b) as a host country to an international conference convened by, or under the auspices of, the United Nations;

(c) under a multilateral agreement conferring privileges and immunities;

or

(d) under the 1929 Treaty of Conciliation (Lateran pact) concluded by the Holy See (State of the Vatican City) and Italy.

4. Paragraph 3 shall be considered as applying also in cases where a Member State is host country of the Organisation for Security and Cooperation in Europe (OSCE).

▼B

5. The Council shall be duly informed in all cases where a Member State grants an exemption pursuant to paragraphs 3 or 4.

6. Member States may grant exemptions from the measures imposed in paragraph 1 where travel is justified on the grounds of urgent humanitarian need, or on grounds of attending intergovernmental meetings, including those promoted or hosted by the Union, or hosted by a Member State holding the Chairmanship in office of the OSCE, where a political dialogue is conducted that directly promotes democracy, human rights and the rule of law in Belarus.

7. A Member State wishing to grant exemptions referred to in paragraph 6 shall notify the Council in writing. The exemption shall be deemed to be granted unless one or more of the Council members raises an objection in writing within two working days of receiving notification of the proposed exemption. Should one or more of the Council members raise an objection, the Council, acting by a qualified majority, may decide to grant the proposed exemption.

8. In cases where pursuant to paragraphs 3, 4, 6 and 7 a Member State authorises the entry into, or transit through, its territory of any person listed in ►M26 Iarscríbhinn I ◄, the authorisation shall be limited to the purpose for which it is given and to the person concerned thereby.

Article 4

▼M24

1. Déanfar cistí agus acmhainní eacnamaíocha ar leis, ar i seilbh nó ar faoi rialú daoine, eintiteas nó comhlachtaí a liostaítear san ►M26 Iarscríbhinn I ◄ a chalcadh, ar daoine, eintiteas nó comhlachtaí iad a chomhlíonann aon cheann de na critéir seo a leanas:

(a) daoine, eintitis nó comhlachtaí atá freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine nó as cos ar bolg a dhéanamh ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach, nó a mbaineann a ngníomhaíochtaí an bonn den daonlathas nó den smacht reachta sa Bhealarúis, agus aon daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhfuil baint acu le daoine, eintitis nó comhlachtaí den sórt sin;

(b) daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhaineann tairbhe as réimeas Lukashenka nó a thacaíonn leis;

(c) daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a eagraíonn nó a rannchuidíonn le gníomhaíochtaí réimeas Lukashenka lena n-éascaítear na nithe seo a leanas:

(i) trasnú neamhdhleathach theorainneacha seachtracha an Aontais; nó

(ii) aistriú earraí toirmiscthe agus aistriú neamhdhleathach earraí srianta, lena n-áirítear earraí guaiseacha, isteach i gcríoch Bhallstáit;

▼M49

(ca) daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá freagrach as gníomhaíochtaí nó beartais atá inchurtha i leith Phoblacht na Bealarúise, nó a chuireann chun feidhme gníomhaíochtaí nó beartais, nó a thacaíonn leo, a bhaineann tairbhe astu, atá rannpháirteach iontu nó a dhéanann iad a éascú, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn den daonlathas, den smacht reachta, den chobhsaíocht nó den tslándáil san Aontas, i gceann amháin nó i roinnt dá Bhallstáit, in eagraíocht idirnáisiúnta nó i dtríú tír, nó ar bagairt iad ar an méid sin, nó lena mbaintear an bonn de cheannasacht nó de neamhspleáchas ceann amháin nó roinnt dá Bhallstáit, nó de thríú tír, nó ar bagairt iad ar an méid sin, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) ionramháil agus cur isteach ar fhaisnéis a phleanáil, a stiúradh, páirt a ghlacadh ann, go díreach nó go hindíreach, tacú leis nó é a éascú ar bhealach eile

(ii) gníomhaíocht a phleanáil, a stiúradh, páirt a ghlacadh inti, go díreach nó go hindíreach, tacú léi nó í a éascú ar bhealach eile ar gníomhaíocht í atá dírithe i gcoinne feidhmiú institiúidí daonlathacha, feidhmiú gníomhaíochtaí eacnamaíocha nó feidhmiú seirbhísí leasa phoiblí, lena n-áirítear trí dhul isteach ar bhealach neamhúdaraithe ar chríoch Bhallstáit, lena n-áirítear a aerspás, nó ar gníomhaíocht í arb é is toradh léi go ndéantar feidhmiú an bhonneagair chriticiúil a réabadh, nó aon ghníomhaíocht dar cuspóir cur isteach ar bhonneagar criticiúil, damáiste a dhéanamh dó nó é a scriosadh, lena n-áirítear trí shabaitéireacht nó cibirghníomhaíochtaí mailíseacha mar chuid de ghníomhaíochtaí hibrideacha;

(iii) gníomhaíochtaí forleathana nó córasacha lena gcuirtear isteach ar fheidhmiú an bhonneagair chriticiúil a phleanáil, a stiúradh, páirt a ghlacadh iontu, go díreach nó go hindíreach, tacú leo, nó iad a éascú nó a chumasú ar bhealach eile;

(cb) daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá ag tacú leis na daoine, na heintitis nó na comhlachtaí atá páirteach i ngníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (ca);

▼M39

(d) daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a éascaíonn sáruithe ar an toirmeasc ar dhul timpeall ar fhorálacha an Chinnidh seo nó a chuireann bac suntasach ar bhealach eile ar na forálacha sin;

▼M42

(da) daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá mar chuid de choimpléasc tionsclaíoch míleata na Bealarúise, a thugann tacaíocht dó, go hábhartha nó ó thaobh airgeadais de, nó a bhaineann tairbhe as, lena n-áirítear trí pháirt a ghlacadh i bhforbairt, táirgeadh nó soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.

(e) daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá faoi úinéireacht nó faoi rialú daoine, eintitis nó comhlachtaí a thagann faoi phointí (a) go (da);

▼M49

(f) daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhfuil baint acu le daoine, eintitis nó comhlachtaí dá dtagraítear i bpointí (b), (c), (ca), (d) nó (da).

▼B

2. No funds or economic resources shall be made available, directly or indirectly, to or for the benefit of such natural or legal persons, entities or bodies listed in ►M26 Iarscríbhinn I ◄.

▼M20

Airteagal 5

1. Féadfaidh údarás inniúil Ballstáit údarú a thabhairt cistí nó acmhainní eacnamaíocha reoite áirithe a scaoileadh, nó cistí áirithe nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a chur ar fáil, faoi cibé coinníollacha a measann sé is iomchuí, tar éis dó a chinneadh gurb amhlaidh i gcás na gcistí nó na n-acmhainní eacnamaíocha lena mbaineann:

(a) gur den riachtanas iad chun bunriachtanais aon duine gona mbaill teaghlaigh chleithiúnacha a liostaítear san ►M26 Iarscríbhinn I ◄ a shásamh, lena n-áirítear íocaíochtaí le haghaidh earraí bia, cíos nó morgáiste, leigheasra agus cóireáil liachta, cánacha, préimheanna árachais, agus muirir fóntais phoiblí;

(b) go bhfuil siad ceaptha chun táillí gairmiúla réasúnta a íoc agus costais arna dtabhú a aisíoc a bhaineann le soláthar seirbhísí dlí, agus chuige sin amháin;

(c) go bhfuil siad ceaptha chun táillí nó muirir sheirbhíse a íoc as cistí nó acmhainní eacnamaíocha reoite a choinneáil nó a chothabháil ar bhonn rialta, agus chuige sin amháin;

(d) gur den riachtanas iad i gcomhair speansas urghnách, ar choinníoll go bhfuil fógra tugtha ag an údarás inniúil do na húdaráis inniúla eile agus don Choimisiún, dhá sheachtain ar a laghad roimh an údarú, faoi na forais ar a measann sé gur cheart údarú sonrach a dheonú;

(e) go bhfuil siad le híoc isteach i gcuntas misin taidhleoireachta nó i gcuntas postaithe consalaigh nó eagraíochta idirnáisiúnta ag a bhfuil díolúintí i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, nó le híoc amach as an gcuntas sin, a mhéid atá sé ceaptha na híocaíochtaí sin a úsáid chun críocha oifigiúla de chuid an mhisin taidhleoireachta nó chonsalaigh nó na heagraíochta idirnáisiúnta;

▼M26

(f) go bhfuil siad beartaithe go heisiach don íocaíocht a íoc is gá le haghaidh:

(i) cuspóirí daonnúla, daoine a aslonnú nó a aisdúichiú, nó le haghaidh tionscnaimh lena dtugtar tacaíocht d'íospartaigh tubaistí nádúrtha, núicléacha nó ceimiceacha;

(ii) eitiltí a oibriú faoi chuimsiú nósanna imeachta uchtála idirnáisiúnta;

(iii) eitiltí a oibriú atá ag teastáil chun freastal ar chruinnithe arb é is cuspóir dóibh réiteach a fháil ar an ngéarchéim sa Bhealarúis nó cuspóirí beartais na mbeart sriantach a chur chun cinn;

(iv) tuirlingt, éirí den talamh nó traseitilt éigeandála aeriompróra de chuid an Aontais Eorpaigh; nó

▼M20

(g) gur den riachtanas iad chun déileáil le hábhair aersháblháilteachta, ar ábhair phráinneacha arna sainaithint go soiléir iad, agus tar éis dul i gcomhairle roimh ré le Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh.

Cuirfidh an Ballstát na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoin mhír seo.

▼B

2. Article 4(2) shall not apply to the addition to frozen accounts of:

(a) interest or other earnings on those accounts; or

(b) payments due under contracts, agreements or obligations that were concluded or arose prior to the date on which those accounts became subject to the provisions of Common Position 2006/276/CFSP, Council Decision 2010/639/CFSP or this Decision.

and provided that any such interest, other earnings and payments continue to be subject to Article 4(1) of this Decision.

3. Article 4(1) shall not prevent a listed natural or legal person, entity or body from making a payment due under a contract entered into before the listing of such a natural or legal person, entity or body, provided that the relevant Member State has determined that the payment is not, directly or indirectly, received by a natural or legal person, entity or body referred to in Article 4(1).

▼M26

4. De mhaolú ar Airteagal 4(1), féadfaidh na húdaráis inniúla de chuid Ballstáit údarú a thabhairt cistí reoite nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a scaoileadh, ar an gcoinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha faoi réir cinneadh eadrána a tugadh roimh an dáta a rinneadh an duine nádúrtha nó dlítheanach, an t-eintiteas nó an comhlacht dá dtagraítear in Airteagal 4 a liostú in Iarscríbhinn I, nó tá siad faoi réir cinneadh dlí nó riaracháin a tugadh san Aontas, nó cinneadh breithiúnach atá in-fhorfheidhmithe sa Bhallstát lena mbaineann, roimh an dáta sin nó ina dhiaidh;

(b) ní bhainfear leas as na cistí ná na hacmhainní eacnamaíocha ach amháin chun éilimh a ráthaítear le cinneadh den sórt sin a chomhlíonadh nó chun éilimh a aithnítear mar éilimh bhailí sa chinneadh sin a chomhlíonadh, laistigh de na teorainneacha a leagtar síos le dlíthe agus rialacháin is infheidhme lena rialaítear cearta daoine a bhfuil na héilimh sin acu;

(c) ní chun leas duine nádúrtha nó dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta a liostaítear in Iarscríbhinn I é an cinneadh; agus

(d) níl sé in aghaidh an bheartais phoiblí sa Bhallstát lena mbaineann an cinneadh a aithint.

Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faon mír seo.

▼M39

Airteagal 5a

De mhaolú ar Airteagal 4, féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit a údarú go ndéanfaí cistí nó acmhainní eacnamaíocha reoite áirithe a scaoileadh ar le duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a liostaítear in Iarscríbhinn I iad, atá faoina n-úinéireacht, ina seilbh nó faoina rialú, nó go ndéanfaí seirbhísí a sholáthar do dhuine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht den sórt sin, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí agus tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil géarghá leis sin chun balla dóiteáin a chur ar bun, a dheimhniú nó a mheas, chun:

▼M39

(a) lena gcuirtear deireadh le rialú an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh, an eintitis nó an chomhlachta a liostaítear in Iarscríbhinn I ar shócmhainní duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta neamhliostaithe atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit agus atá faoi úinéireacht nó faoi rialú an duine, an eintitis nó an chomhlachta sin; agus

(b) áirithítear nach bhfabhróidh aon chiste ná acmhainn eacnamaíoch breise chun tairbhe an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh, an eintitis nó an chomhlachta a liostaítear.

Airteagal 5b

1. De mhaolú ar Airteagail 1b, 2c, 2d, 2db, 2e, 2ea, 2ec, 2s agus 2sa, féadfaidh na húdaráis inniúla díol, soláthar nó aistriú earraí agus teicneolaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinní Va, VI, XIV, XVII, XVIII, XX, XXIV agus XXV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a údarú go dtí an 31 Nollaig 2024, i gcás ina bhfuil géarghá leis an díol, leis an soláthar nó leis an aistriú sin le haghaidh an dífheistithe ón mBealarúis nó chun clabhsúr a chur ar ghníomhaíochtaí gnó sa Bhealarúis, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá na hearraí agus na teicneolaíochtaí faoi úinéireacht náisiúnaigh Ballstáit nó duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta atá ionchorpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit nó faoi úinéireacht daoine dlítheanacha, eintiteas nó comhlachtaí atá bunaithe sa Bhealarúis agus atá faoi úinéireacht nó faoi rialú duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit, go hiomlán nó go comhpháirteach; agus

(b) níl aon fhoras réasúnta ag na húdaráis inniúla a dhéanann cinneadh maidir le hiarrataí chun a chreidiúint go bhféadfadh sé go mbeadh na hearraí na teicneolaíochtaí beartaithe le haghaidh úsáideoir deiridh míleata nó le haghaidh úsáid deiridh mhíleata sa Bhealarúis; agus

(c) bhí na hearraí agus na teicneolaíochtaí lena mbaineann lonnaithe go fisiciúil sa Bhealarúis sular tháinig na toirmisc ábhartha in Airteagail 1b, 2c, 2d, 2db, 2e, 2ea, 2ec, 2s agus 2sa i bhfeidhm i leith na n-earraí agus na dteicneolaíochtaí sin.

2. De mhaolú ar Airteagal 2f, a mhéid a bhaineann le táirgí mianracha, agus ar Airteagail 2o, 2p, 2q, 2r, 2ra agus 2rb, féadfaidh na húdaráis inniúla allmhairiú nó aistriú earraí a liostaítear in Iarscríbhinní VII, X, XI, XII, XIII, XXI, XXII agus XXVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a údarú go dtí an 31 Nollaig 2024, i gcás ina bhfuil géarghá leis an allmhairiú nó leis an aistriú sin le haghaidh an dífheistithe ón mBealarúis nó chun clabhsúr a chur ar ghníomhaíochtaí gnó sa Bhealarúis, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá na hearraí faoi úinéireacht náisiúnaigh Ballstáit nó duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta atá ionchorpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit nó faoi úinéireacht daoine dlítheanacha, eintiteas nó comhlachtaí atá bunaithe sa Bhealarúis agus atá faoi úinéireacht nó faoi rialú duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit, go hiomlán nó go comhpháirteach; agus

(b) bhí na hearraí lena mbaineann lonnaithe go fisiciúil sa Bhealarúis sular tháinig na toirmisc ábhartha in Airteagal 2f a mhéid a bhaineann le táirgí mianracha, nó in Airteagail 2o, 2p, 2q, 2r, 2ra agus 2rb, i bhfeidhm i leith na n-earraí sin.

▼M39

3. De mhaolú ar Airteagal 2hc, féadfaidh na húdaráis inniúla leanúint sholáthar na seirbhísí a liostaítear ann a údarú go dtí an 31 Nollaig 2024 i gcás ina bhfuil géarghá leis an soláthar seirbhísí sin le haghaidh an dífheistithe ón mBealarúis nó chun gníomhaíochtaí gnó sa Bhealarúis a fhoirceannadh, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) soláthraítear na seirbhísí sin do dhaoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bheidh ann mar thoradh ar an dífheistiú sin agus dá dtairbhe amháin; agus

(b) níl aon fhoras réasúnta ag na húdaráis inniúla a dhéanann cinneadh maidir le hiarrataí ar údaruithe chun a chreidiúint go bhféadfadh sé go soláthrófaí na seirbhísí go díreach nó go hindíreach do Rialtas na Bealarúise nó d'úsáideoir deiridh míleata nó le haghaidh úsáid deiridh mhíleata sa Bhealarúis;

4. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú a dheonaítear faoi mhíreanna 1, 2 nó 3 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

▼M42
▼C7

Airteagal 5ba

1. De mhaolú ar Airteagal 4 den Chinneadh seo, agus ar choinníoll go ndearnadh na cistí lena mbaineann a reo mar thoradh ar rannpháirtíocht duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo, nó duine dhlítheanaigh faoi úinéireacht nó faoi rialú duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta a liostaítear san Iarscríbhinn sin, ag gníomhú dóibh mar bhanc idirghabhálach le linn aistriú na gcistí sin chuig an Aontas ó Phoblacht na Bealarúise, ó thríú tír nó ó laistigh den Aontas, féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, údarú a thabhairt cistí reoite áirithe a scaoileadh, tar éis dóibh a chinneadh gur fíor an méid seo a leanas maidir le haistriú na gcistí sin:

(a) idir beirt daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí nach liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo;

(b) a dhéantar trí úsáid a bhaint as cuntais in institiúidí creidmheasa nach bhfuil liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo; agus

(c) ní sháraíonn siad Airteagal 4(2) ná Airteagal 2k den Chinneadh seo.

Ní bheidh feidhm ag an mír seo i ndáil le cistí reoite nó acmhainní eacnamaíocha atá i seilbh taisclann lárnach urrús de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 909/2014.

2. De mhaolú ar Airteagal 4 den Chinneadh seo, agus ar choinníoll go ndearnadh an íocaíocht lena mbaineann a reo mar thoradh ar aistriú chuig an Aontas ó Phoblacht na Bealarúise, ó thríú tír nó ó laistigh den Aontas arna thionscnamh trí dhuine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo nó uaidh, nó trí dhuine dlítheanach faoi úinéireacht nó faoi rialú duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta a liostaítear san Iarscríbhinn sin nó uaidh, féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, scaoileadh na híocaíochta reoite sin a údarú, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil aistriú na híocaíochta sin:

(a) idir beirt daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí nach liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo; agus

(b) ní sháraíonn siad Airteagal 4(2) ná Airteagal 2k den Chinneadh seo.

▼C7

Ní bheidh feidhm ag an mír seo i ndáil le cistí reoite nó acmhainní eacnamaíocha atá i seilbh taisclann lárnach urrús de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 909/2014.

Ní bheidh tairbhithe aistrithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo ach ina náisiúnaigh de Bhallstát, de thír is comhalta den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó den Eilvéis, nó daoine nádúrtha ag a bhfuil cead cónaithe sealadach nó buan acu i mBallstát, i dtír is comhalta den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó san Eilvéis.

Féadfar údarú amháin in aghaidh an iarratasóra a dheonú faoin mír seo.

Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú a dheonaítear faoin mír seo laistigh de sheachtain amháin ón údarú.

▼M39

Airteagal 5c

1. Chun críocha na dtoirmeasc ar earraí a allmhairiú dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, féadfaidh na húdaráis chustaim earraí atá san Aontas go fisiciúil a scaoileadh, faoi mar a fhoráiltear in Airteagal 5, pointe (26) de Chód Custaim an Aontais ([1]), ar choinníoll gur cuireadh faoi bhráid na n-údarás custaim iad i gcomhréir le hAirteagal 134 de Chód Custaim an Aontais roimh theacht i bhfeidhm nó dháta cur i bhfeidhm na dtoirmeasc allmhairiúcháin faoi seach, cibé acu is déanaí.

2. Ceadófar gach céim nós imeachta is gá do scaoileadh na n-earraí ábhartha, dá dtagraítear i míreanna 1 agus 5, de bhun Chód Custaim an Aontais.

3. Ní cheadóidh na húdaráis chustaim scaoileadh na n-earraí má tá forais réasúnta acu a bheith in amhras go bhfuil seachaint i gceist agus ní údaróidh siad ath-onnmhairiú na n-earraí chuig an mBealarúis.

4. Beidh íocaíochtaí i ndáil leis na hearraí sin comhsheasmhach le forálacha agus cuspóirí an Chinnidh seo, go háirithe an toirmeasc ar cheannach.

5. Earraí atá san Aontas go fisiciúil agus a chuirtear faoi bhráid na n-údarás custaim roimh an 1 Iúil 2024 agus a stopadh i gcur i bhfeidhm an Chinnidh seo, féadfaidh na húdaráis chustaim iad a scaoileadh faoi na coinníollacha dá bhforáiltear i míreanna 1 go 4.

Airteagal 5d

1. Agus earraí nó teicneolaíocht mar a liostaítear in Iarscríbhinní XVI, XVII agus XXVIII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 á ndíol, á soláthar, á n-aistriú nó á n-onnmhairiú chuig tríú tír, cé is moite de na tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn Iva, earraí ardtosaíochta coiteanna mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXX a ghabhann le Rialachán (cé) Uimh. 765/2006, nó airm thine agus armlón mar a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 258/2012, déanfaidh onnmhaireoirí toirmeasc conarthach a chur ar ath-onnmhairiú chuig an mBealarúis agus ar ath-onnmhairiú le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis.

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

▼M39

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir leis an méid seo a leanas:

(a) forghníomhú conarthaí a bhaineann le hearraí a thagann faoi chóid AC 8457 10, 8458 11, 8458 91, 8459 61, 8466 93, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXX a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006;

(b) forghníomhú conarthaí a tugadh i gcrích roimh an 1 Iúil 2024 go dtí a ndáta éaga.

3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le conarthaí poiblí a tugadh i gcrích le húdarás poiblí i dtríú tír nó le heagraíocht idirnáisiúnta.

4. Cuirfidh onnmhaireoirí údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil siad ina gcónaí nó bunaithe ar an eolas faoi aon chonradh poiblí a thug siad i gcrích a thairbhigh de dhíolúine faoi mhír 3, laistigh de 2 sheachtain óna thabhairt i gcrích. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon fhaisnéis a fuarthas faoin mír seo laistigh de 2 sheachtain ón bhfaisnéis a fháil.

5. Agus mír 1 á chur i bhfeidhm, áiritheoidh onnmhaireoirí go mbeidh leigheasanna leordhóthanacha sa chomhaontú leis an gcontrapháirtí tríú tír i gcás sárú ar oibleagáid chonarthach a tugadh i gcrích i gcomhréir le mír 1.

6. Má sháraíonn an contrapháirt tríú tír aon cheann de na hoibleagáidí conarthacha a tugadh i gcrích i gcomhréir le mír 1, déanfaidh onnmhaireoirí údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil cónaí ar an gcontrapháirt nó ina bhfuil siad bunaithe a chur ar an eolas, a luaithe a fhaigheann siad amach faoin sárú sin.

7. Cuirfidh na Ballstáit a chéile agus an Coimisiún ar an eolas faoi chásanna a bhraitear inar sáraíodh oibleagáid chonarthach a tugadh i gcrích i gcomhréir le mír 1 nó ina ndeachthas timpeall uirthi.

▼B

Article 6

▼M10

1. The Council, acting upon a proposal by a Member State or the High Representative of the Union for Foreign Affairs and Security Policy, shall adopt amendments to the list contained in ►M26 Iarscríbhinn I, Iarscríbhinn II, agus Iarscríbhinn III ◄ as required by political developments in Belarus.

▼B

2. The Council shall communicate its decision, including the grounds for listing, to the person concerned, either directly, if the address is known, or through the publication of a notice, providing such person with an opportunity to present observations.

3. Where observations are submitted, or where substantial new evidence is presented, the Council shall review its decision and inform the person concerned accordingly.

▼M26

Airteagal 6a

1. Féadfaidh an Chomhairle agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála (“an tArdionadaí”), sonraí pearsanta a phróiseáil chun a gcúraimí faoin gCinneadh seo a thabhairt i gcrích, go háirithe:

▼M26

(a) a mhéid a bhaineann leis an gComhairle, chun leasuithe ar Iarscríbhinn I a ullmhú agus a dhéanamh;

(b) a mhéid a bhaineann leis an Ardionadaí, chun leasuithe ar Iarscríbhinn I a ullmhú.

2. Maidir le sonraí ábhartha a bhaineann le cionta coiriúla arna ndéanamh ag daoine nádúrtha liostaithe, le ciontuithe coiriúla nó le bearta slándála a bhaineann leis na daoine sin, ní fhéadfaidh an Chomhairle ná an tArdionadaí iad a phróiseáil, i gcás inarb infheidhme, ach amháin a mhéid is gá an phróiseáil sin chun Iarscríbhinn I a ullmhú.

3. Chun críocha an Chinnidh seo, ainmnítear an Chomhairle agus an tArdionadaí mar “rialaitheoirí” de réir bhrí Airteagal 3, pointe (8), de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), chun a áirithiú gur féidir leis na daoine nádúrtha lena mbaineann a gcearta a fheidhmiú faoi Rialachán (AE) 2018/1725.

▼M42

4. Déanfaidh údaráis inniúla na mBallstát, lena n-áirítear údaráis forfheidhmiúcháin, údaráis chustaim de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, údaráis inniúla de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), mar aon le brí Treoracha (AE) 2015/849 ([3]), agus (AE) 2014/65 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), chomh maith le hAonaid um Fhaisnéis Airgeadais, dá dtagraítear i dTreoir (AE) 2015/849, agus riarthóirí clár oifigiúil ina ndéantar daoine nádúrtha, daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí chomh maith le maoin dhochorraithe nó maoin shochorraithe a chlárú, faisnéis, lena n-áirítear sonraí pearsanta, a phróiseáil agus a chómhalartú gan mhoill agus, más gá, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 6b a phróiseáil agus a chómhalartú le húdaráis inniúla eile sa Bhallstát céanna, le húdaráis inniúla na mBallstát eile agus leis an gCoimisiún, más gá an phróiseáil agus an cómhalartú sin a dhéanamh chun cúraimí an údaráis próiseála nó fála a dhéanamh i gcomhréir leis an gCinneadh seo, go háirithe nuair a bhraitheann siad teagmhais ina ndéantar na toirmisc a leagtar amach sa Chinneadh seo a shárú nó ina dtagtar timpeall orthu, nó teagmhais ina ndéantar iarracht iad a shárú nó teacht timpeall orthu. Tá an fhoráil seo gan dochar do na rialacha maidir le rúndacht na faisnéise atá i seilbh údaráis bhreithiúnacha.’

([1]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/575/oj).

([3]) Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoirí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2015/849/oj).

([4]) Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173 12.6.2014, lch. 349), ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/65/oj).

▼M39

Airteagal 6b

1. I gcomhréir leis an urraim a thugtar do rúndacht na cumarsáide idir dlíodóirí agus a gcliaint a ráthaítear in Airteagal 7 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus, i gcás inarb infheidhme, gan dochar do na rialacha maidir le rúndacht na faisnéise i seilbh údarás breithiúnach, déanfaidh daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí an méid seo a leanas:

(a) soláthróidh siad aon fhaisnéis a d'éascódh cur chun feidhme an Rialacháin seo d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil siad ina gcónaí nó lonnaithe laistigh de 2 sheachtain ón bhfaisnéis sin a fháil; agus

(b) comhoibriú leis an údarás inniúil maidir le fíorú na faisnéise sin.

2. Chun críocha fhomhír 1, áireofar le rúndacht na cumarsáide idir dlíodóirí agus a gcliaint an chumarsáid a bhaineann le comhairle dlí arna soláthar ag gairmithe deimhnithe eile atá údaraithe faoin dlí náisiúnta ionadaíocht a dhéanamh ar a gcliaint in imeachtaí breithiúnacha, a mhéid a thugtar an chomhairle dlí sin i ndáil le himeachtaí breithiúnacha atá ar feitheamh nó le himeachtaí breithiúnacha ionchasacha.

3. Déanfaidh an Ballstát lena mbaineann aon fhaisnéis ábhartha a fhaightear de bhun mhír 1 a tharchur chuig an gCoimisiún laistigh de mhí amháin tar éis dó í a fháil. Féadfaidh an Ballstát lena mbaineann an fhaisnéis sin a tharchur i ndíth ainm más rud é gur dhearbhaigh údarás imscrúdaithe nó breithiúnach go bhfuil sí rúnda i gcomhthéacs imscrúduithe coiriúla nó imeachtaí breithiúnacha coiriúla atá ar feitheamh.

4. Aon fhaisnéis bhreise a fhaigheann an Coimisiún go díreach, cuirfear ar fáil do na Ballstáit í.

5. Aon fhaisnéis a sholáthraítear nó a fhaightear i gcomhréir leis an Airteagal seo, ní úsáidfear í ach chun na gcríoch dár soláthraíodh nó dá bhfuarthas í.

▼B

Article 7

In order to maximise the impact of the abovementioned measures, the Union shall encourage third States to adopt restrictive measures similar to those contained in this Decision.

▼M26

Airteagal 7a

Ní bheidh dliteanas d'aon sórt ar dhaoine nádúrtha ná dlítheanacha, ar eintitis ná comhlachtaí de thoradh gníomhaíochtaí a dhéanfaidh siad mura raibh a fhios acu, nó nach raibh cúis réasúnach acu amhras a bheith orthu go sáródh a ngníomhaíochtaí na bearta a leagtar amach sa Chinneadh seo.

▼M27

Airteagal 8

▼M43

1. Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an ►M50 28 Feabhra 2027 ◄.

▼M27

2. Déanfar athbhreithniú leanúnach ar an gCinneadh agus déanfar é a athnuachan nó a leasú, de réir mar is iomchuí, má mheasann an Chomhairle nach bhfuil a chuspóirí comhlíonta.

▼M37

3. Déanfar na heisceachtaí dá dtagraítear in Airteagal 5(1)(f)(i) a mhéid a bhaineann le hAirteagal 4(1) agus (2) a athbhreithniú go tráthrialta, agus ar a laghad gach 12 mhí, nó ar iarraidh phráinneach ó aon Bhallstát, ón Ardionadaí, nó ón gCoimisiún tar éis d'athrú ó bhonn teacht ar na himthosca.

▼B

Article 9

This Decision shall enter into force on 1 November 2012.

▼M22

IARSCRÍBHINN I

▼M18

List of natural and legal persons, entities and bodies referred to in Articles 3(1) and 4(1)

A. Natural persons referred to in Articles 3(1) and 4(1)

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
▼M50					
1.	Uladzimir Uladzimiravich NAVUMAU Vladimir Vladimirovich NAUMOV	Уладзімір Уладзіміравіч НАВУМАЎ Владимир Владимирович НАУМОВ	Post/poist: iar-Aire Gnóthaí Inmheánacha; iar-Cheannaire ar Sheirbhís Slándála an Uachtaráin Dáta breithe: 7.2.1956 Áit bhreithe: Smolensk, iarAPSS (Cónaidhm na Rúise anois) Inscne: fireann	Níor ghníomhaigh sé chun imscrúdú a dhéanamh ar chás gan réiteach, is é sin fuadach Yuri Zakharenko, Viktor Gonchar, Anatoly Krasovski agus Dmitri Zavadski sa Bhealarúis in 1999-2000. Iar-Aire Gnóthaí Inmheánacha agus iar-Cheannaire ar Sheirbhís Slándála an Uachtaráin freisin. Ina cháil mar Aire Gnóthaí Inmheánacha, bhí sé freagrach as cur faoi chois léirsithe síochánta go dtí go ndeachaigh sé ar scor an 6 Aibreán 2009 ar chúiseanna sláinte. Thug Riarachán an Uachtaráin teach cónaithe dó i gceantar nomenklatura Drozdy i Mionsc. I mí Dheireadh Fómhair 2014, bhronn an tUachtarán Lukashenka ord fiúntais den tríú grád air. Ó mhí na Samhna 2023, tá Vladimir Naumov ina úinéir ar sciar dar méid 75 % sa chuideachta Zorka Food. Tá Zorka Food cláraithe i Moscó agus a oibríonn i réigiún Donetsk, atá faoi fhorghabháil ag an Rúis, agus i gcathair Mariupol san Úcráin, cuideachta a onnmhairíonn grán agus beatha trí chalafort Mariupol, agus a thacaíonn, dá bhrí sin, le rannpháirtíocht na Bealarúise i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Tá sé ag tacú, dá bhrí sin, le réimeas Lukashenka	24.9.2004
2.	Dzmitry Valerievich PAULICHENKA Dmitri Valerievich PAVLICHENKO (Dmitriy Valeriyevich PAVLICHENKO)	Дзмітрый Валер'евіч ПАЎЛІЧЭНКА Дмитрий Валериевич ПАВЛИЧЕНКО	Post/poist: Iar-Cheannasaí ar an Aonad Mearfhreagartha Speisialta; Ceannasaí ar aonad OMON Dáta breithe: 1966 Áit bhreithe: Vitebsk/ Viciebsk, iarAPSS (an Bhealarúis anois)	Duine lena mbaineann príomhtháibhacht i gcásanna gan réiteach is iad sin fuadach Yuri Zakharenko, Viktor Gonchar, Anatoly Krasovski agus Dmitri Zavadski sa Bhealarúis in 1999-2000. Iar-Cheannasaí ar an Aonad Mearfhreagartha Speisialta ag an Aireacht Gnóthaí Inmheánacha. Fear gnó, Ceannaire ar “Honour”, Cumann Iarshaighdiúirí ó Fhórsaí Speisialta de chuid na hAireachta Gnóthaí Inmheánacha.	24.9.2004

▼M50

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
			Seoladh: Belarusian Association of Veterans of Special Forces of the Ministry of Internal Affairs “Honour”, 111 Mayakovskogo St., 220028 Minsk, an BhealarúisInscne: fireann	Aithníodh é a bheith i gceannas ar aonad OMON le linn na cniogbheartaíochta brúidiúla ar lucht agóide, a tharla sa Bhealarúis tar éis thoghchán uachtaránachta 2020. Thacaigh Dzmitry Paulichenka le Lukashenka sa tréimhse roimh thoghchán uachtaránachta mhí Feabhra 2025 sa Bhealarúis. Tá sé ag tacú, dá bhrí sin, le réimeas Lukashenka.	
3.	Viktar Uladzimiravich SHEIMAN (Viktar Uladzimiravich SHEYMAN) Viktor Vladimirovich SHEIMAN (Viktor Vladimirovich SHEYMAN)	Віктар Уладзіміравіч ШЭЙМАН Виктор Владимирович ШЕЙМАН	Post/poist: Iar-Cheann ar an Belarus President Property Management Directorate; Comhcheannaire “Vector Capital Group”; Toscaire Uachtaránachta Dáta breithe: 26.5.1958 Áit bhreithe: Réigiún Soltanishki, Grodno/Hrodna, iarAPSS (an Bhealarúis anois) Seoladh: Belarus President Property Management Directorate, 38 Karl Marx St., 220016 Minsk, an Bhealarúis Inscne: fireann Grád: Coirnéalghinearál	Iar-Cheann ar an Belarus President Property Management Directorate. Freagrach as cásanna gan réiteach. is iad sin fuadach Yuri Zakharenko, Viktor Gonchar, Anatoly Krasovski agus Dmitri Zavadski, a tharla sa Bhealarúis in 1999-2000. IarRúnaí ar an gComhairle Slándála. Tá Sheiman gníomhach go fóill i réimeas Lukashenka; is é cúntóir Speisialta/Sainchabhróir an Uachtaráin agus is é toscaire speisialta Lukashenka é le haghaidh teagmhálacha leis an Afraic. Thairis sin, tá Viktar Sheiman ina chomhcheannaire ar an bhfiontar “Vector Capital Group”, a dhéanann maoirseacht ar chuideachta a bhfuil baint aici le monarú ladrann. Dá bhrí sin, tá sé ag tacú le réimeas Lukashenka agus le coimpléasc tionsclaíoch agus míleata na Bealarúise trí bheith rannpháirteach i dtáirgeadh teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.	24.9.2004
4.	Iury Leanidavich SIVAKAU (Yuri Leanidavich SIVAKAU, SIVAKOU) Iury (Yuri) Leonidovich SIVAKOV	Юрый Леанідавіч СІВАКАЎ, СІВАКОЎ Юрий Леонидович СИВАКОВ	Post/poist: iar-Aire Gnóthaí Inmheánacha; iar-Leas-Cheann ar Riarachán an Uachtaráin; Ollamh Comhlach in Acadamh na nGnóthaí Inmheánacha agus dámh an dlí in Ollscoil Stáit na Bealarúise (An Roinn Dlí) Dáta breithe: 5.8.1946 Áit bhreithe: Onor, Sakhalin Region/Oblast, iarAPSS (Cónaidhm na Rúise anois)	Freagrach as an mbeartaíocht sna cásanna gan réiteach, is iad sin fuadach Yuri Zakharenko, Viktor Gonchar, Anatoly Krasovski agus Dmitri Zavadski, a tharla sa Bhealarúis in 1999-2000. Iar-Aire Turasóireachta agus Spóirt, iar-Aire Gnóthaí Inmheánacha agus iar-Leas-Cheann ar Riarachán an Uachtaráin.	24.9.2004

▼M50

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
			Seoladh: Belarusian Association of Veterans of Special Forces of the Ministry of Internal Affairs “Honour”, 111 Mayakovskogo St., Minsk 220028 , an Bhealarúis Inscne: fireann		
5.	Yuri Khadzimuratavich KARAEU Yuri Khadzimuratovich KARAEV	Юрый Хаджымуратавіч КАРАЕЎ Юрий Хаджимуратович КАРАЕВ	Post/poist: Iar-Aire Gnóthaí Inmheánacha; Leifteanantghinearál an Mhílíste (fórsa póilíneachta); Sainchabhróir Uachtarán Phoblacht na Bealarúise - Cigire Réigiún Grodno/Hrodna; Cathaoirleach Choiste Feidhmiúcháin Réigiúnach Grodno Dáta breithe: 21.6.1966 Áit bhreithe: Ordzhonikidze (iarAPSS), (Vladikavkaz, Cónaidhm na Rúise anois) Inscne: fireann	Ina phost ceannaireachta mar Aire Gnóthaí Inmheánacha (AGI) mar a bhí, is é atá freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir fórsaí AGI tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, feachtas a raibh gabhálacha treallacha agus drochíde go háirithe mar chuid de, lena n-áirítear céasadh léirsitheoirí síochánta, chomh maith le himeaglú iriseoirí agus foréigean orthu. Tá sé gníomhach go fóill i réimeas Lukashenka ina shainchabhróir le hUachtarán na Bealarúise agus ina chigire sa Réigiún Grodno/Hrodna, agus ina Chathaoirleach ar Choiste Feidhmiúcháin Réigiúnach Grodno. Tá sé ag tacú, dá bhrí sin, le réimeas Lukashenka agus tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach sa Bhealarúis.	2.10.2020
6.	Genadz Arkadzievich KAZAKEVICH Gennadi Arkadievich KAZAKEVICH	Генадзь Аркадзьевіч КАЗАКЕВІЧ Геннадий Аркадьевич КАЗАКЕВИЧ	Post/poist: IarChéad-Leas-Aire Gnóthaí Inmheánacha; Leas-Aire Gnóthaí Baile sa Roinn Gnóthaí Inmheánacha – Ceann ar an Mílíste Coiriúil, Coirnéal an Mhílíste (an fórsa póilíneachta) Dáta breithe: 14.2.1975 Áit bhreithe: Mionsc, iarAPSS, (an Bhealarúis anois) Inscne: fireann Grád: Maorghinearál an Mhílíste	Sa phost ceannaireachta a bhí aige mar ChéadAire ar an Aireacht Gnóthaí Inmheánacha, is é atá freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir fórsaí na haireachta sin tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, feachtas a raibh gabhálacha treallacha agus drochíde go háirithe mar chuid de, lena n-áirítear céasadh léirsitheoirí síochánta, chomh maith le himeaglú iriseoirí agus foréigean orthu. Tá sé gníomhach go fóill i réimeas Lukashenka mar an Leas-Aire Gnóthaí Inmheánacha. Is é an ceann é go fóill ar an Mílíste Coiriúil.	2.10.2020

▼M50

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
7.	Aliaksandr Piatrovich BARSUKOU Alexander (Alexandr) Petrovich BARSUKOV	Аляксандр Пятровіч БАРСУКОЎ Александр Петрович БАРСУКОВ	Post/poist: Iar-Leas-Aire Gnóthaí Inmheánacha; Leifteanantghinearál ar an Mílíste (an fórsa póilíneachta); Sainchabhróir le hUachtarán Phoblacht na Bealarúise — Cigire do Réigiún Mhionsc, Comhalta de Theach Ionadaithe Thionól Náisiúnta na Bealarúise Dáta breithe: 29.4.1965 Áit bhreithe: Vetkovski (Vetka) District, iarAPSS (an Bhealarúis anois) Inscne: fireann	Sa phost ceannaireachta a bhí aige mar Leas-Aire ar an Aireacht Gnóthaí Inmheánacha, is é atá freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir fórsaí na hAireachta sin tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, feachtas a raibh gabhálacha treallacha agus drochíde go háirithe mar chuid de, lena n-áirítear céasadh léirsitheoirí síochánta, chomh maith le himeaglú iriseoirí agus foréigean a dhéanamh orthu. Tá sé gníomhach go fóill i réimeas Lukashenka mar Sainchabhróir le hUachtarán na Bealarúise — Cigire do Réigiún Mhionsc, agus mar chomhalta de Theach Ionadaithe Thionól Náisiúnta na Bealarúise. Tá sé, dá bhrí sin, ag tacú le réimeas Lukashenka agus tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach sa Bhealarúis.	2.10.2020
8.	Siarhei Mikalaevich KHAMENKA Sergei Nikolaevich KHOMENKO	Сяргей Мікалаевіч ХАМЕНКА Сергей Николаевич ХОМЕНКО	Post/poist: Iar-Leas-Aire Gnóthaí Inmheánacha; Maor-ghinearál an Mhílíste (an fórsa póilíneachta); Iar-Aire Dlí agus Cirt; Leas-Chathaoirleach ar Chomhairle Phoblacht na Bealarúise Dáta breithe: 21.9.1966 Áit bhreithe: Yasinovataya, iarAPSS (an Úcráin anois) Inscne: fireann	Sa phost ceannaireachta a bhí aige mar Leas-Aire na hAireachta Gnóthaí Inmheánacha, ba é a bhí freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir fórsaí na haireachta sin tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, feachtas a raibh gabhálacha treallacha agus drochíde go háirithe mar chuid de, lena n-áirítear céasadh léirsitheoirí síochánta, chomh maith le himeaglú iriseoirí agus foréigean a dhéanamh orthu. Tá sé gníomhach go fóill i réimeas Lukashenka mar Leas-Chathaoirleach ar Chomhairle Phoblacht na Bealarúise. Tá sé, dá bhrí sin, ag tacú le réimeas Lukashenka agus tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach sa Bhealarúis.	2.10.2020

▼M18

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
9.	Yuri Genadzevich NAZARANKA Yuri Gennadievich NAZARENKO	Юрый Генадзевіч НАЗАРАНКА Юрий Геннадьевич НАЗАРЕНКО	Position(s): Former Deputy Minister of Internal Affairs, Former Commander of the Internal Troops; First Deputy Minister of Internal Affairs, Head of the Public Security Police, Major General of Militia (police force) DOB: 17.4.1976 POB: Slonim, former USSR (now Belarus) Gender: male	In his former leadership position as Deputy Minister of the Ministry of Internal Affairs (MoIA) and Commander of the MoIA Internal Troops, he is responsible for the repression and intimidation campaign led by MoIA forces, in particular the Internal Troops under his command, in the wake of the 2020 presidential election, in particular arbitrary arrests and ill-treatment, including torture, of peaceful demonstrators as well as intimidation and violence against journalists. He remains active in the Lukashenka regime as first Deputy Minister of Internal Affairs and Head of the Public Security Police.	2.10.2020
▼M34 10.	Khazalbek Baktibekavich ATABEKAU Khazalbek Bakhtibekovich ATABEKOV	Хазалбек Бактібекавіч АТАБЕКАЎ Хазалбек Бахтибекович АТАБЕКОВ	Post/Poist: IarLeas-Cheannasaí na Internal Troops Dáta breithe: 18.3.1967 Inscne: fireann	Sa phost a bhí aige mar Leas-Cheannasaí na Internal Troops de chuid an Ministry of Internal Affairs (MoIA), ba é a bhí freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir fórsaí MoIA, go háirithe na Internal Troops a bhí faoina cheannas, tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, go háirithe gabhálacha treallacha agus drochíde, lena n-áirítear céasadh léirsitheoirí síochánta, chomh maith le himeaglú iriseoirí agus foréigean orthu. D'eisigh Aliaksandr Lukashenka foraithne lenar cuireadh chuig an gcúlchiste míleata é i mí an Mhárta 2022. Tá sé de cheart aige éide agus ionchomharthaí míleata a chaitheamh.	2.10.2020
▼M50 11.	Aliaksandr Valerievich BYKAU Alexander (Alexandr) Valerievich BYKOV	Аляксандр Валер'евіч БЫКАЎ Александр Валерьевич БЫКОВ	Post/poist: Céad Leas-Cheannasaí ar na Trúpaí Intíre, iar-Cheannasaí ar an Aonad Mearfhreagartha Speisialta, an Leifteanant-Choirnéal Inscne: fireann Grád: Maorghinearál	Sa phost a bhí aige mar Cheannasaí ar Aonad Mearfhreagartha Speisialta na hAireachta Gnóthaí Inmheánacha, ba é a bhí freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir fórsaí an Aonaid Mhearfhreagartha Speisialta tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, go háirithe gabhálacha treallacha agus drochíde léirsitheoirí síochánta, lena n-áirítear céasadh na léirsitheoirí sin. Tá sé gníomhach go fóill i réimeas Lukashenka mar Chéad Leas-Cheannasaí ar na Trúpaí Intíre.	2.10.2020

▼M18

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
12.	Aliaksandr Sviataslavavich SHEPELEU Alexander (Alexandr) Svyatoslavovich SHEPELEV	Аляксандр Святаслававіч ШЭПЕЛЕЎ Александр Святославович ШЕПЕЛЕВ	Position(s): Head of the Department for Safety and Security, Ministry of Internal Affairs DOB: 14.10.1975 POB: village of Rublevsk, Kruglyanskiy district, Mogilev/Mahiliou Region/Oblast, former USSR (now Belarus) Gender: male	In his senior position as Head of the Department for Safety and Security in the Ministry of Internal Affairs (MoIA), he is involved in the repression and intimidation campaign led by MoIA forces in the wake of the 2020 presidential election, in particular arbitrary arrests and ill-treatment, including torture, of peaceful demonstrators as well as intimidation and violence against journalists.	2.10.2020
▼M50 13.	Dzmitry Uladzimiravich BALABA Dmitry Vladimirovich BALABA	Дзмітрый Уладзіміравіч БАЛАБА Дмитрий Владимирович БАЛАБА	Post/poist: Iar-Cheann ar OMON ("Aonad Sainchuspóra an Mhílíste") le haghaidh Choiste Fheidhmiúcháin Chathair Mhionsc; Cathaoirleach Chomhairle Lárnach Chumann Fisiciúil, Cultúir agus Spóirt na Bealarúise ar a dtugtar Dynamo Dáta breithe: 1.6.1972 Áit bhreithe: sráidbhaile Gorodilovo, Minsk Region/Oblast, iarAPSS (an Bhealarúis anois) Inscne: fireann	Ina phost ceannasaíochta ar fhórsaí OMON i Mionsc, is é atá freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir fórsaí OMON i Mionsc tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, feachtas a raibh gabhálacha treallacha agus drochíde go háirithe mar chuid de, lena n-áirítear céasadh léirsitheoirí síochánta, chomh maith le himeaglú iriseoirí agus foréigean orthu.	2.10.2020
14.	Ivan Uladzimiravich KUBRAKOU Ivan Vladimirovich KUBRAKOV	Іван Уладзіміравіч КУБРАКОЎ Иван Владимирович КУБРАКОВ	Post/poist: Ceann ar Phríomhstiúrthóireacht Gnóthaí Inmheánacha Choiste Feidhmiúcháin Chathair Mhionsc; Aire Gnóthaí Inmheánacha, Maor-Ghinearál an Mhílíste (an fórsa póilíneachta) Dáta breithe: 5.5.1975 Áit bhreithe: sráidbhaile Malinovka, Mogilev/Mahiliou Region/Oblast, iarAPSS (an Bhealarúis anois) Inscne: fireann Grád: Leifteanant-Ghinearál	Sa phost a bhí aige mar Cheann Phríomhstiúrthóireacht Gnóthaí Inmheánacha Choiste Feidhmiúcháin Chathair Mhionsc, is é atá freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir fórsaí póilíneachta tar éis thoghcháin uachtaránachta 2020, feachtas a raibh gabhálacha treallacha agus drochíde ar léirsitheoirí síochánta go háirithe mar chuid de, chomh maith le himeaglú iriseoirí agus foréigean orthu. Tá sé gníomhach go fóill i réimeas Lukashenka mar Aire Gnóthaí Inmheánacha.	2.10.2020

▼M18

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
15.	Maxim Aliaksandravich GAMOLA (HAMOLA) Maxim Alexandrovich GAMOLA	Максім Аляксандравіч ГАМОЛА Максим Александрович ГАМОЛА	Position(s): Former Head of the Police Department in Moskovski District, Minsk; Deputy head of the Minsk City Police Department, Head of Criminal Police Gender: male	In his former position as Head of the Police Department in Moskovski District, Minsk, he is responsible for the repression and intimidation campaign in that district against peaceful protesters in the wake of the 2020 presidential election, in particular arbitrary arrests, excessive use of force and ill-treatment, including torture. He remains active in the Lukashenka regime as Deputy Head of the Minsk City Police Department and Head of Criminal Police.	2.10.2020

▼M27

16.	Aliaksandr Mikhailavich ALIASHKEVICH Alexander Mikhailovich ALESHKEVICH	Аляксандр Міхайлавіч АЛЯШКЕВІЧ Александр Михайлович АЛЕШКЕВИЧ	Post/Poist: IarChéad-Leas-Cheann ar an District Department of Internal Affairs in Moskovsky District, Minsk, Ceann ar an Criminal Police Ceann ar an District Department of Internal Affairs in Leninsky District, Minsk Inscne: fireann	Sa phost a bhí aige mar Chéad-Leas-Cheann ar District Department of Internal Affairs in Moskovsky District, Minsk, agus Ceann ar an Criminal Police, ba é a bhí freagrach as feachtas cos ar bolg agus imeaglaithe sa dúiche sin i gcoinne agóideoirí síochánta tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, go háirithe gabhálacha treallacha, úsáid iomarcach fornirt agus drochíde, lena n-áirítear céasadh. Tá sé gníomhach go fóill i réimeas Lukashenka mar Cheann ar an District Department of Internal Affairs in Leninsky District, Minsk.	2.10.2020

▼M34

17.	Andrei Vasilievich GALENKA Andrey Vasilievich GALENKA	Андрэй Васільевіч ГАЛЕНКА Андрей Васильевич ГАЛЕНКА	Post/Poist: Céad-Leas-Cheann ar an District Department of Internal Affairs in Moskovski District, Minsk, Ceann ar an Public Safety Police Inscne: fireann	Sa phost a bhí aige mar Leas-Cheann ar District Department of Internal Affairs in Moskovski District, Minsk, agus Ceann ar an Public Safety Police, ba é a bhí freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe sa dúiche sin i gcoinne agóideoirí síochánta tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, go háirithe gabhálacha treallacha, úsáid iomarcach fornirt agus drochíde, lena n-áirítear céasadh. Tá sé gníomhach go fóill i réimeas Lukashenka mar Chéad-Leas-Cheann ar an District Department of Internal Affairs in Moskovski District, Minsk, Ceann ar an Public Safety Police.	2.10.2020

▼M18

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
▼M50					
18.	Aliaksandr Paulavich VASILIEU Alexander Pavlovich VASILIEV	Аляксандр Паўлавіч ВАСІЛЬЕЎ Александр Павлович ВАСИЛЬЕВ	Post/poist: Iar-Cheann ar Choiste Feidhmiúcháin Roinn Gnóthaí Inmheánacha Réigiún Gomel/Homyel/Oblast; Ceann ar Acadamh na hAireachta um Gnóthaí Inmheánacha; Ionadaí Chomhairle na nAirí Gnóthaí Inmheánacha chuig Coiste Feidhmiúcháin CSN Dáta breithe: 24.3.1975 Áit bhreithe: Mahiliou/Mogilev, iarAPSS (an Bhealarúis anois) Inscne: fireann	Sa phost a bhí aige mar Cheann ar Choiste Feidhmiúcháin Roinn Gnóthaí Inmheánacha Réigiún Gomel/Homyel/Oblast, ba é a bhí freagrach as feachtas cos ar bolg agus imeaglaithe sa réigiún sin i gcoinne agóideoirí síochánta tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, go háirithe gabhálacha treallacha, úsáid iomarcach fornirt agus drochíde, lena n-áirítear céasadh. Tá sé gníomhach go fóill i réimeas Lukashenka mar Ionadaí ar Chomhairle na nAirí Gnóthaí Inmheánacha chuig Coiste Feidhmiúcháin CSN. Tá sé, dá bhrí sin, ag tacú le réimeas Lukashenka agus tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach sa Bhealarúis.	2.10.2020
19.	Aleh Mikalaevich SHULIAKOUSKI Oleg Nikolaevich SHULIAKOVSKI	Алег Мікалаевіч ШУЛЯКОЎСКІ Олег Николаевич ШУЛЯКОВСКИЙ	Post/poist: IarChéad-Leas-Cheann ar Choiste Feidhmiúcháin Roinn Gnóthaí Inmheánacha Réigiún Gomel, Ceann ar na Póilíní Coiriúla; Ceann ar Choiste Feidhmiúcháin Roinn Gnóthaí Inmheánacha Réigiún Brest Dáta breithe: 26.7.1977 Inscne: fireann Grád: Maorghinearál	Sa phost a bhí aige mar Chéad-Leas-Cheann ar Cheann ar Choiste Feidhmiúcháin Roinn Gnóthaí Inmheánacha Réigiún Gomel/Homyel/Oblast agus Ceann ar na Póilíní Coiriúla, ba é a bhí freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe sa réigiún sin igcoinne agóideoirí síochánta tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, go háirithe gabhálacha treallacha, úsáid iomarcach fornirt agus drochíde, lena n-áirítear céasadh. Tá sé gníomhach go fóill i réimeas Lukashenka mar Cheann ar Choiste Feidhmiúcháin Roinn Gnóthaí Inmheánacha Réigiún Brest.	2.10.2020
▼M34					
188.	Andrii SICH Andrey SYCH	Андрій СИЧ Андрей СЫЧ	Post/Poist: Comh-óstach den chlár "Platform" ar an gcainéal atá faoi úinéarcht an Stáit "Belarus 1" Ball den eagraíocht "Rusj molodaja" Dáta breithe: 20.9.1990 Áit bhreithe: An Bhealarúis Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Tá Andrii Sych ina Chomh-óstach ar an gclár "Platform" ar "Belarus 1", cainéal teilifíse faoi úinéireacht stáit. Sa phost sin, thacaigh sé le insintí réimis atá dírithe ar na meáin neamhspleácha a aithisiú, an bonn a bhaint ón daonlathas agus údarú a thabhairt don chos ar bolg. Thacaigh sé le hinsint réimeas Lukashenka faoin rún atá ag stáit an Iarthair *coup d'état* a eagrú sa Bhealarúis agus d'iarr sé go gcuirfí pionóis chrua orthu siúd a líomhnaíodh a bheith páirteach, thacaigh sé le feachtais bhréagaisnéise maidir le drochíde a thabhairt d'imircigh a tháinig go dtí an tAontas ón mBealarúis, agus chuir sé an íomhá chun cinn gur gníomhairí tionchair eachtraigh iad na meáin neamhspleácha ar cheart a ngníomhaíocht a shrianadh. Dá bhrí sin tá sé ag tacú le réimeas Lukashenka.	3.6.2022

▼M31

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
189.	Dzianis Aliaksandravich MIKUSHEU Denis Alexandrovich MIKUSHEV	Дзяніс Аляксандравіч МІКУШЭЎ Денис Александрович МИКУШЕВ	Post/Poist: Ceann an Department for the Supervision of Compliance with the Law of Court Decisions in Criminal Cases of the Prosecutor's Office of the Gomel Region/Oblast; comhairleoir dlí sinsearach Dáta breithe: 21.3.1980 Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Is Ceann an Department for the Supervision of Compliance with the Law of Court Decisions in Criminal Cases of the Prosecutor's Office of the Gomel Region/Oblast agus comhairleoir dlí speisialta é Dzianis Mikusheu. Sa phost sin, tá sé freagrach as tús a chur le hionchúiseamh Siarhei Tsikhanouski, Artsiom Sakau, Dzmitry Papou, Ihar Losik, Uladzimir Tsyhanovich agus Mikalai Statkevich. Chuir sé le coinneáil threallach Siarhei Tsikhanouski, faoi mar a cuireadh i láthair i dtuarascáil Mheitheal na Comhairle um Chearta an Duine maidir le Coinneáil Threallach. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint ón smacht reachta mar aon le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	3.6.2022
190.	Mikalai Ivanavich DOLIA Nikolai Ivanovich DOLYA	Мікалай Іванавіч ДОЛЯ Николай Иванович ДОЛЯ	Post/Poist: Breitheamh ag Gomel Regional Court Dáta breithe: 3.7.1979 Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach Uimhir aitheantais phearsanta: 3070379H0 41PBI	Is breitheamh in Gomel Regional Court é Mikalaí Dolia. Sa phost sin, tá sé freagrach as téarmaí príosúin atá díréireach fada a ghearradh ar Siarhei Tsikhanouski, Artsiom Sakau, Dzimtry Papou, Ihar Losik, Uladzimir Tsyhanovich agus Mikalai Statkevich. Chuir sé le coinneáil threallach Siarhei Tsikhanouski, faoi mar a cuireadh i láthair i dtuarascáil Mheitheal na Comhairle um Chearta an Duine maidir le Coinneáil Threallach. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint ón smacht reachta mar aon le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	3.6.2022

▼M31

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
191.	Andrei Yaouhenavich PARSHYN Andrei Yevgenevich PARSHIN	Андрэй Яўгенавіч ПАРШЫН Андрей Евгеньевич ПАРШИН	Post/Poist: Ceann an Main Department for Combating Organized Crime and Corruption in Belarus (GUBOPiK) Dáta breithe: 19.2.1974 Seoladh: 4A Skryganova St., Apt. 211, Mionsc, an Bhealarúis Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Tá Andrei Parshyn ina Cheann ar an Main Department for Combating Organized Crime and Corruption (GUBOPiK) sa Ministry of Internal Affairs ó 2021 i leith. Tá GUBOPiK ar cheann de na príomhchomhlachtaí atá freagrach as géarleanúint pholaitiúil sa Bhealarúis, lena n-áirítear gabhálacha treallacha agus neamhdhleathacha agus drochíde, lena n-áirítear céasadh, gníomhaithe agus comhaltaí den tsochaí shibhialta. D'fhoilsigh GUBOPiK ar a phróifíl Telegram físeáin d'admhálacha a rinne gníomhaithe Bealarúiseacha agus gnáthshaoránaigh Bhealarúiseacha faoi iallach, á nochtadh do phobal na Bealarúise i gcoitinne agus á n-úsáid mar uirlis brú polaitiúil. Choinnigh GUBOPiK Mark Bernstein, duine de na heagarthóirí Wikipedia is mó sa Rúisis, as faisnéis a fhoilsiú faoi fhogha na Rúise faoin Úcráin, a mheastar a bheith ina "bréagnuacht" fhrith-Rúiseach. Tá Andrei Parshyn freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta sa Bhealarúis.	3.6.2022
192.	Ihar Pyatrovich TUR Igor Petrovich TUR	Ігар Пятровіч ТУР Игорь Петрович ТУР	Post/Poist: Fostaí cainéal teilifíse atá faoi úinéireacht stáit "ONT", údar agus ancaire roinnt clár ("Propaganda", "To be completed") Dáta breithe: 26.3.1989 Áit bhreithe: Grodno/Hrodna, Belarus Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Is fostaí é Ihar Tur de chuid chainéal teilifíse ONT faoi úinéireacht stáit agus tá sé ar cheann de phríomhbholscairí réimeas Lukashenka. Is é a óstálann an clár "Propaganda", ina mbíonn sé ag iarraidh go ndéanfaí foréigean, ina ndéanann sé míchlú ar ghníomhaithe ón bhfreasúra agus cuireann sé físeáin chun cinn le hadmhálacha éigeantacha ó phríosúnaigh pholaitiúla. Scríobh sé roinnt tuairiscí bréagacha ar agóidí fhreasúra na Bealarúise, agus scríobh sé bréagaisnéis maidir le himeachtaí san Aontas, agus maidir le hionsaithe ar an tsochaí shibhialta. Tá sé freagrach freisin as bréagaisnéis agus teachtaireachtaí lena ngríosaítear foréigean a scaipeadh ar líne. Bhronn Aliaksandr Lukashenka bonn air as a chuid oibre sna meáin. Dá bhrí sin, tá sé ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka agus tacaíonn sé leis.	3.6.2022

▼M31

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
193.	Lyudmila Leanidauna HLADKAYA Lyudmila Leonidovna GLADKAYA	Людміла Леанідаўна ГЛАДКАЯ Людмила Леонидовна ГЛАДКАЯ	Post/Poist: Comhfhreagraí speisialta nuachtáin SB Belarus Segodnya, láithreoir ag an gcainéal teilifíse atá faoi úinéireacht an stáit Belarus 1 Dáta breithe: 30.6.1983 Seoladh: 8A Vodolazhsky St., apt. 45, Mionsc, an Bhealarúis Inscne: baineann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Tá Lyudmila Hladkaya ar duine de na bolscairí is suntasaí de réimeas Lukashenka. Is fostaí í de chuid nuachtán "SB Belarus Segodnya" agus comhlach de mheáin eile atá fabhrach don réimeas, lena n-áirítear an cainéal teilifíse Belarus 1 atá faoi úinéireacht stáit. Is minic a úsáideann sí fuathchaint agus teanga mhaolach agus í ag labhairt faoin bhfreasúra daonlathach. Rinne sí a lán "agallaimh" freisin le saoránaigh na Bealarúise agus iad faoi choinneáil éagórach, mic léinn go minic, á dtaispeáint i staid náireach agus ag magadh fúthu. Chuir sí brú faoi chois na ngaireas slándála chun cinn agus ghlac sí páirt i bhfeachtais bhréagaisnéise agus ionramháil faisnéise. Tá sí ag tacú go poiblí le Aliaksandr Lukashenka agus léiríonn sí bród as a bheith ag fónamh dá réimeas. Mhol Lukashenka í go poiblí as a cuid oibre agus bhronn sé gradaim uirthi. Dá bhrí sin, tá sí ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka agus tacaíonn sí leis.	3.6.2022
194.	Ryhor Yur'yevich AZARONAK Grigoriy Yurevich AZARYONOK	Рыгор Юр'евіч АЗАРОНАК Григорий Юрьевич АЗАРЁНОК	Post/Poist: Fostaí cainéal teilifíse atá faoi úinéireacht an stáit "CTV", údar agus óstach roinnt clár ("Secret Springs of Politics", "Order of Judas", "Panopticon") Céim: Leifteanant cúltaca Dáta breithe: 18.10.1995 Áit bhreithe: Mionsc, An Bhealarúis Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Tá Ryhor Azaronak ar cheann de phríomhbholscairí réimeas Lukashenka. Is colúnaí polaitiúil é, údar agus óstach ar chláir sheachtainiúla bholscaireachta ar an gcainéal teilifíse "CTV" atá faoi úinéireacht stáit. Sna craoltaí a bhí aige, thacaigh sé le foréigean in aghaidh easaontaigh réimeas Lukashenka, d'úsáid sé teanga mhaolaitheach go córasach agus é ag trácht ar ghníomhaithe, ar iriseoirí agus ar fhreasúraí eile réimeas Lukashenka. Bhronn Aliaksandr Lukashenka duais air leis an mbonn "For Courage". Dá bhrí sin, tá sé ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka agus tacaíonn sé leis.	3.6.2022

▼M31

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
▼M50					
195.	Ivan Ivanavich GALAVATYI Ivan Ivanovich GOLOVATY	Іван Іванавіч ГАЛАВАТЫ Иван Иванович ГОЛОВАТЫЙ	Post/poist: Iar-Ard-Stiúrthóir Open Joint Stock Company “Belaruskali”; Cathaoirleach bhord maoirseachta JSC Belarussian Potash Company; An Chéad Leas-Stiúrthóir ar Nedra Nezhin; An Chéad Leas-Stiúrthóir ar an gCoimpléasc Mianadóireachta agus Próiseála (MPC) i nDúiche Lyuban Comhalta de Bhuanchoiste Chomhairle na Poblachta de chuid Tionól Náisiúnta Phoblacht na Bealarúise maidir le Gnóthaí Eachtracha agus Slándáil Náisiúnta Dáta breithe: 15.6.1976 Áit bhreithe: Pogost Settlement, Soligorsk District, an Bhealarúis Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Is é Ivan Galavatyi iarArd-Stiúrthóir Belaruskali, cuideachta faoi úinéireacht stáit, ar mórfhoinse ioncaim agus airgeadra eachtraigh í do réimeas Lukashenka. Is iarchomhalta de Chomhairle Phoblacht na Bealarúise agus den Tionól Náisiúnta é. Is iomaí post tábhachtach eile atá aige sa Bhealarúis agus le linn a ghairmréime bronnadh go leor duaiseanna stáit air, cuid acu díreach ó lámha Lukashenka. Bhí sé ina dhlúthchomlach le Lukashenka agus le daoine dá theaghlach. Ba é Aliaksandr Lukashenka a mhol go rachadh Ivan Golovaty chun oibre mar ambasadóir i gceann de thíortha Chomhlathas na Stát Neamhspleách. Tá sé ag baint tairbhe, dá bhrí sin, as réimeas Lukashenka agus ag tacú leis. Ina cháil mar Ard-Stiúrthóir Belaruskali, bhí Ivan Galavatyi bainteach go díreach san aslonnú a rinne réimeas Lukashenka i gcomhar leis an Rúis ar leanaí Úcránacha a raibh cónaí orthu sna críocha faoi fhorghabháil. Tacaíonn Ivan Galavatyi, dá bhrí sin, le réimeas Lukashenka. Leanann sé de thacaíocht a thabhairt do réimeas Lukashenka agus de thairbhe a bhaint as mar Chéad Leas-Stiúrthóir Nedra Nezhin, cuideachta a bhfuil tuairisc faoi gurb é comharba Slavkali é, mórtháirgeoir potaise sa Bhealarúis agus ina cháil mar Chéad Leas-Stiúrthóir ar an Mining and Processing Complex (MPC) i gCeantar Lyuban. Baineadh préimheanna d’fhostaithe OJSC “Belaruskali” agus briseadh amach as a bpost iad as páirt a ghlacadh i stailceanna agus agóidí síochánta tar éis na dtoghchán uachtaránachta calaoiseach a reáchtáladh sa Bhealarúis i mí Lúnasa 2020. Ba é Alexander Lukashenka é féin a bhagair go gcuirfí mianadóirí ón Úcráin in ionad na stailceoirí. Dá bhrí sin, mar iar-cheann Belaruskali, tá Ivan Galavatyi freagrach as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta.	3.6.2022

▼M43

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
196.	Aliaksandr Uladzimirovich KARNIENKA Alexander Vladimirovich KORNIENKO	Аляксандр Уладзіміравіч КАРНІЕНКА Александр Владимирович КОРНИЕНКО	Post/Poist: Iarcheann na coilíneachta pionósaí IK-17 Shklov, Leifteanantchoirnéal na Seirbhíse Inmheánaí Cigire Ceantair; Roinn Gnóthaí Inmheánacha Choiste Feidhmiúcháin Cheantar Slutsk Dáta breithe: 9.1.1979 Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Nuair a bhí Aliaksandr Karnienka ina cheann ar an gcoilíneacht pionósach IK-17 Shklov bhí sé freagrach as an íde mhídhaonna tháireach, an chéastóireacht san áireamh, a tugadh do na príosúnaithe polaitiúla agus do shaoránaigh eile arna gcoinneáil sa choilíneacht sin tar éis thoghchán uachtaránachta 2020 agus le linn na n-agóidí síochánta a tharla ina dhiaidh. Is é a bhí i gceannas ar an gcoilíneacht phionósach tráth a bhásaigh an príosúnach polaitiúil, Vitold Ashurak, sa choilíneacht phionósach sin an 21 Bealtaine 2021, nach léir fós mar a tharla sin. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta sa Bhealarúis. Tá sé gníomhach fós i réimeas Lukashenka agus é ina oifigeach de Choiste Feidhmiúcháin Cheantar Slutsk.	3.8.2023

▼M50

197.	Andrei Siarheevich PALCHIK Andrei Sergeevich PALCHIK	Андрэй Сяргеевіч ПАЛЬЧЫК Андрей Сергеевич ПАЛЬЧИК	Post/poist: Iar-Cheann ar Choilíneacht Cheartúcháin Uimh. 1 in Novopolotsk; Maor ar an ionad coinneála in Vitebsk; Leas-mhaor ar Shaoráid Choinneála Réamhthrialach Uimh. 2. Dáta breithe: 3.3.1981 Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Sa phost a bhí aige mar cheann ar Choilíneacht Cheartúcháin Uimh. 1 in Novopolotsk, bhí Andrei Palchik freagrach as céastóireacht agus drochíde, pionóis mhí-úsáideacha, lena n-áirítear gaibhniú aonair a úsáid arís agus arís eile, agus as páirt a ghlacadh sa mhéid sin, i gcoinne na bpríosúnach polaitiúil agus na saoránach eile arna gcoinneáil sa choilíneacht phionósach sin, go háirithe tar éis thoghchán uachtaránachta 2020 agus na n-agóidí síochánta ina dhiaidh sin. Mar cheann na coilíneachta pionósaí sin, ní hamháin go bhfuil Andrei Palchik freagrach as na mí-úsáidí sin a ordú agus maoirseacht a dhéanamh orthu, ach tá cuntas teiste doiciméadaithe aige maidir le rannpháirtíocht phearsanta i ngníomhartha céastóireachta agus foréigin i gcoinne príosúnach.	3.8.2023

▼M50

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
				Le linn riarachán Andrei Palchik ó 2017 go mí an Mhárta 2023, tá droch-cháil tagtha ar choilíneacht cheartúcháin Uimh. 1 in Novopolotsk mar gheall ar na dálaí coinneála atá ann atá thar a bheith crua agus mar gheall ar an drochíde a thugtar do na príosúnaigh, go leor acu ina bpríomhghníomhaithe polaitiúla agus ina n-ionadaithe ar an tsochaí shibhialta arna gcoinneáil toisc go raibh siad i gcoinne réimeas an Uachtaráin Lukashenka. Tar éis dó aistriú ó Choilíneacht Phionósach Uimh. 1, leanann Andrei Palchik de phost gníomhach ardchéimnitheach a bheith aige i saoráid choinneála eile agus dá bhrí sin, tá sé ag obair don chóras smachtúil go fóill. Tá sé gníomhach go fóill i réimeas Lukashenka mar mhaor an ionaid coinneála in Vitebsk agus mar leasmhaor Shaoráid Coinneála Réamhthrialach Uimh. 2. Tá sé, dá bhrí sin, ag tacú le réimeas Lukashenka agus tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta sa Bhealarúis.	

▼M35

198.	Aliaksandr Uladzimiravich KAROL Aleksandr Vladimirovich KAROL	Аляксандр Уладзіміравіч КАРОЛЬ Александр Владимирович КОРОЛЬ	Post/poist: Ionchúisitheoir Sinsearach i Roinn Oifig an Ionchúisitheora Ghinearálta Dáta breithe: 28.6.1992 Áit bhreithe: Bobruisk, réigiún Mogilev, Poblacht na Bealarúise Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach Uimhir Aitheantais Phearsanta: 3280692M019PB8	Ina phost mar Ionchúisitheoir Sinsearach i Roinn Oifig Ionchúisitheora Ghinearálta na Bealarúise, tá Aliaksandar Karol freagrach as an iliomad cásanna coiriúla dar siocair an pholaitíocht i gcoinne chosantóirí chearta an duine sa Bhealarúis. Go háirithe, tá baint aige le hionchúiseamh ionadaithe de chuid Viasna, eagraíocht chearta an duine sa Bhealarúis, ar chúiseanna dar siocair an pholaitíocht, lena n-áirítear Ales Bialiatski, cathaoirleach Viasna, Valiantsin Stefanovic, leas-chathaoirleach Viasna, an dlíodóir Uladzimir Labkovich, Viasna, Marfa Rabkova, comhordaitheoir líonra deonach, Leanid Sudalenka, ceann oifig Viasna in Gomel, agus an deonach Andrei Chapiuk, mar aon leis an deonach Tatsiana Lasitsa a scaoileadh ó choilíneacht phionósach Gomel an 24 Meán Fómhair 2022.	3.8.2023

▼M35

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
				Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint, go tromchúiseach, ón smacht reachta mar aon le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach sa Bhealarúis.	
▼M50					
199.	Mikhail Mikhailavich MURASHKIN Mikhail Mikhailovich MURASHKIN	Міхаіл Міхайлавіч МУРАШКІН Михаил Михайлович МУРАШКИН	Post/poist: Iar-Leas-Cheann ar Municipal Department of Internal Affairs) in Zhodino (Roinn Bardasach Gnóthaí Inmheánacha) – Ceann an Public Security Police (na Póilíní Slándála Poiblí); Céad-Leas-Cheann ar District Department of Internal Affairs (Roinn Ceantair Gnóthaí Inmheánacha) in Borisov (– Ceann an Public Security Police (na Póilíní Slándála Poiblí) ón 29.10.2021 ar aghaidh Ceann Gníomhach Uzda District Department of Internal Affairs (Roinn Gnóthaí Baile Dhúiche Uzda) Dáta breithe: 8.9.1989 Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina phost mar iar-cheann ar na Póilíní Slándála Poiblí in Zhodino, d'ordaigh Mikhail Murashkin do thrúpaí na bpóilíní agus do phóilíní círéibe OMON agóidí síochánta a chur faoi chois go brúidiúil tar éis an toghcháin uachtaránachta in 2020, agóideoirí a bhatráil agus foréigean a dhéanamh orthu. Tá baint aige freisin le hiriseoirí neamhspleácha a chlúdaigh na hagóidí sa tréimhse roimh na toghcháin uachtaránachta a choinneáil arís agus arís eile go neamhdhleathach. Tá post ardchéime den chineál céanna aige i gcónaí laistigh den Roinn Gnóthaí Inmheánacha. Tá sé, dá bhrí sin, ag tacú le réimeas Lukashenka agus tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach sa Bhealarúis.	3.8.2023
▼M35					
200.	Mikalai Vasilievich MAKSIMAVICH Nikolai Vasilievich MAKSIMOVICH	Мікалай Васільевіч МАКСІМАВІЧ Николай Васильевич МАКСИМОВИЧ	Post/poist: Leas-Cheann ar an Mílíste Slándála Poiblí (Public Security Militia), Stiúrthóireacht Gnóthaí Inmheánacha (Internal Affairs Directorate) Choiste Feidhmiúcháin Réigiúnach Mhionsc Dáta breithe: 25.2.1977 Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach Seoladh: Mionsc, sráid Yankee Brylya 21, árasán 224; Mionsc, sráid Kolesnikova 32, árasán 3 Uimhir Aitheantais Phearsanta: 3250277M077PB2	Ina phost mar Leas-Cheann Mhílíste Slándála Poiblí Stiúrthóireacht Gnóthaí Inmheánacha Choiste Feidhmiúcháin Réigiúnach Mhionsc, tá Mikalai Maksimavich freagrach as an gcniogbheartaíocht bhrúidiúil ar agóidí síochánta sa tréimhse roimh na toghcháin uachtaránachta i mí Lúnasa 2020 agus ina dhiaidh sin. Tá orduithe tugtha aige go pearsanta do na póilíní círéibe OMON na léirsithe a chur faoi chois go foréigneach, na hagóideoirí agus na hiriseoirí neamhspleácha a chlúdaigh na himeachtaí sin a choinneáil, agus iad a chur faoi choinníollacha diana coinneála. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta sa Bhealarúis.	3.8.2023

▼M35

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
201.	Piotr Aleksandrovich ARLOU Petr Aleksandrovich ORLOV	Пётр Александровіч АРЛОЎ Петр Александрович ОРЛОВ	Post/poist: Breitheamh i gCúirt Chathrach Mhionsc (Minsk City Court) Dáta breithe: 6.4.1967 Áit bhreithe: Mionsc, an Bhealarúis Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach Uimhir Aitheantais Phearsanta: 3040667A088PB0 Seoladh: Mionsc, sráid Sharangovicha 78, árasán 60	Agus é ina bhreithimh i gCúirt Chathrach Mhionsc, tá ionadaíocht déanta ag Piotr Arlou do réimeas Lukashenka in iliomad trialacha polaitiúla agus tá sé freagrach as na fíoraisc fhada atá tugtha *in absentia* i gcoinne roinnt comhaltaí den fhreasúra daonlathach; Sviatlana Tsikhanouskaya (15 bliana), Pavel Latushka (18 mbliana), agus Volha Kavalkova, Maryia Maroz agus Siarhei Dyleuski (12 bliana an duine). Tá Piotr Arlou freagrach freisin as stiúradh na trialach agus na fíoraisc dar siocair an pholaitíocht i gcoinne an bhlagálaí Eduard Palchys (13 bliana príosúnachta) agus an iriseora Katsiaryna Andreyeva (2 bhliain). Tá na fíoraisc sin mar chuid de dhiúltú córasach a bheith á dhéanamh ag údaráis na Bealarúise d'fheidhmiú na saoirse chun tuairimí a nochtadh agus de phionós a chur má fheidhmítear an tsaoirse sin. Is samplaí iad fíoraisc Piotr Arlou den chur faoi chois córasach atá á dhéanamh ar an easaontú. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach, agus as gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn go mór den daonlathas agus den smacht reachta sa Bhealarúis.	3.8.2023

▼M50

202.	Ruslan Khikmetavich MASHADZEOU Ruslan Khikmetovich MASHADIYEV	Руслан Хікметовіч МАШАДЗЕЎ Руслан Хикметович МАШАДИЕВ	Post/poist: Iar-Leas-Cheann Choilíneacht Phionósach Uimh. 1; Ceann Reatha Choilíneacht Phionósach Uimh. 1 Inscne: fireann Dáta breithe: 26.9.1981 Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina phost mar Cheann agus iar-Leas-Cheann Choilíneacht Phionósach Uimh. 1, tá Ruslan Mashadziyeu freagrach as an íde mhídhaonna tháireach, lena n-áirítear céastóireacht, a tugadh do na príosúnaigh pholaitiúla agus ar shaoránaigh eile arna gcoinneáil sa choilíneacht phionósach sin tar éis thoghchán uachtaránachta 2020 agus na n-agóidí síochánta ina dhiaidh sin. Is é a bhí i gceannas ar an gcoilíneacht phionósach tráth a bhásaigh an príosúnach polaitiúil, Vitold Ashurak, sa choilíneacht phionósach sin an 21 Bealtaine 2021, nach léir fós mar a tharla sin. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta sa Bhealarúis.	3.8.2023

▼M35

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
203.	Siarhei Uladzimiravich KARCHEUSKY Sergey Vladimirovitch KARCHEVSKY	Сяргей Уладзіміравіч КАРЧЭЎСКІ Сергей Владимирович КАРЧЕВСКИЙ	Post/poist: Maor agus Ceann roinn réimis Choilíneacht Phionósach Uimh.17 Shklow Dáta breithe: 15.6.1983 Seoladh: 6 Sráid Fatina, árasán 100, Mogilev, an Bhealarúis Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach Uimhir Aitheantas Phearsanta: 3150683MO74PB5	Mar cheann roinn réimis Choilíneacht Phionósach Uimh. 17 in Shklow, tá Siarhei Kharcheusky freagrach go díreach as dálaí mídhaonna coinneála sa choilíneacht, as na cleachtais fhoréigneacha a dhéantar ar phríosúnaigh agus as an drochíde a thugtar dóibh, go háirithe príosúnaigh pholaitiúla. Bhí baint phearsanta aige le batráil agus gníomhaithe eile foréigin mhíchuibheasaigh a dhéanamh i gcoinne príosúnach agus tá baint dhíreach aige le bás an phríosúnaigh pholaitiúil, Vitold Ashurak, sa choilíneacht phionósach sin an 21 Bealtaine 2021 agus tá sé freagrach go díreach as an mbás sin. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta sa Bhealarúis.	3.8.2023
204.	Siarhei Vasilyevich MASLIUKOU Sergey Vasilyevich MASLIUKOV	Сяргей Васільевіч МАСЛЮКОЎ Сергей Васильевич МАСЛЮКОВ	Post/poist: Príomhchoirnéal sheirbhís inmheánach Choilíneacht Oideachais Uimh 2 in Bobruysk Áit bhreithe: Shklov, an Bhealarúis Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach Seoladh amhrasta: Bobruysk	Ina phost mar Phríomhchoirnéal sheirbhís inmheánach Choilíneacht Oideachais Uimh. 2 in Bobruysk, tá Siarhei Masliukou freagrach as íde mhídhaonna tháireach mionaoiseach. Tá sé freagrach as ocras, céastóireacht, saothar éignithe agus cineálacha éagsúla foréigin fhisiciúil agus shíceolaíoch a chur ar leanaí. Tá sé freagrach freisin as rochtain ar chúram leighis a bhaint de dhaoránaigh faoi aois. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta sa Bhealarúis.	3.8.2023
▼M38					
205.	Sviatlana Aliaksandrauna BANDARENKA Svetlana Aleksandrovna BONDARENKO	Святлана Аляксандраўна БАНДАРЭНКА Светлана Александровна БОНДАРЕНКО	Post/poist: Breitheamh de Chúirt Uachtarach na Bealarúise, iarBhreitheamh den chúirt i ndúiche Moskovsky i Mionsc Inscne: baineann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Sa phost a bhí aici mar bhreitheamh i ndúiche Moskovsky i Mionsc, bhí Sviatlana Bandarenka freagrach as an iliomad rialuithe dar siocair an pholaitíocht. Tá pianbhreith gearrtha aici ar roinnt saoránach de chuid na Bealarúise as páirt a ghlacadh in agóidí agus as barúlacha frithrialtais a fhoilsiú ar Telegram. Ghearr sí pianbhreith freisin ar an iriseoir Ekaterina Borisevich agus ar an dochtúir éigeandála san ospidéal Artyom Sorokin as rúin leighis a nochtadh faoi Roman Bondarenko, ar bhuail na fórsaí slándála chun báis é.	3.8.2023

▼M38

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
				Tá sí freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint go tromchúiseach den smacht reachta, mar aon le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach sa Bhealarúis. Cheap Lukashenka í mar bhreitheamh de Cúirt Uachtarach na Bealarúise.	
▼M50 206.	Sviatlana Paulauna PAKHODAVA Svetlana Pavlovna POKHODOVA	Святлана Паўлаўна ПАХОДАВА Светлана Павловна ПОХОДОВА	Post/poist: Iar-Cheann Choilíneacht Phionósach Uimh. 4 do mhná in Gomel Inscne: baineann Náisiúntacht: Bealarúiseach An áit a meastar ina bhfuil sí: Gomel	Ina seanphost mar Cheann Choilíneacht Phionósach Uimh. 4 do mhná in Gomel, tá Sviatlana Pakhodava freagrach as an íde mhídhaonna tháireach, lena n-áirítear céastóireacht, a tugadh do na príosúnaigh pholaitiúla agus do shaoránaigh eile arna gcoinneáil sa choilíneacht phionósach bhan sin. Bhí sí ina ceann cheana féin ar an gcoilíneacht phionósach nuair a ionchúisíodh Maria Kalesnikava, príosúnach polaitiúil ar cuireadh pianbhreith choimeádta 11 bhliain uirthi as a rannpháirtíocht sna hagóidí sa choilíneacht phionósach i gcoinne rialú forlámhach Aliaksandr Lukashenko. Baineadh cearta uile na bpríosúnach di, lena n-áirítear an ceart dul i gcomhairle le dlíodóir. Tá Sviatlana Pakhodava freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta sa Bhealarúis.	3.8.2023
▼M35 207.	Tatsiana Valerieuna PIROZHNIKAVA Tatiana Valeryevna PIROZHNIKOVA	Таццяна Валер'еўна ПІРОЖНІКАВА Татьяна Валерьевна ПИРОЖНИКОВА	Post/poist: Breitheamh ag cúirt i ndúiche Moskovsky de Mhionsc Dáta breithe: 8.1.1987 Inscne: baineann Náisiúntacht: Bealarúiseach Uimhir Aitheantais Phearsanta: 4010887M019PB2	Ina post mar bhreitheamh i ndúiche Moskovsky de Mhionsc, ghearr Tatsiana Pirozhnikava pianbhreith ar roinnt saoránach de chuid na Bealarúise ar fhorais pholaitiúla, lena n-áirítear as a rannpháirtíocht in agóidí agus as tuairimí frithrialtais a fhoilsiú ar Telegram. Tá fianaise ann go ngearrann sí, ó am go chéile, pianbhreitheanna níos déine ná iad siúd a iarrann an t-ionchúisitheoir. Tá sí freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint go tromchúiseach den smacht reachta, mar aon le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach sa Bhealrúis.	3.8.2023

▼M35

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
▼M50					
208.	Tatsiana Aliaksandrauna GRAKUN Tatyana Alexandrovna GRAKUN	Таццяна Аляксандраўна ГРАКУН Татьяна Александровна ГРАКУН	Post/poist: Ionchúisitheoir Sinsearach in Oifig Ionchúisitheora Réigiún Mhionsc um Maoirseacht ar Chomhlíonadh Dlí na gCinntí Cúirte i gCásanna Coiriúla; Comhairleoir Sóisearach an Cheartais Inscne: baineann Náisiúntacht: Bealarúiseach Dáta breithe: 5.2.1986	Is ionchúisitheoir Bealarúiseach í Tatsiana Grakun atá ag obair in Oifig Ionchúisitheora Réigiún Mhionsc. Sa phost sin, tá ionadaíocht déanta aici do réimeas Lukashenka i gcásanna dar siocair an pholaitíocht i gcoinne iriseoirí. Go háirithe, d'ionchúisigh sí Maryna Zolatava, príomheagarthóir TUT.BY, ar gearradh téarma príosúnachta 12 bhliain uirthi, agus Liudmila Chekina, stiúrthóir ginearálta TUT.BY, ar gearradh téarma príosúnachta 12 bhliain uirthi i mí an Mhárta 2023, bunaithe ar na cúisimh gan forais, "dochar a dhéanamh do shlándáil náisiúnta Phoblacht na Bealarúise". Tá Tatsiana Grakun freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach sa Bhealarúis.	3.8.2023
▼M35					
209.	Valentina Mikalaeuna ZIANKEVICH Valentina Nikolaevna ZENKEVICH	Валянціна Мікалаеўна ЗЯНКЕВІЧ Валентина Николаевна ЗЕНЬКЕВИЧ	Post/poist: Coláiste Breithiúnach um Chásanna Coiriúla Chúirt Chathrach Mhionsc, Breitheamh Dáta breithe: 8.1.1969 Inscne: baineann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Is breitheamh Bealarúiseach í Valentina Ziankevich atá ag obair i gColáiste Breithiúnach um Chásanna Coiriúla Chúirt Chathrach Mhionsc. D'eisigh sí rialuithe dar siocair an pholaitíocht i gcoinne lucht freasúra údaráis na Bealarúise. Chiontaigh sí seachtar saoránach de chuid na Bealarúise ar a laghad ar fhorais pholaitiúla, lena n-áirítear Maryna Zolatava, príomheagarthóir TUT.BY, ar gearreadh téarma príosúnachta 12 bhliain uirthi, agus Liudmila Chekina, stiúrthóir ginearálta TUT.BY, ar gearreadh téarma príosúnachta 12 bhliain uirthi i mí an Mhárta 2023. Tá neart fianaise ann de rialuithe dar siocair an pholaitíocht a d'eisigh sí i gcoinne lucht freasúra údaráis na Bealarúise ó 2022. Tá sí freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach sa Bhealarúis.	3.8.2023

▼M35

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
210.	Yauheni Valerievich BUBICH Yevgeny Valerievich BUBICH	Яўген Валер'евіч БУБІЧ Евгений Валерьевич БУБИЧ	Post/poist: Ceann Choilíneacht Phionósach uimh. 2; Leifteanant-Choirnéal na seirbhíse inmheánaí Dáta breithe: 3.6.1979 Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach Seoladh: Bobruysk, sráid Kovzana 60, árasán 42; Bobruysk, sráid Kovzana 5/485; Bobruysk, sráid Internationalnaya 66B, árasán 31	Ina phost mar Cheann Choilíneacht Uimh. 2 in Bobruysk, tá Yauheni Bubich freagrach as an íde mhídhaonna tháireach, lena n-áirítear céastóireacht, saothar éignithe, agus foréigean fisiciúil agus síceolaíoch, a tugadh do na príosúnaigh. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta sa Bhealarúis.	3.8.2023
211.	Yuri Ivanavich VASILEVICH Yury Ivanovich VASILEVICH	Юры Іванавіч ВАСІЛЕВІЧ Юрий Иванович ВАСИЛЕВИЧ	Post/poist: Ceann Choilíneacht Phionósach Uimh. 14 in Novosady Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina phost mar Cheann Choilíneacht Phionósach Uimh. 14, tá Yury Vasilevich freagrach as an drochíde a tugadh do na ciontuithe arna gcoinneáil faoina dhlínse, agus as íde mhídhaonna tháireach, lena n-áirítear céastóireacht, a tugadh do na príosúnaigh pholaitiúla agus do shaoránaigh eile arna gcoinneáil sa choilíneacht phionósach sin. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta sa Bhealarúis.	3.8.2023

▼M35

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
212.	Raman Ivanavich BIZIUK Roman Ivanovich BIZYUK	Раман Іванавіч БІЗЮК Роман Иванович БИЗЮК	Post/poist: Ionchúisitheoir Dáta breithe: 25.3.1986 Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Phearsanta: 3250386H012PB7 Seoladh: Mionsc, 30 Masherova Ave., árasán 25	Ina phost mar ionchúisitheoir ag Cúirt Dúiche Mhionsc, tá ionadaíocht déanta ag Raman Biziuk do réimeas Lukashenka in iliomad cásanna dar siocair an pholaitíocht, go háirithe i gcoinne Marfa Rabkova, agus Andrei Chapiuk, ar forchuireadh breitheanna rífhada orthu de 15 bliana agus 6 bliana sa phríosún faoi seach, agus a n-ochtair comhchosantóirí, ar gearradh téarmaí príosúnachta idir 5 bliana agus 17 mbliana orthu. Cuireadh Marfa Rabkova i bpríosún ar chúisimh dar siocair an pholaitíocht dar bunús “oiliúint a chur ar dhaoine chun páirt a ghlacadh i gcíréibeacha ollmhóra nó na gníomhaíochtaí sin a mhaoiniú”, an tseirbhís saorálaithe a chomhordú sa ghrúpa um chearta an duine a aithnítear go hidirnáisiúnta, Viasna, agus faireachán ar thoghchán Lúnasa 2020 a eagrú. Tá taifead fianaise aici freisin ar chásanna céastóireachta agus ar dhrochíde eile i gcoinne agóideoirí atá á gcoinneáil. Bhí Marfa Rabkova ar dhuine de na chéad bhaill de Viasna ar dhírigh na húdaráis uirthi le cúisimh choiriúla dar siocair an pholaitíocht tar éis na n-agóidí i Lúnasa 2020. Cúisíodh Andrei Chapiuk as páirt a ghlacadh in eagraíocht choiriúil agus as fuath a ghríosú, i measc nithe eile, agus as a rannpháirtíocht in Viasna mar shaorálaí. Reáchtáladh a dtriail go rúnda ar iarraidh ón ionchúisitheoir Raman Biziuk agus ar fhormheas an bhreithimh Siarhei Khrypach mar gheall ar “ábhair de chineál antoisceach” a líomhnaíodh a bheith bainteach leis an gcás. Tá Raman Biziuk freagrach freisin as an ionchúiseamh dar siocair an pholaitíocht i gcoinne na gcomhchosantóirí sa triail chéanna, eadhon Akihiro Haeuski-Hanada, Alyaksandr Frantaskevich, Alykaksei Galauko, Alyaksandr Kazlyanka, Pavel Shpteny, Mikita Dranets, Andrei Marach agus Daniil Chul. Tá sé freagrach freisin as na cúisimh dar siocair an pholaitíocht i gcoinne Andrei Linnik agus Anton Bialenski, chomh maith leis an iochúiseamh i gcoinne Dzmitry Kanapelka, Vitalii Kavalenka, Tsimur Pipiya, Dzianis Boltuts, Vital Shyshlou agus Emil Huseinau. Tá Raman Biziuk freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach, agus as gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn go mór den daonlathas nó den smacht reachta sa Bhealarúis.	3.8.2023

▼M35

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
213.	Siarhei Fiodaravich KHRYPACH Sergey Fedorovich KHRIPACH	Сяргей Фёдаравіч ХРЫПАЧ Сергей Федорович ХРИПАЧ	Post/poist: Breitheamh ag Cúirt Réigiúnach Mhionsc Dáta breithe: 16.4.1966 Áit bhreithe: Mionsc, an Bhealarúis Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Phearsanta: 3160466A077PB2 Seoladh: Mionsc, sráid Odintsova 105, árasán 206	Ina phost mar bhreitheamh ag Cúirt Réigiúnach Mhionsc, tá ionadaíocht déanta ag Siarhei Khrypach do réimeas Lukashenka in iliomad cásanna dar siocair an pholaitíocht, go háirithe i gcoinne Marfa Rabkova, Andrei Chapyuk, ar forchuireadh pianbhreitheanna rífhada orthu de 15 bliana agus 6 bliana sa phríosún faoi seach) agus a n-ochtair comhchosantóirí, ar gearradh pianbhreitheanna coimeádta idir 5 bliana agus 17 mbliana orthu. Cuireadh Marfa Rabkova i bpríosún ar chúisimh dar siocair an pholaitíocht dar bunús “oiliúint a chur ar dhaoine chun páirt a ghlacadh i gcíréibeacha ollmhóra nó na gníomhaíochtaí sin a mhaoiniú”, an tseirbhís saorálaithe a chomhordú sa ghrúpa um chearta an duine a aithnítear go hidirnáisiúnta, Viasna, agus faireachán ar thoghchán Lúnasa 2020 a eagrú. Tá taifead fianaise aici freisin ar chásanna céastóireachta agus ar dhrochíde eile i gcoinne agóideoirí atá á gcoinneáil. Bhí Marfa Rabkova ar dhuine de na chéad bhaill de Viasna ar dhírigh na húdaráis uirthi le cúisimh choiriúla dar siocair an pholaitíocht tar éis na n-agóidí i Lúnasa 2020. Cúisíodh Andrei Chapiuk as páirt a ghlacadh in eagraíocht choiriúil agus as fuath a ghríosú i measc nithe eile, agus as a rannpháirtíocht in Viasna mar shaorálaí. Reáchtáladh a dtriail go rúnda ar iarraidh ón ionchúisitheoir Raman Biziuk agus ar fhormheas an bhreithimh Siarhei Khrypach mar gheall ar “ábhair de chineál antoisceach” a líomhnaíodh a bheith bainteach leis an gcás. Tá Siarhei Khrypach freagrach freisin as stiúradh na trialach agus na fioraisc dar siocair an pholaitíocht i gcoinne na gcomhchosantóirí sa triail chéanna, eadhon Akihiro Haeuski-Hanada, Alyaksandr Frantaskevich, Alykaksei Galauko, Alyaksandr Kazlyanka, Pavel Shpteny, Mikita Dranets, Andrei Marach and Daniil Chul. Tá Siarhei Khrypach freagrach freisin as an bhfíorasc dar siocair an pholaitíocht i gcoinne Yegor Dudnikov, i mBealtaine 2021. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach, agus as gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn go mór den daonlathas nó den smacht reachta sa Bhealarúis.	3.8.2023

▼M35

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
214.	Vadim Frantzavich GIGIN Vadim Franzevich GIGIN Vadzim HIHIN	Вадзім Францавіч ГІГІН Вадим Францевич ГИГИН	Post/poist: Stiúrthóir Leabharlann Náisiúnta na Bealarúise, iarcheann ar chumann rialtais na Bealarúise “Knowledge”, agus déan Dhámh na Fealsúnachta agus na nEolaíochtaí Sóisialta, Ollscoil Stáit na Bealarúise, iarrthóir ar eolaíocht stairiúil Dáta breithe: 21.10.1977 Áit bhreithe: Mionsc, iar-Phoblacht Shóivéadach Shóisialach na Bealarúise (an Bhealarúis anois) Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: fireann	Tá Vadim Gigin ar na daoine is glóraí agus is mó tionchair ó thaobh chóras bholscaireacht stát na Bealarúise a chur chun cinn. Tacaíonn sé go córasach le réimeas Lukashenka agus is minic a chuireann sé a thuairimí i láthair ar chainéal teilifíse an stáit ONT agus ag Belarus 1. Thacaigh Vadim Gigin agus thug sé údar le cos ar bolg a imirt ar an bhfreasúra daonlathach, ar an tsochaí shibhialta agus na meáin neamhspleácha, go háirithe tar éis na dtoghchán uachtaránachta i Lúnasa 2020. Scaipeann Vadim Gigin a chuid scéalta bolscaireachta ndáil le “réimeas Naitsíoch san Úcráin”, clúmhilleadh an Iarthair agus údar a thabhairt le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Go mí an Mheithimh 2023, bhí Vadim Gigin i gceannas ar an gcumann Bealarúiseach “Knowledge”, a aithnítear mar eagraíocht neamhrialtasach státurraithe a chuireann Lukashenka agus a réimeas chun cinn. Thug Lukashenka aitheantas do rann-chuidiú Gigin leis an réimeas i mí Mheán Fómhair 2021 nuair a bronnadh an bonn “For Labor Merits” ar Gigin. Thairis sin, i mí Feabhra 2023, ceapadh é ina chomhalta den Choimisiún a bhreithníonn achomhairc saoránach den Bhealarúis thar lear maidir le cionta a rinne siad, faoi cheannas Ard-Ionchúisitheoir na Bealarúise, Andrei Shved. Tá Vadim Gigin, dá bhrí sin, ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka agus ag tacú leis.	3.8.2023
215.	Ksenia Piatrouna LEBEDZEVA Ksenia Petrovna LEBEDEVA	Ксенія Пятроўна ЛЕБЕДЗЕВА Ксения Петровна ЛЕБЕДЕВА	Post/poist: Bolscaire agus fostaí den chainéil stáit “Belarus 1” agus TV News Agency. Dáta breithe: 12.12.1987 Áit bhreithe: Mogilev, iar-Phoblacht Shóivéadach Shóisialach na Bealarúise (an Bhealarúis anois) Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: baineann	Tá Ksenia Lebedzeva ar dhuine de phríomhbholscairí réimeas Lukashenka agus tá dlúthbhaint aici le meáin an réimis. Is láithreoir teilifíse Bealarúiseach í ag an gcainéal “Belarus 1”, atá faoi úinéireacht an stáit. Tá an clár faisnéise anailíseach “This is different” á chur i láthair aici ó mhí Iúil 2021, ar an gcainéal teilifíse “Belarus 1”, atá faoi úinéireacht an stáit. Ina colún agus ina tuairiscí don chainéal teilifíse “Bealarus 1”, cuireann sí bolscaireacht na Rúise chun cinn maidir le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, mar aon le bolscaireacht stáit na Bealarúise atá dírithe ar an bhfreasúra agus ar thíortha comharsanachta. Tá an smaoineamh go bhfuil an Úcráin, in éineacht le ECAT, ag seoladh faisnéise agus oibríochtaí speisialta síceolaíocha i gcoinne na Bealarúise ó 2020 á chur chun cinn ag Ksenia Lebedzeva, mar aon le cuntas Lukashenka go bhfuil ionadaithe an fhreasúra á maoiniú ag tíortha an Iarthair.	3.8.2023

▼M35

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
				An 16.1. 2021, bhronn Lukashenka buíochas ar Ksenia Lebedzeva as “rannchuidiú suntasach le cur chun feidhme bheartas faisnéise an stáit, ardghairmiúlacht, clúdach oibiachtúil agus cuimsitheach ar imeachtaí shaol sochpholaitiúil agus sochchultúrtha na tíre”. Tá Ksenia Lebedeva, dá bhrí sin, ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka agus ag tacú le réimeas Lukashenka.	
216.	Zinaida Vasilieuna BALABALAVA Zinaida Vasilievna BALABALAVA	Зінаіда Васільеўна БАЛАБАЛАВА Зинаида Васильевна БАЛАБОЛАВА	Post/poist: Breitheamh ag Cúirt Chathrach Navapolatsk Inscne: baineann	Ina post mar bhreitheamh de Chúirt Chathrach Navapolatsk, tá Zinaida Balabalava freagrach as an iliomad rialuithe dar siocair an pholaitíocht i gcoinne agóideoirí síochánta, go háirithe as an bpianbhreith arna forchur ar an gceannaire ceardchumainn Volha Bytsikava, agus ar na gníomhaithe Hanna Tukava agus Andrei Halavyryn. Ghearr sí fíneálacha agus d’ordaigh sí go ngabhfaí daoine as comharthaí frithchogaíochta a fhoilsiú nó as tuairisciú neamhspleách ar thrialacha. Tá sí freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint go tromchúiseach den smacht reachta, mar aon le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach sa Bhealarúis.	3.8.2023
217.	Halina KNIZHONAK Galina KNIZHONAK	Галіна КНІЖОНАК Галина КНИЖОНАК	Post/poist: Breitheamh i gCúirt Dúiche Mazyr Inscne: baineann	Ina post mar bhreitheamh i gcúirt dúiche Mazyr, tá Halina Knizhonak freagrach as an iliomad rialuithe dar siocair an pholaitíocht i gcoinne agóideoirí síochánta, go háirithe as an bpianbhreith arna forchur ar Hleb Koipish, Uladzislau Hancharou, Aliaksandr Tsimashenka agus Daniil Skipalski. Tá téarma príosúnachta gearrtha aici ar dhaoine as páirt a ghlacadh in agóidí síochánta i gcoinne réimeas Lukashenka. Tá sí freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint go tromchúiseach den smacht reachta, mar aon le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach sa Bhealarúis.	3.8.2023

▼M35

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
218.	Hanna Barisauna LIAVUSIK Anna Borisovna LEUSIK	Ганна Барысаўна ЛЯВУСІК Анна Борисовна ЛЕУСИК	Post/poist: Breitheamh i gcúirt dúiche Leninsky in Hrodna/Grodno Dáta breithe: 7.10.1973 Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: baineann Seoladh: Grodno, sráid Soviet Border Guards 120, árasán 47 Uimhir Aitheantais Phearsanta: 4071073K000PB2	Ina post mar bhreitheamh i gcúirt dúiche Leninsky, Hrodna, tá Hanna Liavusik freagrach as an iliomad rialuithe dar siocair an pholaitíocht i gcoinne agóideoirí síochánta, go háirithe as pianbhreith a fhorchur ar Alexander Tyelega. Tá fíneálacha agus téarmaí príosúin gearrtha aici ar dhaoine as labhairt suas i gcoinne an fhoréigin agus an chos ar bolg. Tá sí freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint go tromchúiseach den smacht reachta, mar aon le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach sa Bhealarúis.	3.8.2023
219.	Henadz Ivanavich KUDLASEVICH Gennady Ivanovich KUDLASEVICH	Генадзь Іванавіч КУДЛАСЕВІЧ Геннадий Иванович КУДЛАСЕВИЧ	Post/poist: Breitheamh i gCúirt Dúiche Ivanovsky Dáta breithe: 5.5.1973 Áit bhreithe: Tereblychi, Ceantar Stolin, iar-Phoblacht Shóivéadach Shóisialach na Bealarúise (an Bhealarúis anois) Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: fireann	Ina phost mar bhreitheamh i gCúirt Dúiche Leninsky, tá Henadz Kudlasevich freagrach as an iliomad rialuithe dar siocair an pholaitíocht i gcoinne agóideoirí síochánta, go háirithe as pianbhreith a fhorchur ar Yuryi Holik. Tá pianbhreitheanna príosúnachta, coinneáil tí agus fíneálacha gearrtha aige ar dhaoine as agóid a dhéanamh i gcoinne an rialtais nó as tuairisciú neamhspleách. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint go mór ón smacht reachta mar aon le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach sa Bhealarúis.	3.8.2023
220.	Ina Leonidauna PAULOUSKAYA Inna Leonidovna PAVLOVSKAYA	Іна Леанідаўна ПАЎЛОЎСКАЯ Инна Леонидовна ПАВЛОВСКАЯ	Post/poist: Breitheamh i gCúirt Dúiche Baranovichi Dáta breithe: 29.7.1975 Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: baineann Seoladh: Baranovichi, sráid Mikolskaya 32 Uimhir Aitheantais Phearsanta: 4290775C016PB9	Ina post mar bhreitheamh i gcúirt dúiche Baranovichi, tá Ina Paulouskaya freagrach as an iliomad rialuithe dar siocair an pholaitíocht i gcoinne agóideoirí síochánta, go háirithe as pianbhreith a fhorchur ar Vitaly Korsak agus Anatoly Pugach. Tá téarmaí príosúin agus fíneálacha gearrtha aici ar dhaoine as an Uachtarán Lukashenka a cháineadh agus as agóid a dhéanamh i gcoinne thoradh thoghcháin uachtaránachta 2020. Tá sí freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint go tromchúiseach den smacht reachta, mar aon le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach sa Bhealarúis.	3.8.2023

▼M35

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
312.	Ala SKURATOVICH Alla SKURATOVICH	Ала СКУРАТОВІЧ Алла СКУРАТОВИЧ	Breitheamh de chúirt dúiche Frunzensky chathair Mhionsc Dáta breithe: 18.10.1980 Uimhir aitheantais phearsanta: 4181080A069PB5	Is breitheamh Bealarúiseach de Chúirt Dúiche Frunzensky chathair Mhionsc í Ala Skuratovich. D'eisigh Ala Skuratovich pianbhreitheanna ar chúiseanna polaitiúla a bhaineann le , *inter alia*, saoirse chun tuairimí a nochtadh nó saoirse comhthionóil i gcoinne Andrus Asmalousk, Ivan Charavaka, Dzmitry Lapets , Andrei Akushka, Dziana Charnushyna, Andrei Mirashnichenka , agus Artur Smaliakou. Tá Ala Skutartovich freagrach, dá bhrí sin, as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta sa Bhealarúis.	27.3.2025

▼M47

313.	Ilya Valerievich IKAN	Ілля Валер'евіч ІКАН Илья Валерьевич ИКАН	Feidhm: Cathaoirleach Belneftekhim, Comhalta de Chomhairle Thionól Náisiúnta Phoblacht na Bealarúise Dáta breithe: 10.1.1981 Áit bhreithe: Pchelnik, Borisov District, Réigiún Mhionsc/Oblast, APSS roimhe seo (an Bhealarúis anois) Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: fireann Eintitis chomhlachaithe: Belneftekhim	Is é Ilya Ikan an Cathaoirleach ar Belarusian State Concern for Oil and Chemistry (Belneftekhim). Tá Belneftekhim ar cheann de na coimpléisc thionsclaíocha is mó i bPoblacht na Bealarúise agus tá sé comhdhéanta d'iliomad cuideachtaí eile faoi úinéireacht stáit a bunaíodh in 1997. Measann Aliaksandr Lukashenka go bhfuil Belneftekhim ar cheann de na gnóthais is tábhachtaí agus is straitéisí sa Bhealarúis. Go háirithe, is sócmhainn bhunúsach é Belneftekhim do gheilleagar agus do bheartas eachtrach na Bealarúise, go háirithe i ndáil leis an gcomhar idir an Rúis agus an Bhealarúis maidir le cómhargadh ola a fhorbairt. Bíonn comhairliúcháin rialta ann idir an gnóthas agus an tUachtarán Lukashenka. Baineann Belneftekhim tairbhe as an tacaíocht arna tabhairt ag réimeas Lukashenka, go háirithe i bhfianaise éifeachtaí na smachtbhannaí. Tá Belneftekhim, dá bhrí sin, ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka agus ag tacú leis.	23.10.2025

▼M47

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
				Ina cháil mar Chathaoirleach Belneftekhim, tá Ilya Ikan ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka agus ag tacú leis.	
314.	Yuri Ivanovich PREDKO ar a dtugtar freisin Yuriy Ivanovich PREDKO	Юрий Иванович ПРЕДКО	Feidhm: Stiúrthóir Ginearálta OJSC Horizont Dáta breithe: 1964 Áit bhreithe: an Bhealarúis Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: fireann Eintitis chomhlachaithe: Horizont Holding, ICT Horizont	Is é Yuri Predko bainisteoir ginearálta OJSC “Management Company of the Holding Horizont”, atá ar cheann de na monaróirí is mó de leictreonaic do thomhaltóirí agus d’fhearais tí i bPoblacht na Bealarúise. Is é cuideachta bainistíochta Horizont Holding é. Tá Horizont Holding ar cheann de na gabháltais éagsúlaithe is mó agus is forbartha go dinimiciúil i bPoblacht na Bealarúise, agus gabhann raon leathan réimsí gnó leis. Tá gníomhaíochtaí Horizont Holding á gcur chun feidhme de réir threoracha Aliaksandr Lukashenka. Tá ICT Horizont, ar cuid de Horizont Holding é, ar cheann de na heintitis atá ar thús cadhnaíochta ó thaobh fhorbairt agus tháirgeadh leictreonaice speisialta i bPoblacht na Bealarúise. Forbraíonn agus táirgeann an chuideachta earraí speisialta agus earraí dé-úsáide, mar shampla gléasanna fisamhairc le haghaidh feithiclí armúrtha. Oibríonn ICT Horizont i gcomhar le hAireacht Cosanta Phoblacht na Bealarúise chun samhlacha trealaimh raoin oiliúna a chruthú agus a nuachóiriú i gcomhréir leis na ceanglais a bhaineann le hoiliúint a chur ar fhoirmíochtaí agus ar aonaid mhíleata de chuid na bhFórsaí Armtha. Ina theannta sin, glacann ICT Horizont páirt i gclár eolaíoch-teicniúil “Intelavto” Stát Aontais na Rúise agus na Bealarúise. D’fhormheas Comhairle Airí Phoblacht na Bealarúise an clár. Dá bhrí sin, tá baint ag Yuri Predko le heintitis ar cuid de choimpléasc míleata-tionsclaíoch na Bealarúise iad trí bheith rannpháirteach i bhforbairt teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.	23.10.2025

▼M18

B. Legal persons, entities or bodies referred to in Article 4(1)

▼M27

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
▼M50					
1.	Beltechexport	Белтехэкспорт	Seoladh: Nezavisimosti Ave. 86-B, Minsk, an Bhealarúis Suíomh gréasáin: https://bte.by/ Seoladh ríomhphoist: mail@bte.by Uimhir Chlárúcháin Cuideachta: 100138662	Is eintiteas príobháideach é Beltechexport a onnmhairíonn airm agus trealamh míleata arna dtáirgeadh ag cuideachtaí faoi úinéireacht stáit na Bealarúise go tíortha san Afraic, i Meiriceá Theas, san Áise agus sa Mheánoirthear. Tá ceangal láidir ag Beltechexport le hAireacht Cosanta na Bealarúise. Dá bhrí sin, tá Beltechexport ag baint tairbhe as an gceangal atá aige le réimeas Lukashenka agus tá sé ag tacú leis, trí bhuntáistí a thabhairt do riarachán an Uachtaráin. Thairis sin, is cuid de choimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Bealarúise é Beltechexport agus é rannpháirteach i bhforbairt, táirgeadh agus soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.	17.12.2020
▼M27					
2.	Dana Holdings	ТАА “Дана Холдынгз” ООО “Дана Холдингз”	Seoladh: Peter Mstislavets St, 9, pom. 3 (office 4)), 220076 Minsk, Belarus Cláruimhir: 690611860 Suíomhanna gréasáin: https://bir.by/; https://en.dana-holdings.com; https://dana-holdings.com/ Seoladh ríomhphoist: info@bir.by Teil. +375 (29) 636-23-91	Tá Dana Holdings ar cheann de na forbróirí réadmhaoine agus na tógálaithe príomhúla sa Bhealarúis. Fuair an chuideachta agus a fochuideachtaí cearta forbartha le haghaidh ceapacha talún agus d’fhorbair siad roinnt coimpléisc mhóra cónaithe agus ionaid ghnó. Tá dlúthchaidreamh leis an Uachtarán Lukashenka ag daoine aonair a dtuairiscítear ina leith go ndéanann siad ionadaíocht ar Dana Holdings. Bhí post mór ag Liliya Lukashenka, banchliamhain an Uachtaráin, in Dana Astra. Tá Dana Holdings fós gníomhach ó thaobh an gheilleagair de sa Bhealarúis. Dá bhrí sin, tá Dana Holdings ag baint tairbhe as an gceangal atá aige le réimeas Lukashenka agus ag tacú leis an réimeas	17.12.2020

▼M27

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
3.	Dana Astra	ЗТАА “Дана Астра” ИООО “Дана Астра”	Seoladh: Peter Mstislavets St, 9, pom. 9-13, 220076 Minsk, Belarus Cláruimhir: 191295361 Suíomhanna gréasáin: https://bir.by/; https://en.dana-holdings.com; https://dana-holdings.com/ Seoladh ríomhphoist: PR@bir.by Teil. +375 (17) 269-32-60; +375 17 269-32-51	Tá Dana Astra, a bhíodh ina fhochuideachta de Dana Holdings, ar cheann de na forbróirí réadmhaoine agus tógálaithe príomhúla sa Bhealarúis. Fuair an chuideachta cearta forbartha le haghaidh ceapacha talún agus tá sé ag forbairt ionad ilfheidhmeach “Minsk World”, atá fógartha ag an gcuideachta mar an infheistíocht is mó dá cineál í san Eoraip. Tá dlúthchaidreamh leis an Uachtarán Lukashenka ag daoine aonair a dtuairiscítear ina leith go ndéanann siad ionadaíocht ar Dana Astra. Bhí post mór ag Liliya Lukashenka, banchliamhain an Uachtaráin, sa chuideachta. Dá bhrí sin, tá Dana Astra ag baint tairbhe as an gceangal atá aige le réimeas Lukashenka agus ag tacú leis an réimeas.	17.12.2020
4.	GHU – Main Economic Department of the Presidential Administration	Главное хозяйственное управление	Seoladh: Miasnikova St. 37, Minsk, Belarus Suíomh gréasáin: http://ghu.by Seoladh ríomhphoist: ghu@ghu.by	Is é Main Economic Department of the Presidential Administration (GHU) an t-oibreoir is mó ar mhargadh réadmhaoine neamhchónaithigh i bPoblacht na Bealarúise agus déanann sé maoirseacht ar chuid mhór cuideachtaí. D’iarr an tUachtarán Aliaksandr Lukashenka ar Victor Sheiman, a bhí mar iarcheann ar Belarus President Property Management Directorate a rinne rialú díreach ar GHU, sábháilteacht thoghcháin uachtaránachta 2020 a mhaoirsiú. Tá GHU, dá bhrí sin, ag baint tairbhe as an gceangal atá aige le réimeas Lukashenka agus tá sé ag tacú leis.	17.12.2020

▼M27

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
▼M34					
5.	SYNESIS LLC	ООО “Синезис”	Seoladh: 220005, Minsk, Platonova 20B Belarus; Mantulinskaya 24, Moscow 123100, Russia. Cláruimhir: (УНН/ИНН): 190950894 (an Bhealarúis); 7704734000/ 770301001 (Russia). Suíomh gréasáin: https://synesis.partners; https://synesis-group.com/ Teil. Facs +375 (17) 240-36-50 Seoladh ríomhphoist:	Chuir Synesis LLC ardán maoirseachta Kipod ar fáil d’údaráis na Bealarúise, ardán é atá in ann cuardach agus anailís a dhéanamh ar fhís-scannán agus bogearraí aghaidh-aitheanta a úsáid, agus mar sin, tá an chuideachta freagrach as an gcos ar bolg atá á imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra ag an bhfearas stáit sa Bhealarúis. Liostaíodh Belarusian State Security Committee (KGB) agus an Ministry of Internal Affairs mar úsáideoirí córais a chruthaigh Synesis. Maíonn Synesis gur stad sé den ardán Kipod a chur ar fáil d’údaráis na Bealarúise, ach de réir tuarascálacha ByPOL tá Kipod fós in úsáid ag gníomhaireachtaí slándála an stáit. Tá Synesis ar cheann de na cónaitheoirí in Hi Tech Park, arna cruthú le foraithne Aliaksandr Lukashenka trí fhoraithne a eisiúint, agus dá réir sin bíonn sochair iomadúla aige, lena n-áirítear díolúintí ó cháin ioncaim, CBL, dleacht eischósta, dleachtanna custaim agus eile. Mar sin, tá an chuideachta ag baint tairbhe as an gceangal atá aige le réimeas Lukashenka agus tá sí ag tacú leis.	17.12.2020
▼M50					
6.	AGAT electromechanical Plant OJSC	Агат-электромеханический завод	Seoladh: Nezavisimosti Ave. 115, 220114, Minsk, an Bhealarúis Suíomh gréasáin: https://agat-emz.by/ Seoladh ríomhphoist: marketing@agat-emz.by Teil.: +375 (17) 272-01-32; +375 (17) 570-41-45 Uimhir Chlárúcháin Cuideachta: 100093400	Tá AGAT electromechanical Plant OJSC mar chuid den Belarussian State Authority for Military Industry of the Republic of Belarus (dá ngairtear freisin SAMI nó State Military Industrial Committee), atá freagrach as beartas míleata-teicniúil an Stáit a chur chun feidhme agus atá faoi réir Chomhairle na nAirí agus Uachtarán na Bealarúise.	17.12.2020

▼M50

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
				Tá AGAT electromechanical Plant OJSC ag baint tairbhe, dá bhrí sin, as an gceangal atá aige le réimeas Lukashenka agus tá sé ag tacú leis. Monaraíonn an chuideachta “Rubezh”– córas bacainní a ceapadh chun círéibeacha a smachtú a úsáideadh in aghaidh léirsithe síochánta a bhí ar siúl tar éis na dtoghchán uachtaránachta a bhí ar siúl an 9 Lúnasa 2020, agus ar an gcaoi sin, tá an chuideachta freagrach as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach. Ina theannta sin táirgeann an chuideachta earraí a bhfuil úsáid deiridh mhíleata ag baint leo, rudaí a bhíonn á n-úsáid ag arm na Bealarúise, lena n-áirítear an tAerfhórsa. Dá bhrí sin, tá AGAT electromechanical Plant OJSC mar chuid de choimpléasc tionsclaíoch agus míleata na Bealarúise trí bheith rannpháirteach i bhforbairt, táirgeadh nó soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.	
7.	140 Repair Plant	140 ремонтный завод	Seoladh: Borisov, 19 L. Chalovskaya St. Teil.: +375 177 74-64-64 +375 177 74-79-99 Rphost: info@140zavod.by Suíomh gréasáin: 140zavod.org Uimhir Chlárúcháin Cuideachta: 600136102	Tá 140 Repair Plant mar chuid den Belarussian State Authority for Military Industry of the Republic of Belarus (dá ngairtear freisin SAMI nó State Military Industrial Committee), atá freagrach as beartas míleata-teicniúil an Stáit a chur chun feidhme agus atá faoi réir Comhairle na nAirí agus Uachtarán na Bealarúise. Dá bhrí sin, tá 140 Repair Plant ag baint tairbhe as an gceangal atá aige le réimeas Lukashenka agus é ag tacú leis. Monaraíonn an chuideachta feithiclí iompair agus feithiclí armúrtha a úsáideadh in aghaidh léirsithe síochánta a bhí ar siúl tar éis na dtoghchán uachtaránachta a bhí ar siúl an 9 Lúnasa 2020, agus an gcaoi sin, tá an chuideachta freagrach as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	17.12.2020

▼M50

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
				Ina theannta sin, déanann an chuideachta, feithiclí míleata a fhorbairt, a tháirgeadh agus a nuachóiriú. Dá bhrí sin, tá 140 Repair Plant mar chuid de choimpléasc tionsclaíoch agus míleata na Bealarúise trí bheith rannpháirteach i bhforbairt, táirgeadh nó soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.	
8.	MZKT (dá ngairtear freisin VOLAT)	МЗКТ - Минский завод колёсных тягачей	Seoladh: 150 Partizansky Ave., 220021, Mionsc, Poblacht na Bealarúise Teil.: +375 (17) 330-17-09 Facs: +375 (17) 291-31-92 Ríomhphost: link@mzkt.by Suíomh gréasáin: www.mzkt.by Uimhir Chlárúcháin Cuideachta: 100534485	Tá MZKT (dá ngairtear freisin VOLAT) mar chuid den Belarusian State Authority for Military Industry of the Republic of Belarus (dá ngairtear freisin SAMI nó State Military Industrial Committee), atá freagrach as beartas míleata-teicniúil an Stáit a chur chun feidhme agus atá faoi réir Chomhairle na nAirí agus Uachtarán na Bealarúise. Tá MZKT (dá ngairtear freisin VOLAT) dá bhrí sin ag baint tairbhe as an gceangal atá aige le réimeas Lukashenka agus tá sé ag tacú leis. Briseadh as a bpost fostaithe de chuid ZKT a chuaigh i mbun agóide nuair a thug Aliaksandr Lukashenka cuairt ar an monarcha agus a chuaigh ar stailc tar éis na dtoghchán uachtaránachta sa Bhealarúis in 2020, rud a fhágann go bhfuil an chuideachta freagrach as cearta an duine a shárú. Ina theannta sin, forbraíonn agus táirgeann an chuideachta feithiclí míleata freisin. Dá bhrí sin, is cuid é MZKT de choimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Bealarúise trí bheith rannpháirteach i bhforbairt, táirgeadh agus soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.	17.12.2020

▼M27

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
9.	Sohra Group / Sohra LLC	ООО Сохра	Seoladh: Revolucyonnaya 17/19, office no. 22, 220030 Minsk, Belarus Cláruimhir: 192363182 Suíomh gréasáin: http://sohra.by/ Seoladh ríomhphoist: info@sohra.by	Bhíodh Sohra company faoi úinéireacht Aliaksandr Zaitsau, ceann de na fir ghnó leis an tionchar is mó sa Bhealarúis, duine a bhfuil dlúthnaisc aige lebunaíocht pholaitiúil na Bealarúise agus dlúthchúntóir don mhac is sine ag Lukashenko, Viktor. Cuireann Sohra táirgí tionsclaíocha na Bealarúise chun cinn i dtíortha san Afraic agus sa Mheán Oirthear. Chomhbhunaigh sé an chuideachta chosanta BSVT-New Technologies a bhfuil baint aici le táirgeadh arm agus nuachóiriú diúracán. Agus leas á bhaint as a staid phribhléide, feidhmíonn Sohra mar ionadaí idir bunaíocht pholaitiúil na Bealarúise agus cuideachtaí faoi úinéireacht stáit agus comhpháirtithe eachtracha san Afraic agus sa Mheán Oirthear. Bhí baint aige freisin le mianadóireacht óir i dtíortha na hAfraice ar bhonn lamháltas a fuair réimeas Lukashenka. Tá Sohra Group ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka dá bhrí sin.	21.6.2021
10.	Bremino Group LLC	ООО “Бремино групп”	Seoladh: Niamiha 40, 220004 Minsk Belarus;, Bolbasovo village, Zavodskaya 1k, Orsha Region/Oblast Belarus Cláruimhir: 691598938 Suíomh gréasáin: http://www.bremino.by Seoladh ríomhphoist: office@bremino.by; marketing@bremino.by	Is é Bremino Group tionscnóir agus comhriarthóir an Bremino-Orsha special economic zone project, a cruthaíodh le foraithne ón uachtarán arna shíniú ag Aliaksandr Lukashenka. Fuair an chuideachta tacaíocht stáit chun an crios Bremino-Orsha a fhorbairt, mar aon le roinnt buntáistí eile airgeadais agus cánach agus sochair eile. Tá úinéirí Bremino Group - Aliaksandr Zaitsau, Mikalai Varabei agus Aliaksei Aleksin - ina gcuid de chiorcal inmheánach na bhfear gnó a bhaineann le Lukashenka agus bíonn dlúthchaidreamh acu le Lukashenka agus a theaghlach. Tá Bremino Group ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka dá bhrí sin. Is é Bremino Group úinéir an Transport and Logistics Center (TLC) ar theorainn na Bealarúise-na Polainne – Bremino-Bruzgi, a d’úsáid réimeas Lukashenka mar dhídean d’imircigh a iompraíodh go teorainn na Bealarúise agus an Aontais agus é d'aidhm acu é a thrasnú go neamhdhleathach. Chomh maith leis sin, ba shuíomh é Bremino-Bruzgi TLC de chuairt bholscaireachta Lukashenka ar na himircigh. Dá bhrí sin, tá Bremino Group ag rannchuidiú le gníomhaíochtaí réimeas Lukashenka a éascaíonn trasnú neamhdhleathach theorainneacha seachtracha an Aontais.	21.6.2021

▼M27

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
11.	Globalcustom Management, LLC	ООО “Глобалкастом-менеджмент”	Seoladh: Nemiga 40/301, Minsk, Belarus Cláruimhir: 193299162 Suíomh gréasáin: https://globalcustom.by/ Seoladh ríomhphoist: info@globalcustom.by	Tá baint ag Globalcustom Management leis an Belarus President Property Management Directorate, a bhí faoi cheannas Victor Sheiman, atá ainmnithe ag an Aontas ó 2004 i leith. Tá baint ag an gcuideachta le smuigléireacht earraí chun na Rúise, rud nach bhféadfaí a dhéanamh gan toiliú ó réimeas Lukashenka, a dhéanann rialú ar na gardaí teorann agus na custaim teorann. Tá an staid pribhléide in earnáil onnmhairiúcháin bláthanna chun na Rúise, rud a bhaineann an chuideachta tairbhe as, ag brath freisin ar thacaíocht ón réimeas. Ba é Globalcustom Management an chéad úinéir ar GardService, an t-aon chuideachta phríobháideach ar lig Lukashenka dóibh airm a úsáid. Tá Globalcustom Management ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka dá bhrí sin.	21.6.2021
12.	Belarusski Avtomobilnyi Zavod (BelAZ) / OJSC “BELAZ” Open Joint Stock Company “BELAZ” - Management Company of Holding “BELAZ-HOLDING”	ААТ “БЕЛАЗ” ОАО “БЕЛАЗ”	Seoladh: 40 let Octyabrya St. 4, 222161, Zhodino, Minsk Region/Oblast, Belarus Suíomh gréasáin: https://belaz.by	Tá OJSC BelAZ ar cheann de na príomhchuideachtaí faoi úinéireacht an stáit sa Bhealarúis agus ar cheann de na monaróirí is mó de thrucailí móra agus de thrucailí móra dumpála ar fud an domhain. Is foinse shuntasach ioncaim é do réimeas Lukashenka. Dúirt Lukashenka go dtacódh an rialtas i gcónaí leis an gcuideachta agus is mar “branda na Bealarúise” agus mar ‘cuid den oidhreacht náisiúnta’ a chuir sé síos uirthi. Thairg OJSC BelAZ a áitreabh agus a threalamh chun mórshiúl polaitiúil a reáchtáil chun tacú le réimeas Lukashenka. Dá bhrí sin, tá OJSC BelAZ ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka agus tacaíonn sé leis. Rinneadh bagairt ar fhostaithe OJSC BelAZ a ghlac páirt i stailceanna agus in agóidí síochánta tar éis na dtoghchán calaoiseacha sa Bhealarúis i mí Lúnasa 2020, a leagan as a bpost agus rinne bainistíocht na cuideachta imeaglú orthu. Chuir OJSC BelAZ grúpa fostaithe faoi ghlas laistigh chun cosc a chur orthu dul leis na hagóideoirí eile. Lig bainistíocht na cuideachta orthu do na meáin gur cruinniú foirne a bhí i gceist le stailc. Dá bhrí sin, tá OJSC BelAZ freagrach as an tsochaí shibhialta a chur faoi chois agus tacaíonn sé le réimeas Lukashenka.	21.6.2021

▼M27

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
▼M43					
13.	Minskii Avtomobilnyi Zavod (MAZ) / OJSC “MAZ” Open Joint Stock Company Minsk Automobile Works’ – Management Company of “BELAVTOMAZ” Holding	ААТ “Мінскі аўтамабільны завод” ОАО “Минский автомобильный завод”	Seoladh: Socialisticheskaya 2, 220021 Minsk, an Bhealarúis Suíomh gréasáin: http://maz.by/ Dáta clárúcháin: 16.7.1944 Teil.: + 375 (17) 217-22-22; + 8000 217-22-22	Tá OJSC Minsk Automobile Plant (MAZ) ar cheann de na monaróirí mótarfheithiclí is mó sa Bhealarúis ar leis an stát é. Is mar seo a leanas a chuir Lukashenka air: “ceann de na fiontair thionsclaíocha is tábhachtaí sa tír”. Is foinse ioncaim do réimeas Lukashenka é. Tá áitreabh agus trealamh curtha ar fáil ag OJSC MAZ chun mórthionól polaitiúil a reáchtáil chun tacú leis an réimeas. Ina theannta sin, i bhfianaise rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin, seachadann MAZ truiceanna míleata chuig Arm na Rúise a imscartar ar chríoch na hÚcráine lena n-úsáid i ngníomhaíochtaí míleata. Tá OJSC MAZ ag baint tairbhe, dá bhrí sin, as réimeas Lukashenka agus ag tacú leis. Imeaglaíodh fostaithe OJSC MAZ, agus briseadh amach as a bpost iad ina dhiaidh sin, as páirt a ghlacadh i stailceanna agus agóidí síochánta tar éis na dtoghchán uachtaránachta calaoiseach a reáchtáladh sa Bhealarúis i mí Lúnasa 2020. Chuir OJSC MAZ grúpa dá fhostaithe faoi ghlas taobh istigh ionas nach bhféadfaidís bheith i dteannta na n-agóideoirí eile. Tá OJSC MAZ freagrach, dá bhrí sin, as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus tacaíonn sé le réimeas Lukashenka.	21.6.2021
▼M27					
14.	Logex	ТАА “Лагекс” ООО “Логекс”	Seoladh: 24 Kommunisticheskaya Str., office 2, Minsk, Belarus Cláruimhir: 192695465 Suíomh gréasáin: http://logex.by/ Seoladh ríomhphoist: info@logex.by	Tá baint ag Logex le Aliaksandr Shakutsin, fear gnó atá gar do réimeas Lukashenka, agus atá ainmnithe ag an Aontas. Tá baint ag an gcuideachta le honnmhairiú bláthanna chuig an Russian Federation ar phraghsanna dumpáilte, rud nach bhféadfaí a dhéanamh gan toiliú ón réimeas, a dhéanann rialú ar na gardaí teorann agus na custaim teorann. Tá an staid pribhléide in earnáil onnmhairiúcháin bláthanna chun na Rúise, rud a bhaineann an chuideachta tairbhe as, ag brath ar thacaíocht don réimeas. Is iad na cuideachtaí a bhfuil dlúthnasc acu le ceannaireacht na poblachta príomhsholáthraithe bláthanna gearrtha na Bealarúise. Tá Logex ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka dá bhrí sin.	21.6.2021

▼M27

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
15.	JSC “NNK” (Novaia naftavaia kampania) / New Oil Company	ЗАТ “ННК” (Новая нафтавая кампанія) ЗАО “ННК” (Новая нефтяная компания)	Seoladh: Rakovska St. 14W room 7, 5th floor, Minsk, Belarus Cláruimhir: 193402282	Is eintiteas a bunaíodh i Márta 2020 é Novaya Neftnaya Kompaniya (NNK), New Oil company. Is í an t-aon chuideachta phríobháideach í atá i dteideal táirgí ola a onnmhairiú ón mBealarúis — léiriú ar dhlúthnaisc leis na húdaráis agus ar an leibhéal is airde pribhléidí stáit. Tá NNK faoi úinéireacht Inter-service, cuideachta atá faoi úinéireacht Mikalai Varabei atá ar cheann de na fir ghnó is mó a bhaineann tairbhe as réimeas Lukashenka agus ag tacú leis. Tuairiscítear freisin go bhfuil NNK nasctha le Aliaksei Aleksin, fear gnó mór le rá eile ón mBealarúis a bhaineann tairbhe as réimeas Lukashenka. De réir tuarascálacha na meán, bhí Aleskin ina bhunaitheoir ar NNK taobh le Varabei. Bhain údaráis na Bealarúise úsáid as NNK freisin chun geilleagar na Bealarúise a chur in oiriúint do bhearta sriantacha a thug an tAontas isteach. Tá NNK ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka dá bhrí sin.	21.6.2021
16.	Belaeronavigatsia Fiontar faoi úinéireacht stáit	Белаэронавігация Дзяржаўнае прадпрыемства Белаэронавигация Государственное предприятие	Seoladh: 19 Korotkevich St, 220039 Minsk, Belarus Dáta clárúcháin: 1996 Suíomh gréasáin: http://www.ban.by/ Seoladh r-phoist: office@ban.by Teil. +375 (17) 215-40-51 Facs +375 (17) 213-41-63	Tá fiontar faoi úinéireacht stáit Belaeronavigatsia, freagrach as rialú aerthráchta na Bealarúise. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tuirlingt éigeantais a dhéanamh an 23 Bealtaine 2021 ar eitilt paisinéirí FR4978 go haerfort Mhionsc gan údar cuí a bheith leis. Ba é an aidhm a bhí leis an gcinneadh polaitiúil sin go ndéanfaí an t-iriseoir de chuid an fhreasúra Raman Pratasevich agus Sofia Sapega a ghabháil agus a choinneáil; is brú faoi chois an méid sin i gcoinne na sochaí sibhialta agus an fhreasúra dhaonlathaigh sa Bhealarúis. Tá fiontar faoi úinéireacht stáit Belaeronavigatsia, freagrach, dá bhrí sin, as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	21.6.2021

▼M27

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
▼M38					
17.	Cuideachta Comhstoic Oscailte “Belavia Belarusian Airlines”	ААТ “віякампанія Белавія” ОАО “виакомпания Белавиа”	Seoladh: 14A Nemiga St., 220004 Mionsc, an Bhealarúis Dáta clárúcháin: 4.1.1996 Cláruimhir: 600390798	Is í an OJSC Belavia Belarusian Airlines an chuideachta aerlíne náisiúnta atá faoi úinéireacht an Stáit. Tá eitleáin rialtais na Bealarúise a úsáideann an tUachtarán Aliaksandr Lukashenk faoi úinéireacht Belavia Belarusian Airlines freisin agus oibríonn sé iad. Gheall Aliaksandr Lukashenka go dtabharfadh a rialtas gach tacaíocht is féidir do Belavia tar éis don Aontas Eorpach a chinneadh cosc ar aerlínte na Bealarúise traseitiltí a dhéanamh thar aerspás an Aontais agus ar rochtain ag aerlínte na Bealarúise ar aerfoirt an Aontais a thabhairt isteach. Chuige sin, d’aontaigh sé le hUachtarán na Rúise, Vladimir Putin, maidir le hoscailt bealaí nua aerlínte do Belavia a phleanáil. In 2021, dheimhnigh Príomhfheidhmeannach Belavia go bhfuair sé tacaíocht rialtais chun eitiltí chuig Cónaidhm na Rúise a athbhunú. Tá an chuideachta aerlíne náisiúnta díolmhaithe freisin ó cháin bhreisluacha a íoc ag rialtas na Bealarúise i ndáil le haerárthaí agus comhpháirteanna a allmhairítear i gcríoch Phoblacht na Bealarúise. Thairis sin, in 2014, tá iasachtaí faighte ag Belavia ó bhanc atá faoi úinéireacht an stáit chun aerárthaí nua a fháil. Anuas air sin, dúirt bainistíocht Belavia lena fostaithe gan agóid a dhéanamh i gcoinne na neamhrialtachtaí toghchánaíochta agus na hollchoinneála sa Bhealarúis toisc gur fiontar é Belavia atá faoi úinéireacht Stáit. Dá bhrí sin, tá Belavia ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka agus ag tacú leis.	2.12.2021
▼M27					
18.	Fofhiontar aonadach poblachtach ‘TSENTRKURORT	Рэспубліканскае унітарнае прадпрыемства “ЦЭНТРКУРОРТ” Республиканское унитарное предприятие “ЦЕНТРКУРОРТ”	Seoladh: 39 Myasnikova St., 220030 Minsk, Belarus, Dáta clárúcháin: 12.8.2003 Cláruimhir: 100726604	Is cuid de Belarus President Property Management Directorate an chuideachta turasóireachta Stáit Tsentrkurort. Tá sé ráite go bhfuil Tsentrkurort ar cheann de na cuideachtaí a dhéanann comhordú ar shreabhadh na n-imirceach a mbíonn sé ar intinn acu an teorainn a thrasnú idir an Bhealarúis agus an Aontas. Chuidigh Tsentrkurort le 51 saoránach de chuid na hIaráice, ar a laghad, víosaí a fháil dá dturas ar an mBealarúis, agus shínigh sé conradh le haghaidh seirbhísí iompair le cuideachta na Bealarúise “Stroitur” a tháirgeann busanna ar cíos le tiománaithe. Rinne busanna, a chuir Tsentrkurort in áirithe, imircigh (lena n-áirítear leanaí) a iompar ó aerfort Mhionsc chuig óstáin.	2.12.2021

▼M27

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
				Dá bhrí sin, tá Tsentrkurort ag rannchuidiú le gníomhaíochtaí réimeas Lukashenka a éascaíonn trasnú neamhdhleathach theorainneacha seachtracha an Aontais.	
19.	Oskartour LLC	ООО Оскартур	Seoladh: 25 Karl Marx St., room 1n, Minsk, Belarus Dáta clárúcháin: 18.10.2016 Cláruimhir: 192721937	Is oibreoir turais é Oskartur, a d'éascaigh víosaí a fháil d'imircigh ag teacht ón Iaráic agus a d'eagraigh a dtaistil ina dhiaidh sin go dtí an Bhealarúis ar eitiltí ó Bhagdad go Mionsc. Ina dhiaidh sin, iompraíodh na himircigh Iarácacha sin go dtí an teorainn idir an Bhealarúis agus an tAontas agus an aidhm a bhí acu an teorainn sin a thrasnú go neamhdhleathach. A bhuí le Oskartur agus na teagmhálacha atá aige le haerlínte na hIaráice, le húdaráis na Bealarúise agus le cuideachta Tsentrkurort atá faoi úinéireachta an Stáit, sheol aerlíne na hIaráice eitiltí ó Bagdad go Mionsc go rialta, chun daoine a chur chuig an mBealarúis chun teorainneacha seachtracha an Aontais a thrasnú go neamhdhleathach. Ghlac Oskartur páirt sa scéim trasnaithe neamhdhleathaigh teorann seo a reáchtáil seirbhísí slándála na Bealarúise agus cuideachtaí faoi úinéireacht an stáit. Dá bhrí sin, tá sé ag rannchuidiú le gníomhaíochtaí réimeas Lukashenka a éascaíonn trasnú neamhdhleathach theorainneacha seachtracha an Aontais.	2.12.2021
20.	Fofhiontar aonadach poblachtach "Hotel Minsk"	Гатэль "Мінск" Республиканское дочернее унитарное предприятие «Отель "Минск"	Seoladh: 11 Nezavisimosti Ave., Minsk, Belarus Dáta clárúcháin: 26.12.2016/3.4.2017 Cláruimhir: 192750964 Suíomh gréasáin: http://hotelminsk.by/ Seoladh r-phoist: hotelminsk@udp.gov.by; marketing@hotelminsk.by Teil. +375 (17) 209 -90 -61 Facs +375 (17) 200 -00 -72	Is fochuideachta de Belarus President Property Management Directorate – gníomhaireacht rialtais a thuairiscíonn go díreach don Uachtarán – é Hotel Minsk. Ghlac Hotel Minsk páirt sa scéim trasnaithe neamhdhleathaigh teorann a reáchtáil seirbhísí slándála na Bealarúise agus cuideachtaí faoi úinéireacht Stáit. Cuireadh cóiríocht ar fáil d'imircigh san óstán sular iompraíodh iad go dtí an teorainn idir an Bhealarúis agus an Aontas chun go bhféadfaidís í a thrasnú go neamhdhleathach. Bhí Hotel Minsk liostaithe ag imircigh ón Iaráic mar áit chónaithe shealadach ina n-iarratais ar víosaí Bealarúiseacha, a taisceadh díreach sular tháinig siad go Bhealarúis. Dá bhrí sin, tá Hotel Minsk ag rannchuidiú le gníomhaíochtaí réimeas Lukashenka a éascaíonn trasnú neamhdhleathach theorainneacha seachtracha an Aontais.	2.12.2021

▼M27

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
21.	Cuideachta Comhstoic Oscailte “Hotel Planeta”	ААТ “Гасцініца Планета” ОАО “Гостиница Планета”	Seoladh: 31 Pobediteley Ave., Minsk, Belarus Dáta clárúcháin: 1.2.1994/6.3.2000 Cláruimhir: 100135173 Seoladh r-phoist: planeta@udp.gov.by Suíomh gréasáin: https://hotelplaneta.by/ Teil. +375 (17) 226 -78 -53 Facs +375 (17) 226 -78 -55	Is fochuideachta de Belarus President Property Management Directorate – gníomhaireacht rialtais a thuairiscíonn go díreach don Uachtarán – é OJSC Hotel Planeta. Ghlac Hotel Planeta páirt sa scéim trasnaithe neamhdhleathaigh teorann a reáchtáil seirbhísí slándála na Bealarúise agus cuideachtaí faoi úinéireacht Stáit. Cuireadh cóiríocht ar fáil d’imircigh san óstán sular iompraíodh iad go dtí an teorainn idir an Bhealarúis agus an tAontas chun go bhféadfaidís í a thrasnú go neamhdhleathach. D’íoc siad USD 1 000 le gníomhaire taistil i mBagdad as an eitilt, víosa thurasóireachta agus as cóiríocht san óstán. Dá bhrí sin, tá Hotel Planeta ag rannchuidiú le gníomhaíochtaí réimeas Lukashenka a éascaíonn trasnú neamhdhleathach theorainneacha seachtracha an Aontais.	2.12.2021
22.	ASAM (Asobnaia sluzhba aktyunykh mera-pryemstvau) OSAM (Otdiel’naya sluzhba aktivnykh mieropriyatiy)	Асобная служба актыўных мерапрыемстваў (АСАМ) Отдельная служба активных мероприятий (ОСАМ)	Seoladh: State Border Committee of the Republic of Belarus, 24 Volodarsky St., 220050, Minsk, Belarus	Is aonad garda speisialta teorann é ASAM (Separate Service for Active Measures) atá faoi smacht Viktar Lukashenka, agus a bhfuil Ihar Kruchkou i gceannas air. Eagraíonn fórsaí ASAM faoi oibríocht speisialta “Gate” trasnuithe neamhdhleathacha teorann tríd an mBealarúis go dtí Ballstáit an Aontais, agus tá siad páirteach go díreach in iompar fisiciúil imirceach go dtí an taobh eile den teorainn. Gearrann ASAM táille ar na himircigh a iompraítear as an teorainn a thrasnú freisin. Dá bhrí sin, tá ASAM ag rannchuidiú le gníomhaíochtaí réimeas Lukashenka a éascaíonn trasnú neamhdhleathach theorainneacha seachtracha an Aontais.	2.12.2021

▼M27

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
▼M33					
▼M27					
24.	VIP Grub		Seoladh: Büyükdere Cad., No:201, Istanbul, Turkey	Is seirbhís pasanna agus víosaí é VIP Grub atá suite in Iostanbúl na Tuirce, agus a eagraíonn turais go dtí an Bhealarúis agus é mar rún sainráite aici imirce isteach san Aontas a éascú. Bíonn VIP Grub ag fógairt imirce go dtí an tAontas go gníomhach. Dá bhrí sin, tá VIP Grub ag rannchuidiú le gníomhaíochtaí réimeas Lukashenka a éascaíonn trasnú neamhdhleathach theorainneacha seachtracha an Aontais.	2.12.2021
▼M50					
25.	Open Joint Stock Company “Grodno Azot” Lena n-áirítear Craobh “Khimvolokno Plant” de Chuideachta Comhstoic “Grodno Azot”	ААТ “Гродна Азот” ОАО “Гродно Азот” Філіял “Завод Хімвалакно” ААТ “Гродна Азот” Филиал “Завод Химволокно” ОАО “Гродно Азот”	Seoladh: 100 Kosmonavtov Ave., Grodno/Hrodna, an Bhealarúis Dáta clárúcháin: 1965 Uimhir Chlárúcháin Cuideachta: 500036524 Suíomh Gréasáin: https://azot.by/en/ Seoladh: 4 Slavinskogo, St., 230026 Grodno/Hrodna, an Bhealarúis Dáta clárúcháin: 12.5.2000 Uimhir Chlárúcháin Cuideachta: 590046884 Suíomh gréasáin: www.grodno-khim.by Seoladh ríomhphoist: office@grodno-khim.by; market@grodno-khim.by; ppm@grodno-khim.by; tnp@grodno-khim.by Teil./Facs: +375 (152) 39-19-00; +375 (152) 39-19-44	Is táirgeoir mór comhdhúl nítrigine é OJSC Grodno Azot atá bunaithe in Grodno/Hrodna agus atá faoi úinéireacht an Stáit. Chuir Lukashenka síos air mar “fhiontar ríthábhachtach straitéiseach”. Is le Grodno Azot Khimvolokno Plant freisin, ar monaróir mór polaimíde agus poileistir agus ábhar comhchodach é. Is foinse mhór ioncaim do réimeas Lukashenka iad Grodno Azot agus Khimvolokno Plant. Dá bhrí sin, tá Grodno Azot ag tacú le réimeas Lukashenka. Thug Lukashenka cuairt ar an gcuideachta agus bhuail sé lena hionadaithe, agus phléigh siad nuachóiriú na monarchan agus cineálacha éagsúla tacaíochta Stáit. Gheall Lukashenka iasacht freisin a d’úsáidfí chun monarcha nua nítrigine a thógáil in Grodno/Hrodna. Dá bhrí sin, tá Grodno Azot ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka.	2.12.2021

▼M50

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
				Na hoibrithe in Grodno Azot, lena n-áirítear na fostaithe ag Khimvolokno Plant, a ghlac páirt sna hagóidí síochánta i gcoinne an réimis agus a chuaigh ar stailc, briseadh as a bpoist iad, agus chuir lucht bainistíochta Grodno Azot agus ionadaithe an réimis imeagla orthu agus bhagair orthu. Tá Grodno Azot freagrach, dá bhrí sin, as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta. Ina theannta sin, is cuid den ghnóthas Belneftekhim é Grodno Azot. Dá bhrí sin, tá Grodno Azot bainteach le Belneftekhim, atá ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka agus ag tacú leis.	

▼M27

26.	State Production Association “Belorusneft”	Дзяржаўнае вытворчае аб’яднанне “Беларуснафта” Государственное производственное объединение “Белоруснефть”	Seoladh: 9 Rogachevskaya St., 246003 Gomel/Homyel, Belarus Dáta clárúcháin: 25.2.1966 Cláruimhir: 400051902	Is cuideachta faoi úinéireacht Stáit é Belorusneft, a oibríonn san earnáil pheitriceimiceach. Bhris lucht bainistíochta na cuideachta as a bpoist na hoibrithe a chuaigh ar stailc, a ghlac páirt in agóidí i gcoinne an réimis nó a thacaigh leis na hagóidí sin go poiblí. Tá Belorusneft freagrach, dá bhrí sin, as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta.	2.12.2021

▼M50

27.	Open Joint Stock Company “Belshina”	AAT “Белшина” OAO “Белшина”	Seoladh: 4 Minskoe Shosse St., 213824 Bobruisk, an Bhealarúis Dáta clárúcháin: 10.1.1994 Uimhir Chlárúcháin Cuideachta: 700016217 Suíomh gréasáin: http://www.belshinajsc.by/	Tá OJSC Belshina ar cheann de na príomhchuideachtaí ar leis an stát iad sa Bhealarúis agus is mórmhonaróir bonn feithiclí é. Sna blianta 2022 agus 2023 rinne sé brabús dár méid 9 %, rud a dhearbhaigh leas-phríomhaire na Bealarúise, Petr Parkhomczyk. Tá tairbhe dhíreach á baint ag Stát na Bealarúise as a dtuilleann Belshina. Ina theannta sin, soláthraíonn Belshina boinn do lucht míleata na Rúise atá imscartha san Úcráin, rud a thacaíonn le rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha atá á tabhairt ag an Rúis faoin Úcráin. An dáileoir i gcás na ndíolachán a dhéanann Belshina leis an Rúis, tá sé faoi rialú ag Dmitry Lukashenko, mac Aliaksandr Lukashenko. Tacaíonn Belshina, dá bhrí sin, le réimeas Lukashenka.	2.12.2021

▼M50

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
				Fostaithe de chuid Belshina a ghlac páirt i léirsiú agus a chuaigh stailc tar éis na dtoghchán uachtaránachta calaoiseach a reáchtáladh sa Bhealarúis i mí Lúnasa 2020, briseadh as a bpost iad nó tugadh orthu éirí as a bpost, as bheith as láthair ón obair, mar dhea. Ina theannta sin, cuireann an Stát iallach ar phríosúnaigh pholaitiúla saothar contúirteach a dhéanamh ar son Belshina. Os a choinne sin, faigheann Belshina cabhair airgid ón stát i bhfoirm íocaíochtaí a bhfiachas agus iarchur íocaíochtaí CBL allmhairiúcháin. Lena chois sin, tugann rialtas na Bealarúise cead dá chomhlachtaí stáit táirgí Belshina a cheannach gan tairiscint. Tairbhíonn Belshina, dá bhrí sin, de réimeas Lukashenka agus tá sé freagrach as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta sa Bhealarúis.	
28.	Open Joint Stock Company “Belaruskali”	Адкрытае акцыянернае таварыства “Беларускалій” Открытое акционерное общество “Беларускалий”	Seoladh: 5 Korzha St., Soligorsk, 223710 Minsk Region/Oblast, an Bhealarúis Dáta clárúcháin: 23.12.1996 Uimhir Chlárúcháin Cuideachta: 600122610	Is fiontar atá faoi úinéireacht an stáit é OJSC Belaruskali agus atá ar cheann de na táirgeoirí potaise is mó ar domhan. D’ainneoin gur tháinig laghdú ó 20 % go 9 % ar a sciar domhanda sa mhargadh domhanda potaise in 2022, tá Belaruskali fós ar cheann de na honnmhaireoirí potaise is suntasaí agus is foinse mhór ioncaim é do bhuiséad stáit na Bealarúise. Chuir Alexander Lukashenka síos ar Belaruskali mar “taisce náisiúnta, ábhar bróid, ceann de cholúin onnmhairí na Bealarúise”. Is foinse mhór é freisin d’airgeadra eachtrach do réimeas Lukashenka. Tá baint dhíreach ag Belaruskali le hathlonnú leanaí Úcránacha ó chríocha atá faoi fhorghabháil ag réimeas Lukashenka i gcomhar leis an Rúis. Ó thosaigh mór-ionradh neamhdhleathach gan chúis gan údar na Rúise ar an Úcráin, tá breis agus 2 050 leanbh Úcránach curtha chuig saoráid Dubrava, atá faoi úinéireacht OJSC Belaruskali. Dá bhrí sin, tá OJSC “Belaruskali” ag tacú le réimeas Lukashenka.	3.6.2022.

▼M50

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
				Rinneadh imeaglú ar fhostaithe OJSC “Belaruskali” a ghlac páirt i stailceanna agus in agóidí síochánta tar éis na dtoghchán calaoiseach sa Bhealarúis i mí Lúnasa 2020 agus leag lucht bainistíochta na cuideachta as a bpost iad ina dhiaidh sin. Bhagair Alexander Lukashenka féin go pearsanta go gcuirfí mianadóirí ón Úcráin in ionad na bhfostaithe a chuaigh ar stailc. In 2024, briseadh na dosaenacha oibrithe de chuid OJSC “Belaruskali” as a bpost mar gheall ar bheith páirteach in agóidí 2020. Dá bhrí sin, tá “Belaruskali” freagrach as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta sa Bhealarúis agus tacaíonn sé le réimeas Lukashenka.	

▼M31

29.	An chuideachta chomhstoic “Belarusian Potash Company”	AAT “Беларуская калійная кампанія” ОАО “Белорусская калийная компания”	Seoladh: 35 Masherova Ave., 220002 Minsk, an Bhealarúis Dáta clárúcháin: 13.9.2013 Cláruimhir: 192050251 Teil. +375 (17)-309-30-10; Facs +375 (17) 309-30-30 Seoladh ríomhphoist: info@belpc.by	Is JSC Belarusian Potash Company a dhéanann an t-onnmhairiú do Belaruskali, táirgeoir potaise stát na Bealarúise. Is ceann de na foinsí is mó ioncaim do réimeas Lukashenka é Belaruskali. Is ionannsoláthairtí ó Belarus Potash Company agus 20 % d’onnmhairithe potaise domhanda. Ráthaigh an stát cearta monaplachta Belarusian Potash Company chun leasacháin photaisiam a onnmhairiú. Tuilleann an chuideachta ioncam suntasach a bhuí le cóir fhabhrach ó údaráis na Bealarúise. Dá bhrí sin, tá JSC Belarusian Potash Company ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka agus tacaíonn sé leis.	3.6.2022
30.	An chuideachta theoranta “Inter Tobacco”	Таварыства з абмежаванай адказнасцю 'Інтэр Табак' Общество с ограниченной ответственностью 'Интер Табако'	Seoladh:, 131 Novodvorskiy village, Novodvorskiy village council, Minsk District, 223016 Minsk Region /Oblast, an Bhealarúis Dáta clárúcháin: 10.10.2002 Cláruimhir: 808000714	Is cuid den tionscal déantúsaíochta tobac sa Bhealarúis é Inter Tobacco LLC. Is leis sciar suntasach den mhargadh toitíní brabúsach intíre sa Bhealarúis. Tugadh pribhléidí eisiacha don chuideachta chun táirgí tobac a allmhairiú chuig an mBealarúis, bunaithe ar fhoraithne a shínigh Aliaksandr Lukashenka. Ina theannta sin, d’eisigh Lukashenka foraithne uachtaránachta chun teorainneacha chaipiteal na Bealarúise, Minsk, a atarraingt chun talamh a ghearradh amach do mhonarcha Inter Tobacco, is dócha ar chúiseanna a bhaineann le himghabháil cánach. Is le Alexei Oleksin agus dlúthbhaill dá theaghlach an chuideachta Inter Tobacco (tá sé faoi úinéireacht Energo-Ola, cuideachta le Oleksin).	3.6.2022

▼M31

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
				Dá bhrí sin, tá “Inter Tobacco” ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka.	
31.	An chuideachta comhstoic oscailte “Naftan”	Адкрытае акцыянернае таварыства 'Нафтан' Открытое акционерное общество 'Нафтан'	Seoladh: Novopolotsk 1, 211440 Vitebsk Region/Oblast, Belarus, Dáta clárúcháin: 1992 Cláruimhir: 300042199	Mar ghnóthas atá faoi úinéireacht stáit, is foinse mhór ioncaim agus airgeadra eachtraigh í an chuideachta comhstoic oscailte “Naftan” do réimeas Lukashenka. Dá bhrí sin, tá “Naftan” ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka agus tacaíonn sí leis. Rinneadh imeaglú ar fhostaithe “Naftan” a ghlac páirt i stailceanna agus in agóidí síochánta tar éis na dtoghchán uachtaránachta calaoiseacha sa Bhealarúis i mí Lúnasa 2020 agus leag bainistíocht na cuideachta as a bpost iad. Dá bhrí sin, tá “Naftan” freagrach as an tsochaí shibhialta a chur faoi chois sa Bhealarúis agus tacaíonn sé le réimeas Lukashenka.	3.6.2022
32.	An chuideachta comhstoic oscailte “Grodno Tobacco Factory Neman”	Адкрытае акцыянернае таварыства “Гродзенская тытунёвая фабрыка Нёман” Открытое акционерное общество “Гродненская табачная фабрика Неман”	Seoladh: 18 Ordzhonikidze st., 230771 Grodno, Belarus Dáta clárúcháin: 30.12.1996 Cláruimhir: 500047627	An chuideachta comhstoic oscailte Grodno Tobacco Factory Neman, is fiontar faoi úinéireacht stáit na Bealarúise í agus tá sí ar cheann de na príomhfhoinsí ioncaim ag réimeas Lukashenka. Tá sciar 70-80 % den mhargadh tobac ag an gcuideachta sa Bhealarúis. Dá bhrí sin, tá Grodno Tobacco Factory Neman ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka agus tacaíonn sí leis. Tá brandaí Grodno Tobacco Factory Neman, a mhonaraítear sa Bhealarúis, ar cheann de na brandaí toitíní is coitianta a smuigleáiltear isteach san Aontas mar chuid de thrádáil bhrabúsach tobac chontrabhannaigh. Úsáidtear carranna traenach de chuid na gcuideachtaí Belaruskali agus Grodno Azot, atá faoi úinéireacht stáit na Bealarúise, sa scéim chontrabhannach. Dá bhrí sin, cuidíonn Grodno Tobacco Factory Neman le haistriú mídhleathach earraí srianta isteach ar chríoch an Aontais a éascú.	3.6.2022

▼M31

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
33.	Beltamozhservice	Рэспубліканскае унітарнае прадпрыемства “БЕЛМЫТСЭРВІС” Республиканское унитарное предприятие “Белтаможсервис”	Seoladh: 17th km, Minsk-Dzerzhinsk highway, administrative building, office 75, Shchomyslitsky s/s, 223049 Minsk Region/ Oblast, Belarus Dáta clárúcháin: 9.6.1999 Cláruimhir: 101561144	Is cuideachta faoi úinéireacht stáit í Beltamozhservice, agus is í ceann de na cuideachtaí lóistíochta is mó sa Bhealarúis. Tá dlúthbhaint aici le húdaráis na Bealarúise agus baint aici le smuigleáil agus ath-onnmhairiú earraí ón mBealarúis go dtí an Rúis. Tairbhíonn Beltamozhservice de na naisc atá aici leis na húdaráis agus cuireann sí ioncam suntasach ar fáil do réimeas Lukashenka. Dá bhrí sin, tá sí ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka agus tacaíonn sí leis.	3.6.2022
34.	An chuideachta comhstoic oscailte “Managing Company of Holding ‘Belkommunmash’”	Адкрытае акцыянернае таварыства “Кіруючая кампанія холдынгу” “Белкамунмаш” Открытое акционерное общество “Управляющая компания холдинга” “Белкоммунмаш”	Seoladh: 64B-2 Perekhodnaya St., 220070 Minsk, Belarus Dáta clárúcháin: 13.8.1991 Cláruimhir: 100205408	Is monaróir Bealarúiseach é Belkommunmash a dhéanann feithiclí iompair phoiblí. Tá an t-onnmhairiú a dhéanann gnó Belkommunmash á chur chun cinn ag Aliaksandr Lukashenka, agus é á ráthú aige go gcomhlíonfaidh an chuideachta a cuid oibleagáidí conarthacha lena comhpháirtithe agus a thionchar á úsáid aige chun tacú le gníomhaíocht ghnó Belkommunmash. Dá bhrí sin, tá Belkommunmash ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka. Leag Belkommunmash oibrithe as a bpost mar fhrithbheart nuair a rinne siad agóid i gcoinne thorthaí na dtoghchán uachtaránachta calaoiseach in 2020, agus dá bhrí sin tá sé freagrach as an tsochaí shibhialta a chur faoi chois agus tacaíonn sé le réimeas Lukashenka.	3.6.2022

▼M31

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
35.	Belteleradio Company / cuideachta stáit náisiúnta teilifíse agus raidió Phoblacht na Bealarúise	Нацыянальная дзяржаўная тэлерадыёкампанія Рэспублікі Беларусь / Белтэлерадыёкампанія Национальная государственная телерадиокомпания Республики Беларусь / Белтелерадиокомпания	Seoladh: 9 Makayonka St., Minsk, Belarus Dáta clárúcháin: 14.9.1994 Cláruimhir: 100717729 Suíomh gréasáin: tvr.by	Is é Belteleradio Company an chuideachta stáit teilifíse agus raidió, a rialaíonn seacht gcainéal teilifíse agus 5 stáisiún raidió sa Bhealarúis. Tar éis na dtoghchán uachtaránachta calaoiseach i mí Lúnasa 2020, leag Belteleradio oibrithe a rinne agóid as a bpost sna heagraíochtaí meán faoina rialú agus chuir sé ina n-ionad fostaithe de chuid na meán Rúiseach. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta. Tá bolscaireacht á leathadh go gníomhach ag na stáisiúin teilifíse agus raidió faoi mhaoirseacht Belteleradio Company agus dá bhrí sin tá siad ag tacú le réimeas Lukashenka.	3.6.2022

▼M35

36.	Cuideachta Comhstoic Oscailte (“OJSC”) “MINSK ELECTRO-TECHNICAL PLANT NAMED AFTER V. I. KOZLOV”	Адкрытае акцыянернае таварыства “МІНСКІ ЭЛЕКТРАТЭХНІЧНЫ ЗАВОД ІМЯ В. І.КАЗЛОВА” Открытое акционерное общество “МИНСКИЙ ЭЛЕКТРОТЕХНИЧЕСКИЙ ЗАВОД ИМЕНИ В.И. КОЗЛОВА”/ОАО “МЭТЗ ИМ. В.И. КОЗЛОВА”	Seoladh: Room 502, 4, sráid Uralskaya, Mionsc 220037, Poblacht na Bealarúise An cineál eintitis: Cuideachta faoi úinéireacht stáit Áit chláraithe: 4, sráid Uralskaya, Mionsc 220037, Poblacht na Bealarúise Dáta clárúcháin: 1.3.1994 Cláruimhir: 100211261(УНП) Príomhionad gnó: An Bhealarúis Suíomh gréasáin na cuideachta: www.metz.by Seoladh ríomhphoist na cuideachta: urist@metz.by Uimhir theileafóin na cuideachta: 8017 230 11 22	Is fiontar faoi úinéireacht stáit é OJSC “Minsk Electrotechnical Plant named after V.I. Kozlov”, ceann de na táirgeoirí trealaimh leictreachais is mó san Eoraip agus ceann de na hollchuideachtaí tionsclaíocha sa Bhealarúis. Dá bhrí sin, is ceann de na foinsí móra ioncaim é do réimeas Lukashenka. Rinneadh bagairt ar fhostaithe OJSC “Minsk Electrotechnical Plant named after V.I. Kozlova” a ghlac páirt i stailceanna agus in agóidí síochánta tar éis na dtoghchán calaoiseacha sa Bhealarúis i mí Lúnasa 2020, a leagan as a bpost agus rinne bainistíocht na cuideachta imeaglú orthu. Briseadh oibrithe as a bpost ina dhiaidh sin mar gheall ar a rannpháirtíocht sna stailceanna. Tá OJSC “Minsk Electrotechnical Plant named after V.I. Kozlov”, dá bhrí sin, ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka agus ag tacú leis. Thairis sin, tá OJSC “Minsk Electrotechnical Plant named after V.I. Kozlov” freagrach as an tsochaí shibhialta a chur faoi chois sa Bhealarúis.	3.8.2023

▼M35

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
37.	Cuideachta Comhstoic Oscailte (“OJSC”) “Byelorussian Steel Works – management company of ‘Byelorusssian Metallurgical Company’ holding” ar a dtugtar freisin OJSC “BSW (BMZ) - management company of ‘BMC’ holding”	Адкрытае акцыянернае таварыства “Беларускі металургічны завод - кіруючая кампанія холдынгу “Беларуская металургічная кампанія” ar a dtugtar freisin “ААТ “БМЗ - кіруючая кампанія холдынгу ‘БМК’” Открытое акционерное общество ‘Белорусский металлургический завод- управляющая компания холдинга “Белорусская металлургическая компания” ar a dtugtar freisin ОАО “БМЗ- управляющая компания холдинга ‘БМК’”	Seoladh: 37, Sráid Promyshlennaya, Zhlobin, réigiún Gomel, an Bhealarúis, 247210 An cineál eintitis: Cuideachta comhstoic oscailte Áit chláraithe: Zhlobin, réigiún Gomel, an Bhealarúis Dáta clárúcháin: 24.4.1991 mar “БЕЛОРУССКИЙ МЕТАЛЛУРГИЧЕСКИЙ ЗАВОД”, 11.9.1996 mar “Государственное предприятие - Белорусский металлургический завод”, 1.12.1997 mar “Белорусский металлургический завод”, 3.11.1999 mar “Республиканское унитарное предприятие ‘Белорусский металлургический завод’”, 1.1.2012 mar “Открытое акционерное общество ‘Белорусский металлургический завод’” Cláruimhir: 400074854 Príomhionad gnó: Zhlobin, réigiún Gomel, an Bhealarúis	“OJSC BSW - management company of ‘BMC’ holding” - is fiontar stáit uathúil é sa tionscal miotalóireachta sa Bhealarúis, agus ar cheann de na cuideachtaí is mó sa tír. Dá bhrí sin, is foinse thábhachtach ioncaim é do réimeas Lukashenka. Tá Stát na Bealarúise ag baint tairbhe go díreach as an méid a thuilleann “OJSC BSW - management company of ‘BMC’ holding”. Thairis sin, faigheann an chuideachta deontais mhóra ón rialtas agus tacaíocht pholaitiúil ó réimeas Lukashenka. Cheap an tUachtarán Lukashenka stiúrthóir ginearálta “OJSC BSW - management company of ‘BMC’ holding” é féin. Fostaithe “OJSC BSW - management company of ‘BMC’ holding” a ghlac páirt sna hagóidí agus a chuaigh ar stailc tar éis thoghcháin uachtaránachta 2020 sa Bhealarúis, briseadh as a bpoist iad. Ó shin i leith, leanann an fiontar de bhearta a ghlacadh i gcoinne fostaithe atá ag iarraidh stailceanna a eagrú, trí bhagairtí agus trí dhífhostú. Dá bhrí sin, tá “OJSC BSW - management company of ‘BMC’ holding” ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka agus ag tacú leis. Thairis sin, tá sé freagrach, dá bhrí sin, as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta sa Bhealarúis.	3.8.2023

▼M35

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
38.	Belneftekhim Gnóthas Stáit na Bealarúise maidir le hOla agus Ceimic	Белнафтахім — Беларускі дзяржаўны канцэрн па нафце і хіміі Белнефтехим, Белорусский государственный концерн по нефти и химии	Seoladh: 73, Sráid Dzerzhinskogo, Mionsc, 220116 An cineál eintitis: Gnóthas stáit Áit chláraithe: 73, Sráid Dzerzhinskogo, Mionsc, 220116 Dáta clárúcháin: 21.7.1997 Cláruimhir: 101272253 Príomhionad gnó: Mionsc, an Bhealarúis	Tá Gnóthas Stáit na Bealarúise maidir le hOla agus Ceimic (Belneftekhim) ar cheann de na coimpléisc thionsclaíocha is mó i bPoblacht na Bealarúise agus atá comhdhéanta d'iliomad cuideachtaí eile faoi úinéireacht an stáit; bunaíodh é i 1997. Measann Aliaksandr Lukashenka go bhfuil Belneftekhim ar cheann de na gnóthais is tábhachtaí agus is straitéisí sa Bhealarúis. Go háirithe, is sócmhainn bhunúsach í Belneftekhim do gheilleagar agus do bheartas eachtrach na Bealarúise, go háirithe i ndáil leis an gcomhar idir an Rúis agus an Bhealarúis maidir le cómhargadh ola a fhorbairt. Bíonn comhairliúcháin rialta ann idir an gnóthas agus an tUachtarán Lukashenka. Baineann Belneftekhim tairbhe as an tacaíocht a thug réimeas Lukashenka, go háirithe i bhfianaise éifeachtaí smachtbhannaí an Iarthair. Tá Belneftekhim, dá bhrí sin, ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka agus ag tacú leis.	3.8.2023

▼M41

39.	Ruzekspeditsiya LLC RUZSPEDITION LLC OOO RUDENSKI UDOBRENCHESKI ZAVOD OBSHCHESTVO S OGRANICHENNOI OTVETSTVEN-NOSTYU RUZEKSPE-DITSIYA	ТАА "Рузэкспе-дыцыя" ООО "Рузэкспе-диция"	Seoladh: 1K Zavodzkaya St., room 36 Bolbasovo 211004 Belarus; 40 Nemiga St., room 304 Minsk 220004 Belarus Dáta clárúcháin: 6.1.2016 Cláruimhir: 690664113 Seoladh ríomhphost: info@ruz.by Teil.:+375296615929 Teil.: + 375172006232 Suíomh ghréasáin: https://ruz.by/	Is é Ruzekspeditsiya LLC a sheolann a ghnó ó Chrios Eacnamaíoch Speisialta Bhremino-Orsha, arna bhunú le foraithne uachtaránachta Aliaksandr Lukashenka, atá á bhainistiú ag Bremino Group LLC. Liostaíodh Bremino Group LLC in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ón gComhairle. Baineann Cuideachtaí atá bunaithe i gCrios Eacnamaíoch Speisialta Bremino-Orsha brabús as cáin agus buntáistí airgeadais eile. Tá sé chuideachta bunaithe i gCrios Eacnamaíoch Speisialta Bremino-Orsha agus dá bhrí sin ní thairbhíonn ach na sé chuideachta dó, lena n-áirítear Bremino Group LLC. Is é Bremino Group LLC amháin, ina cháil mar chuideachta bhainistíochta an Cheasa Eacnamaíoch Speisialta atá freagrach as an gcinneadh maidir le cé a cheadaítear leas a bhaint as na tairbhí a bhaineann le Crios Eacnamaíoch Speisialta Bremin-Orsha trí bheith ina chónaí ann.	16.12.2024

▼M41

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
				Ar na cúiseanna a leagtar amach thuas, tá baint ag Ruzekspeditsiya le Bremino Group LLC. Mar chuideachta a bunaíodh i gCrios Eacnamaíoch Speisialta Bremino-Orsha, baineann sé tairbhe as an réimeas. Éascaíonn Ruzekspeditsiya freisin sáruithe ar an toirmeasc ar dhul timpeall ar fhorálacha Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ón gComhairle trí pháirt a ghlacadh i seachadadh gluaisteán a bhfuil toirmeasc orthu a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú ón Aontas go dtí an Bhealarúis.	
40.	Vlate Logistik LLC	ТАА “ВЛАТЭ Лагістык” ООО “ВЛАТЕ Логистик”	Seoladh: 48 Komarova St., Pogranichny, 231773, Belarus Dáta clárúcháin: 16.4.2013 Cláruimhir: 192003422	Is cuideachta Bhealarúiseach é Vlate Logistik LLC a bhfuil dhá sheicphointe teorann aici ar theorainn idir an tAontas agus an Bhealarúis. Ón 10 Lúnasa 2023, ba scairshealbhóirí comhionanna Vlate Logistic LLC iad Aleh Herasim, Aleh Piatrou, Iryna Kalesnikava, Aleh Barabanau, Dzmitry Zamulevich, agus Uladzimir Arkadzyeu. Baineann Vlate Logistik LLC tairbhe as an gcóras trí stádas “oibreora eacnamaíoch údaraithe” a bheith aige, rud a cheadaíonn díolúintí cánach suntasacha agus a eisíonn údaráis stáit.	16.12.2024

▼M44

41.	Central Election Commission of the Republic of Belarus (CEC)	Цэнтральная выбарчая камісія Рэспублікі Беларусь Центральная избирательная комиссия Республики Беларусь	Seoladh: 11 Sovyetska Str., Minsk, 220010, Poblacht na Bealarúise Dáta bunaithe: 1989	Tá Central Election Commission (CEC) Phoblacht na Bealarúise freagrach as toghcháin daonlathacha a eagrú sa Bhealarúis. Ní raibh toghchán uachtaránachta 2025 sa Bhealarúis saor ná cothrom, de réir tuarascálacha iomadúla ó bhreathnóirí idirnáisiúnta agus eagraíochtaí idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, tá CEC freagrach as an mbonn a bhaint, ar bhealach tromchúiseach, den daonlathas sa Bhealarúis.	27.3.2025
42.	JSC “INTEGRAL” - the management company of the holding “INTEGRAL”	ААТ “Інтэграл” – кіруючая кампанія холдынгу “Інтэграл”	Seoladh: Kazintsa I.P., 121A, room 327, Minsk, 220108, Poblacht na BealarúiseÁit chláraithe: Mionsc, an Bhealarúis Dáta clárúcháin: 1.8.2013 Cláruimhir: 100386629	Is monaróir leathsheoltóirí, ciorcad comhtháite agus earraí ardteicneolaíochta eile faoi úinéireacht stát na Bealarúise é JSC Integral agus tá tábhacht ar leith aige do gheilleagar na Bealarúise agus d’earnáil na cosanta. Tá JSC Integral lonnaithe i gCrios Eacnamaíoch Saor Mhionsc, a bhunaigh Rialtas na Bealarúise.	27.3.2025

▼M44

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
		ОАО “Интеграл” - управляющая компания холдинга “Интеграл”		Bíonn buntáistí airgeadais éagsúla ag eintitis atá bunaithe i gCrios Eacnamaíoch Saor Mhionsc. Dá bhrí sin, tá JSC Integral ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka. Ina theannta sin, tá JSC Integral ag tacú le réimeas Lukashenka trína chuid oibre a dhíriú ar tháirgeadh earraí micrileictreonacha atá ríthábhachtach don tionscal cosanta.	
43.	Fiontar aonadach poblachtach, Belorusskiye Loterei	Беларускія Латарэі Белорусские Лотереи	Dáta clárúcháin: 1.9.1999 Áit chláraithe: an Bhealarúis Seoladh: Budzyonnaha 10, Minsk, an Bhealarúis Uimhir ghutháin:+375173292103 Seoladh ríomhphoist: info@belloto.by Cláruimhir: 190000087	Tá an fiontar aonadach poblachtach, Belorusskiye Loterei, ina chuideachta Bealarúiseach faoi úinéireacht PPMD; is comhlacht rialtais de chuid na Bealarúise í an stiúrthóireacht atá go díreach faoi réir Aliaksandr Lukashenka. Tá sé de cheart eisiach ag an stát crannchuir a reáchtáil sa Bhealarúis. Tá Belorusskiye Loterei ar cheann den dá chomhlacht rialtais a bhfuil sé de cheart acu crannchuir a reáchtáil sa Bhealarúis. Reáchtálann sé 17 gcinn as 25 chinn de na crannchuir sa Bhealarúis. Casaíne ar líne is ea Belbet, ar a ndéanann Belorusskiye Loterei bainistiú agus a ghineann 99,8 % dá ioncam. Faoi dhlíthe de chuid na Bealarúise, aicmítear Belbet mar chrannchur ar líne, cé go bhfeidhmíonn sé *de facto* mar a bheadh chasaíne ar líne ann, rud a chruthaíonn dálaí fabhracha dá chuid oibre. Is é Ridotto LLC a d’fhorbair an casaíne ar líne agus a bhíonn á bhainistiú, cuideachta a d’eascair as atheagrú Synesis LLC, ainmnithe ag an Aontas an 17 Nollaig 2020 mar gheall ar a bheith ag baint tairbhe as a bheith comhlachaithe agus ag tacú le réimeas Lukashenka, agus is é Alexander Shatrov atá ina chomhúinéir uirthi, ar duine é atá ainmnithe ag an Aontas ó bhí an 21 Meitheamh 2021 ann as tairbhe a bhaint as réimeas Lukashenka agus as tacú leis an réimeas sin.	27.3.2025

▼M44

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
				Tá Belorusskiye Loterei faoi réir PPMD atá faoi stiúir Aliaksandr Lukashenka. Baineann sé tairbhe as réimeas Lukashenka freisin trí bheith ag feidhmiú faoi dhálaí fabhracha agus tacaíonn sé leis trí ioncam a ghiniúint ó chearrbhachas. Ina theannta sin tá Belorusskiye Loterei comhlachaithe le Alexander Shatrov.	
44.	Ridotto LLC	ТАА “Рыдота” ООО “Ридотто”	Dáta clárúcháin: 13.2.2020 Áit chláraithe: Mionsc, an Bhealarúis Seoladh: Platonava 20b, Minsk, an Bhealarúis Uimhir ghutháin: + 375 17 240-36-50 Seoladh ríomhphoist: info@ridotto.by Cláruimhir: 193384228	Cuideachta TF Bealarúiseach is ea Ridotto LLC agus tá saineolas aici ar fheidhmchláir chearrbhachais ar líne a fhorbairt. Tá 49,99 % de scaireanna Ridotto LLC faoi úinéireacht Alexander Shatrov, atá faoi réir smachtbhannaí an Aontais ón 21 Meitheamh 2021 as tairbhe a bhaint as réimeas Lukashenka agus as tacú leis an réimeas sin. D’fhorbair Ridotto LLC an casaíne ar líne Belbet agus déanann sé bainistiú air faoi láthair ar son an fhiontair aonadaigh phoblachtaigh, Belorusskiye Loterei, atá faoi úinéireacht an stáit agus atá ina fochuideachta de PPMD. Tá Belorusskiye Loterei ina fhoinse shuntasach ioncaim do PPMD, a thuairiscíonn go díreach do Aliaksandr Lukashenka. Ag eascairt as an méid sin tá baint ag Ridotto LLC le Alexander Shatrov, le PPMD agus leis an bhfiontar aonadach poblachtach, Belorusskiye Loterei. Tá Ridotto LLC, sa bhreis air sin, ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka nó ag tacú leis an réimeas sin.	27.3.2025
45.	OJSC Planar	ААТ “Планар” КБТЭМ ПЛАНАР	Seoladh: Partizansky Ave., 2, building 2-31, Minsk, an Bhealarúis Teil.: + 375 17 297 37 09 Seoladh ríomhphoist: office@kbtem-omo.by Suíomh gréasáin: planar.by	Is fiontar stáit é OJSC Planar agus is speisialtóir i bhforbairt agus i soláthar comhpháirteanna i réimse na micrileictreonaice é, ar comhpháirteanna iad a úsáidtear i dtáirgeadh crua-earra míleata, cuir i gcás aerárthaigh gan foireann. Is cuid de bhraisle fiontair stát-riartha é a ndéanann an Chomhairle um Tionscadail Straitéiseacha maoirseacht air, atá faoi mhaoirseacht Uachtarán na Bealarúise. Rannchuidíonn OJSC Planar leis an gcomhar teicneolaíoch agus míleata idir an Bhealarúis agus an Rúis.	27.3.2025

▼M44

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
			Cláruimhir: 100104937 Dáta clárúcháin: 15.3.1992	Dá bhrí sin, tá OJSC Planar ina chuid de choimpléasc tionsclaíoch míleata na Bealarúise.	
46.	Precise Electro-Mechanics Plant	РВУП “Завод дакладнай электрамеханікі” РПУП “Завод точной электромеханики”	Seoladh: ul. Kulman 2, Minsk, 220013 an Bhealarúis Cláruimhir: 690653077 Dáta clárúcháin: 27.5.2009	Is fiontar de chuid stát na Bealarúise é Precise Electro Mechanics; is speisialtóir é in earraí míleata a fhorbairt agus a tháirgeadh agus tá sé faoi réir Coiste Míleata Tionsclaíoch Stáit Phoblacht na Bealarúise. Sa cháil sin, táirgeann Precise Electro-Mechanics Plant crua-earraí míleata a úsáideann fórsaí armtha na Bealarúise, go háirithe diúracáin bhalaistíocha, agus soláthraíonn sé ioncam do Stát na Bealarúise. Ar an gcaoi sin, is duine dlítheanach é Precise Electro-Mechanics Plant a thacaíonn le réimeas Lukashenka.	27.3.2025
47.	Tsybulka Bel Zybulka Bel	ТАА “ЦЫБУЛЬКА-БЕЛ” ООО “ЦЫБУЛЬКА-БЕЛ”	Seoladh: st. Centralnaya, 4, ag. Gudy, Krupovsky village council, Lida district, Grodno region, an Bhealarúis Cláruimhir: 592000217 Dáta clárúcháin: 1.10.2020 Teil.: +375 292 85-31-33	Is agrai-chuideachta Bhealarúiseach é Tsybulka-Bel LLC atá lonnaithe sa cheantar Lida agus atá faoi úinéireacht an náisiúnaigh Ghearmánaigh Jörg Dornau. D’oibrigh lucht bainistíochta Tsybulka-Bel in éineacht le húdaráis stáit na Bealarúise chun príosúnaigh a sheoladh — lena n-áirítear go háirithe príosúnaigh pholaitiúla na Bealarúise — le bheith ina n-oibrithe éigeantais ag Tsybulka-Bel le haghaidh obair allamuigh faoi dhálaí mídhaonna, lena n-áirítear bia agus uisce a choinneáil siar le linn sealanna oibre an-fhada, cosaint go hiomlán neamhleor ar dhálaí adhaimsire agus pionós treallach i gcoinne príosúnach a iarrann díolúintí de bharr tinnis. Ar an gcaoi sin, is eintiteas é Tsybulka-Bel LLC atá freagrach as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine agus as an bhfreasúra daonlathach a chur faoi chois sa Bhealarúis.	27.3.2025

▼M44

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
▼M45					
48.	State-owned Foreign Trade Unitary Enterprise Belvneshpromservice	Дзяржаўнае знешнегандлёвае ўнітарнае прадпрыемства Белзнешпрамсэрвіс Государственное внешнеторговое унитарное предприятие Белвнешпромсервис	Seoladh: 2 Kazinets Str., Mionsc, 220099, An Bhealarúis Dáta clárúcháin: 14.7.1992 Uimhir Aitheantais Chánach: 100128724 Teileafón: + 375 17 272 07 08 Facs: + 375 17 260 18 87 Rphost: reception@bvpservice.com Suíomh gréasán: https://www.bvpservice.by/ Daoine aonair comhlachaithe: Ard-Stiúrthóir Aleksandr Yakovlevich Anischenko	Bunaíodh State-owned Foreign Trade Unitary Enterprise Belvneshpromservice chun táirgí cosanta na Bealarúise a chur chun cinn i margaí eachtracha. Déanann sé speisialtóireacht in onnmhairiú táirgí ardteicneolaíochta chun críoch míleata agus tá sé de cheart aige earraí míleata a uasghrádú, a dheisiú agus a sholáthar d'Aerchosaint, Aerfhórsa agus Fórsaí Talún na Bealarúise. Dá bhrí sin, tá an State-owned Foreign Trade Unitary Enterprise Belvneshpromservice ag tacú le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Bealarúise.	19.7.2025
49.	OKB TSP Scientific Production Limited Liability Company	Науково-виробниче товариство з обмеженою відповідальністю “ОКБ ТСП” Научно-производственное общество с ограниченной ответственностью “ОКБ ТСП”	Seoladh: Frantsiska Skoriny Street, building 1, unit 21, 220076 Mionsc, an Bhealarúis Dáta clárúcháin: 8.7.2002 Uimhir Aitheantais Chánach: 190369982 Teileafón: + 375 17 311 05 69 Rphost: tsp@tspbel.com Suíomh gréasán: https://sdc.okbtsp.com	Is cuideachta cosanta é OKB TSP Scientific Production Limited Liability Company a bhfuil baint aici le forbairt, táirgeadh agus dearadh arm. Tá ceadúnais mhonaraíochta agus trádála eachtraí aige arna n-eisiúint ag an Údarás Stáit um Thionscal Míleata Phoblacht na Bealarúise. Táirgeann sé trealamh ar nós feithiclí míleata agus córais frith-aerárthaí. Dá bhrí sin, is eintiteas é OKB TSP Scientific Production Limited Liability Company ar chuid de choimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Bealarúise é.	19.7.2025

▼M45

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
50.	KB Unmanned Helicopters (UAVHeli)	КБ Беспілотныя Верталёты ООО КБ Беспилотныйе вертолеты	Seoladh: d. 47, korp. 14 ul. Yanki Mavra Mionsc, 220015 an Bhealarúis Dáta clárúcháin: 27.4.2017 Uimhir chlárúcháin: 192807396	Is cuideachta Bhealarúiseach é KB Unmanned Helicopters (UAVHeli) a tháirgeann aerárthaí agus trealamh aerárthaí. Táirgeann an chuideachta héileacaptair gan foireann atá feistithe agus deartha go sonrach lena n-úsáid i gcomhthéacs míleata. Dá bhrí sin, is eintiteas é KB Unmanned Helicopters ar chuid de choimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Bealarúise é, lena n-áirítear trí bheith rannpháirteach i bhforbairt agus i dtáirgeadh teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.	19.7.2025
51.	Legmash Plant OJSC ar a dtugtar freisin ZAVOD SHVEINKH MASHIN OAO ar a dtugtar freisin OTKRYTOE AKTSIONERNOE Obschestvo BELORUSSKIY METALLURGICHESKIY ZAVOD ar a dtugtar freisin OTKRYTOE AKTSIONERNOE OBSCHESTVO ZAVOD LEGMASH	Адкрытае акцыянернае таварыства Завод “Легмаш”	Seoladh: Vostochny Lane, 17, Orsha, 211390, an Bhéalarúis Dáta clárúcháin: 6.5.1994 Uimhir chlárúcháin: 300228934 Teileafón: +375 216 42 00 91 Suíomh gréasán: https://legmash.by/ Rphost: legmash@vitebsk.by	Is gléasra Bealarúiseach é Legmash Plant OJSC a tháirgeann sliogáin 152-mm agus 122-mm le haghaidh airtléire canónach (lena n-áirítear howitzers D-30, D-20, Msta-B, Giatsint-B, agus na modhnuithe féinghluaiste díobh). Monaraíonn an tsaoráid freisin roicéid 122 mm neamhthreoraithe den líne 9M22U-1 don il-lainseálaí roicéad 9K51 Grad MLRS. Dá bhrí sin, is eintiteas é Legmash Plant OJSC ar chuid de choimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Bealarúise é. Faigheann Legmash Plant OJSC sochair chánach fhorleathana, arna rialú ag reachtaíocht uachtaránachta agus ag Rialtas na Bealarúise. Dá bhrí sin, tá Legmash Plant OJSC ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka freisin.	19.7.2025
52.	Research and Production Unitary Enterprise “Scientific and Technical Center “LEMT” BelOMO” ar a dtugtar freisin UP NTTS LEMT BELOMO	Науково-виробниче унітарне підприємство “Науково-технічний центр “ЛЕМТ” БєлОМО”	Seoladh: D. 23, korp. 1, Nezhiloe pomeshchenie, Makaenka street, Mionsc, 220114, an Bhealarúis An cineál eintitis: Fiontar faoi Úinéireacht an Stáit Áit chlárúcháin: an Bhealarúis Dáta clárúcháin: 26.5.1992 Uimhir chlárúcháin: 100230590	Tá Scientific and Technical Center “LEMT” na Bealarúise faoi úinéireacht an fhiontair stáit BelOMO. Monaraíonn LEMT treoracha agus córais optúla le haghaidh gnáth-arm, raonaimsitheoirí léasair, módúil tomhaiste faid atá bunaithe ar léasair dé-óide, agus córais rialaithe lámhaigh léasair. Úsáidtear treoracha LEMT i raidhfilí uathoibríocha AK-12 arna dtáirgeadh ag Kalashnikov na Rúise. Dá bhrí sin, is cuid é LEMT de choimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Bealarúise, lena n-áirítear trí bheith rannpháirteach i bhforbairt agus i dtáirgeadh teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.	19.7.2025

▼M45

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
53.	Laser Devices and Technologies ar a dtugtar freisin Laser Devices and Technologies Limited Liability Company	Общество с ограниченной ответственностью “Лазерные приборы и технологии” Таварыства з абмежаванай адказнасцю “Лазерныя прыборы і тэхналогіі”	Seoladh: Tsentralnaya Street, House 2, Room 116, Demidovichsky Village Council, Yutski Village, Dzerzhinsky District, Minsk Region, an Bhealarúis An cineál eintitis: Cuideachta faoi Dhliteanas Teoranta Áit chlárúcháin: an Bhealarúis Dáta clárúcháin: 10.2.2017 Uimhir chlárúcháin: 691827047 Príomhionad gnó: Mionsc, an Bhealarúis	Is cuideachta Bhealarúiseach é LLC Laser Devices and Technologies, ar a dtugtaí LLC Laboratory of Additive Technologies tráth, arb iad gaiscéid an speisialtóireacht atá aige. Soláthraíonn sé comhpháirteanna d’úsáideoirí deiridh míleata, cuir i gcás Peleng agus Uralvagonzavod. Soláthraíonn an chuideachta páirteanna freisin chun treoracha lánléargais (PKP) a tháirgeadh do thancanna T-72 agus T-90 na Rúise. Dá bhrí sin, soláthraíonn LLC Laser Devices and Technologies comhpháirteanna d’earnálacha míleata agus tionsclaíocha na Bealarúise, agus tacaíonn sé ar an gcaoi sin le dul chun cinn míleata agus teicneolaíoch na tíre, chomh maith le forbairt a cumas cosanta agus slándála.	19.7.2025
54.	JSC Vistan ar a dtugtar freisin Open Joint Stock Company “VISTAN”	Адкрытае акцыянернае таварыства “ВІСТАН” Открытое акционерное общество “ВИСТАН”	Seoladh: Dimitrova street, 36/7, 210627, Vitebsk, an Bhealarúis An cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Oscailte Áit chlárúcháin: Vitebsk, an Bhealarúis Dáta clárúcháin: 1.2.1994 Uimhir chlárúcháin: 300029332 Príomhionad gnó: an Bhealarúis Suíomh gréasáin: https://vistan.ru/index.html Ríomhphost: comintern@tut.by info@vistan.ru	Is monaróir Bealarúiseach meaisín-uirlisí é JSC Vistan; ar na meaisín-uirlisí a mhonaraíonn sé, tá lárphointí meaisínithe RRU, líomhadóirí sorcóireacha, meaisíní líofa gan lár, trealamh próiseála giaranna, agus deileanna. Is teicneolaíochtaí dé-úsáide iad sin a úsáidtear chun earraí míleata a tháirgeadh. Onnmhairíonn JSC Vistan os cionn 60 % dá tháirgí chuig an Rúis agus soláthraíonn sé meaisín-uirlisí d’fhiontair Rúiseacha a bhaineann le cosaint, lena n-áirítear JSC “Krasny Oktyabr”. Is cuid de chlár ionadaithe allmhairí idir an Bhealarúis agus an Rúis í an chuideachta agus tá cistiú dar luach US$15 000 000 á fháil aici, le tacaíocht airgeadais stáit na Rúise, chun an táirgeadh meaisíní próiseála giaranna a leathnú. Ina theannta sin, fuair JSC Vistan cistiú ó rialtas na Rúise chun tionscadail eitlíochta straitéiseacha a fhorbairt, rud a léiríonn a mhéid a rannchuidíonn sé le coimpléasc míleata-tionsclaíoch na Rúise. Dá bhrí sin, is cuid de choimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Bealarúise é JSC Vistan agus rannchuidíonn sé le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Bealarúise, agus le forbairt a hearnála cosanta agus slándála.	19.7.2025

▼M45

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
55.	Rukhservomotor LLC ar a dtugtar freisin OOO Ruchservomotor ar a dtugtar freisin TAA Ruchservamator ar a dtugtar freisin OOO Rukhservomotor ar a dtugtar freisin Limited Liability Company “Rukhservo-motor”	ТАА Рухсерваматор ООО Рухсервомотор	Seoladh: 5 Montazhnikov Street, 220019, Mionsc, an Bhealarúis An cineál eintitis: Cuideachta faoi Dhliteanas Teoranta Áit chlárúcháin: an Bhealarúis Dáta clárúcháin: 24.2.2000 Uimhir chlárúcháin: 800002497 Príomhionad gnó: Mionsc, an Bhealarúis Suíomh gréasáin: https://eng.e-motors.tech/, https://lasercut.by/ Teileafón: + 375 17 390 54 47 +375 17 390 30 76 Facs: + 375 17 390 54 48 Ríomhphost: info@e-motors.tech	Is cuideachta Bhealarúiseach é Rukhservomotor LLC a dhíríonn ar chórais bheacht-chomhordanáidithe a fhorbairt agus a mhonarú. Soláthraíonn sé earraí a bhfuil úsáid deiridh mhíleata leo do chuideachtaí ar úsáideoirí deiridh míleata iad. Tá an chuideachta rannpháirteach freisin i dtáirgeadh treoracha lánléargais (PKP) do thancanna T-72 agus T-90 na Rúise. Dá bhrí sin, is cuid de choimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Bealarúise é Rukhservomotor LLC agus rannchuidíonn sé le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Bealarúise, agus le forbairt a hearnála cosanta agus slándála.	19.7.2025

▼M47

56.	JSC Holography Industry ZAT Galagrafichnaya Industryya ZAO Golograficheskaya Industriya	Закрытае акцыянернае таварыства “ГАЛАГРАФІЧНАЯ ІНДУСТРЫЯ” Закрытое акционерное общество “ГОЛОГРАФИЧЕСКАЯ ИНДУСТРИЯ”	Seoladh: Kalinina 12, Mionsc, an Bhealarúis Uimhir chlárúcháin: 101482057 Dáta clárúcháin: 7.5.1998 Teileafón: +375 266 01 31, +375 266 34 17 Ríomhphost: info@holography.by Suíomh gréasáin: www.holography.by	Is é JSC Holography Industry an táirgeoir is mó de holagraim chosanta agus criostalghraim sa Bhealarúis. Faoi reachtaíocht na Bealarúise, cuirtear greamáin chosanta holagrafacha ar stampaí máil, lena n-áirítear stampaí máil ar dheochanna alcólacha, ar raon leathan earraí tomhaltais, ar chláir airgid agus ar mheaisíní sliotáin. Leis sin bíonn éileamh mór ar tháirgí JSC Holography Industry.	23.10.2025

▼M47

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
				Tá dlúthchaidreamh oibre ag JSC Holography Industry le heintitis stáit, ar scairshealbhóirí iad cuid acu. Is ann don dlúthchaidreamh sin de bharr gur bhronn iar-chomhpháirtí gnó bunaidh na cuideachta scaireanna ar an stát. I gcomaoin air sin, rinne an stát orduithe leis an gcuideachta. Dá bhrí sin, tá JSC Holography Industry ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka.	
57.	ICT Horizont ar a dtugtar freisin Research Unitary Enterprise “INSTITUTE OF DIGITAL TELEVISION HORIZONT” ar a dtugtar freisin DIGITAL TELEVISION INSTITUTE HORIZONT ar a dtugtar freisin UE “Institute of Digital Television Horizon” ar a dtugtar freisin Chelyabinsk Institute of Digital television “Horizont”	Навукова-даследчае ўнітарнае прадпрыемства “ІНСТЫТУТ ЛІЧБАВАГА ТЭЛЕБАЧАННЯ ГАРЫЗОНТ” ar a dtugtar freisin Унітарнае прадпрыемства “ІЛТ ГАРЫЗОНТ” Унитарное предприятие “ИЦТ ГОРИЗОНТ” ar a dtugtar freisin Научно-исследовательское унитарное предприятие “ИНСТИТУТ ЦИФРОВОГО ТЕЛЕВИДЕНИЯ ГОРИЗОНТ”	Seoladh: Kuibysheva 35-1, Mionsc, 220029, an Bhealarúis An cineál eintitis: cuideachta faoi úinéireacht stáit Uimhir chlárúcháin: 100085149 OKPO: 37406850 Dáta clárúcháin: 26.11.1991 Áit chlárúcháin: an Bhealarúis Teileafón: 8 740 740 91 00, +375 740 740 91 00 Facs: +375 17 288 11 82 Ríomhphost: office@horizont-rnd.by, ict@dtv.horizont.by Suíomh gréasáin: https://h-rnd.by/	Is cuideachta Bhealarúiseach é ICT Horizont, agus tá sé ar cheann de na hionaid ardteicneolaíochta is nua-aimseartha sa tír. Tá ICT Horizont ar cheann de na heintitis atá ar thús cadhnaíochta ó thaobh fhorbairt agus tháirgeadh leictreonaice speisialta i bPoblacht na Bealarúise. Forbraíonn agus táirgeann an chuideachta earraí speisialta agus earraí dé-úsáide, mar shampla gléasanna físamhairc le haghaidh feithiclí armúrtha. Oibríonn ICT Horizont i gcomhar le hAireacht Cosanta Phoblacht na Bealarúise chun trealamh raoin a chruthú agus a nuachóiriú, i gcomhréir le ceanglais na bhFórsaí Armtha. Ina theannta sin, glacann ICT Horizont páirt sa chlár eolaíoch-teicniúil “Intelavto”, clár darb aidhm comhpháirteanna agus córais ardteicneolaíochta dhigiteacha agus leictreonacha a chruthú le haghaidh feithiclí iompair speisialta agus dé-úsáide. D’fhormheas Comhairle Airí Phoblacht na Bealarúise an clár. Dá bhrí sin, is cuid de choimpléasc míleata-tionsclaíoch na Bealarúise é ICT Horizont trí bheith rannpháirteach i bhforbairt teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.	23.10.2025

▼M47

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
58.	Horizont Holding ar a dtugtar freisin Horizon Holding ar a dtugtar freisin OJSC N Holding ar a dtugtar freisin The Horizon Group of Companies	Холдынга “Гарызонт” Холдинг “Горизонт” ar a dtugtar freisin ОАО “Н Холдинг” ar a dtugtar freisin Группа компаний “Горизонт”	Seoladh: S. Kovalevskaya Lane, 62, room 16, 220014, Mionsc, an Bhealarúis An cineál eintitis: cuideachta sealbhaíochta Uimhir chlárúcháin: 101050240 Dáta clárúcháin: 2010 Áit chlárúcháin: an Bhealarúis Príomhionad gnó: Mionsc, an Bhealarúis Teileafón: +375 (17) 226 36 01 Facs: +375 (17) 303 76 07 Ríomhphost: info@h-tv.by Suíomh gréasáin: https://h-tv.by/, https://h-holding.by/ Eintitis chomhlachaithe: ICT Horizont Daoine aonair comhlachaithe: Yuri Ivanovich Predko	Is cuideachta sealbhaíochta Bhealarúiseach é Horizont Holding. Tá Horizont Holding ar cheann de na gabháltais éagsúlaithe is mó agus is forbartha go dinimiciúil i bPoblacht na Bealarúise, agus gabhann raon leathan réimsí gnó leis. Rinneadh cur síos air mar cheann de thionscnaimh shuaitheanta de chuid thionscal Mhionsc. Tá tionscadail Horizont Holding á gcur chun feidhme de réir threoracha Aliaksandr Lukashenka. Is cuid de Horizont Holding é ICT Horizont. Tá ICT Horizont ar cheann de na heintitis atá ar thús cadhnaíochta ó thaobh fhorbairt agus tháirgeadh leictreonaice speisialta i bPoblacht na Bealarúise. Forbraíonn agus táirgeann an chuideachta earraí speisialta agus earraí dé-úsáide, mar shampla gléasanna físamhairc le haghaidh feithiclí armúrtha. Oibríonn ICT Horizont i gcomhar le hAireacht Cosanta Phoblacht na Bealarúise chun samhlacha trealaimh raoin a chruthú agus a nuachóiriú i gcomhréir leis na ceanglais a bhaineann le hoiliúint a chur ar fhoirmíochtaí agus ar aonaid mhíleata de chuid na bhFórsaí Armtha. Ina theannta sin, glacann ICT Horizont páirt i gclár eolaíoch-teicniúil “Intelavto” Stát Aontais na Rúise agus na Bealarúise, clár darb aidhm comhpháirteanna agus córais ardteicneolaíochta dhigiteacha agus leictreonacha a chruthú le haghaidh feithiclí iompair speisialta agus dé-úsáide. D’fhormheas Comhairle Airí Phoblacht na Bealarúise an clár. Tacaíonn Horizont Holding, dá bhrí sin, le réimeas Lukashenka. Thairis sin, tá baint aige le ICT Horizont, ar cuid de choimpléasc míleata-tionsclaíoch na Bealarúise é, lena n-áirítear trí bheith rannpháirteach i bhforbairt teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.	23.10.2025

▼M27

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
▼M51					
59.	Volat-Sanjiang Joint Limited Liability Company	Совместное общество с ограниченной ответственностью “Волат-Санцзян”	Seoladh: 220070 Poblacht na Bealarúise, Mionsc, Budennogo str. Budennogo, 1A/7, office 20 An cineál eintitis: Comhfhiontar Cláruimhir: 191299395 Dáta clárúcháin: 24.3.2010	Is comhfhiontar Bealarúiseach arna chomhchruthú ag Minsk Wheel Tractor Plant é Volat-Sanjiang Joint Venture Limited Liability Company. Táirgeann sé fonnadh rothach le haghaidh trealamh míleata, lena n-áirítear córais ilteilgin roicéad arna monarú ag Minsk Wheel Tractor Plant. Dá bhrí sin, tá Volat-Sanjiang Joint Venture Limited Liability Company mar chuid de choimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Bealarúise agus tacaíonn sé leis trí bheith rannpháirteach i bhforbairt, táirgeadh agus soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.	23.4.2026
60.	CJSC Belarusian Oil Company (BelOil) (BNK)	ЗАО Белорусская нефтяная компания (БНК)	Seoladh: 4A-305, Leshchinsky Street, 220140, Mionsc, Poblacht na Bealarúise An cineál eintitis: Cuideachta comhstoic dúnta Láthair an chláraithe: Poblacht na Bealarúise Dáta clárúcháin: 17.5.2007 Cláruimhir: 190832326 Príomhionad gnó: Poblacht na Bealarúise Eintitis chomhlachaithe: State Production Association “Belorusneft”; Open Joint Stock Company “Naftan”	Is é Belarusian Oil Company (BNK) príomhonnmhaireoir peitriliam na Bealarúise agus tá sé faoi úinéireacht roinnt de na fiontair táirgthe agus scagtha ola is mó i bPoblacht na Bealarúise, lena n-áirítear Belorusneft agus Naftan. Trína struchtúr úinéireachta, tá BNK faoi rialú Rialtas na Bealarúise. Comhaontaíonn Aliaksandr Lukashenka ceapachán a Ard-Stiúrthóra, agus ainmníonn sé freisin an treo inar cheart an chuideachta a stiúradh. Dá bhrí sin, tá baint ag BNK le heintitis a thacaíonn le réimeas Lukashenka agus tá sé faoi úinéireacht agus faoi rialú eintiteas atá freagrach as cos ar bolg a imirt ar shochaí shibhialta na Bealarúise agus a thacaíonn le réimeas Lukashenka.	23.4.2026

▼M51

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
61.	China Space Sanjiang Group	Sínis: 中国航天三江集团有限公司	Seoladh: No. 9 Jinshan Avenue, Dongxihu District, Wuhan City, Hubei Province, an tSín	Is é China Space Sanjiang Group comhchruthaitheoir Volat-Sanjiang Joint Venture Limited Liability Company, agus tá sé ar cheann den dá phríomh-chomhpháirtí sa chomhfhiontar sin. Táirgeann Volat-Sanjiang Joint Venture Limited Liability Company fonnadh rothach le haghaidh trealamh míleata, lena n-áirítear córais ilteilgin roicéad arna monarú ag Minsk Wheel Tractor Plant. Dá bhrí sin, tacaíonn China Space Sanjiang Group le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Bealarúise trí bheith rannpháirteach i bhforbairt agus i dtáirgeadh teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.	23.4.2026

▼M46

IARSCRÍBHINN II

LIOSTA NA nDAOINE DLÍTHEANACHA, NA nEINTITEAS NÓ NA gCOMHLACHTAÍ DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAIL 2c(7), 2d(7) AGUS 2da

▼M22

Belarus Ministry of Defence

140 Repair Plant JSC

558 Aircraft Repair Plant JSC

2566 Radioelectronic Armament Repair Plant JSC

AGAT - Control Systems - Managing Company of Geoinformation Control Systems Holding JSC

AGAT - Electromechanical Plant OJSC

AGAT - SYSTEM

ATE - Engineering LLC

BelOMO Holding

Belspetsvneshtechnika SFTUE

Beltechexport CJSC

BSVT - New Technologies

Department of Internal Affairs of the Gomel Region Executive Committee

Internal Troops of the Ministry of Internal Affairs of the Republic of Belarus

KGB Alpha

Kidma Tech OJSC

Minotor-Service

Minsk Wheeled Tractor Plant

Oboronnye Initsiativy LLC

OJS KB Radar Managing Company

Peleng JSC

State Authority for Military Industry of the Republic of Belarus

State Security Committee of the Republic of Belarus

Transaviaexport Airlines JSC

Volatavto OJSC

▼M45

Legmash Plant OJSC

▼**M26**

IARSCRÍBHINN III

LIOSTA NA MÓRINSTITIÚIDÍ CREIDMHEASA DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 2h AGUS AIRTEAGAL 2i

Development Bank of the Republic of Belarus

Belarusbank

Belinvestbank (Belarusian Bank for Development and Reconstruction)

Belagoprombank

Bank Dabrabyt

▼**M10**

_____

▼**M28**

IARSCRÍBHINN IV

LIOSTA NA DTÍORTHA COMHPHÁIRTÍOCHTA DÁ DTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 2c(9)

▼M52

IARSCRÍBHINN IVa

Liosta na dtíortha dá dtagraítear in airteagail 2n, 2u agus 5d

▼M39

AN IORUA

AN EILVÉIS

STÁIT AONTAITHE MHEIRICEÁ

AN tSEAPÁIN

AN RÍOCHT AONTAITHE

AN CHÓIRÉ THEAS

AN ASTRÁIL

CEANADA

AN NUA-SHÉALAINN

LICHTINSTÉIN

AN ÍOSLAINN

▼**M32**

IARSCRÍBHINN V

LIOSTA NA nDAOINE DLÍTHEANACHA, NA nEINTITEAS NÓ NA gCOMHLACHTAÍ DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 2y

Ainm an duine dhlítheanaigh, an eintitis nó an chomhlachta	Dáta cur i bhfeidhm
Belagroprombank	20 Márta 2022
Bank Dabrabyt	20 Márta 2022
Development Bank of the Republic of Belarus	20 Márta 2022
Belinvestbank (Belarusian Bank for Development and Reconstruction)	14 Meitheamh 2022

▼**M36**

IARSCRÍBHINN VI

Liosta na n-arm tine agus na n-arm eile dá dtagraítear in Airteagal 1a.

Cód AC	Tuairisc
9303	Airm thine eile agus gléasanna comhchosúla a oibríonn trí lánán pléascach a scaoileadh
ex 9304	Airm eile (mar shampla gunnaí agus piostail tuailme, aeir, nó gáis) seachas na cinn atá faoi cheannteideal 9307

▼**M52**

IARSCRÍBHINN VII

Daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2za’

▼**M52**

IARSCRÍBHINN VIII

Liosta na gcripteashócmhainní agus na n-airgeadraí digiteacha bainc ceannais dá dtagraítear in Airteagal 2zb

Cripteashócmhainní nó airgeadraí digiteacha bainc ceannais	Teacht i bhfeidhm
rúbal Digiteach na Bealarúise	25 Bealtaine 2026.